



Comhairle Contae
Ros Comáin
Roscommon
County Council



2019

**Tuarascáil
Bhlíantúil**

2019

Fís Straitéiseach

Freastal ar phobail Ros Comáin le díograis, cúirtéis agus meas iomlán, chun déanamh sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus comhshaoil ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár bpobal tuaithe a athnuachan, tacaíochtaí agus sásraí a sholáthar chun cumhacht a thabhairt dár bpobail chun fás agus lena chinntiú go ndéanfar buiséad na Comhairle a chaitheamh go héifeachtach agus go dtabharfar cuntas air.

Clár na nÁbhar

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach	2
Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Ros Comáin	4
Coistí Beartas Straitéiseach (CBSanna)	5
Pobal agus Fiontraíocht, Oifig Fiontar Áitiúil, Na hEalaíona, Oidhreacht agus Turasóireacht	9
Seirbhísí Corparáideacha	23
Sócmhainní, Gníomhú ar son na hAeráide agus Bainistíocht Fuinnimh	27
Seirbhísí Éigeandála	29
Dreasachtaí agus Rialú Forbartha	32
Cosaint an Chomhshaoil	35
Cúrsaí Airgeadais	39
Tithíocht agus Tógáil	43
Acmhainní Daonna	47
Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide	49
Seirbhísí Leabharlainne	50
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	52
Seirbhísí Uisce	59
Tuarascáil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil	66
Tuarascáil um Plean Corparáideach	68
Aguisín 1: Táscairí Seirbhísí 2019	70
Aguisín 2: Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna na gComhairleoirí 2019	76
Aguisín 3: Coistí na gComhairleoirí 2019	78
Aguisín 4: Torthaí na dToghchán Áitiúil 2019	81
Aguisín 5: Struchtúr na Bainistíochta 2019	84

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

Tugann sé pléisiúr dúinn an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair ina ndéantar achoimre ar shonraí an réimse leathain éachtaí a bhain Comhairle Contae Ros Comáin amach le linn 2019.

Is ábhar mór bróid dúinn é rath na Comhairle i rith na blianta ina riarachán agus ina soláthar seirbhíse cáilíochta, nuálaí agus gairmiúla le linn na blianta dá cliaint agus do na pobail ar a bhfreastalaíonn sí.

I measc an iliomad buaicphointí bhí an méid seo a leanas:

- Ba ionann na leibhéil chaiteachais do Chuntais Ioncaim agus Chaipitil na Comhairle le haghaidh 2019 agus €60.2m agus €40.8m faoi seach.
- Rinneadh €32.6m a leithdháileadh ar bhóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta in 2019.
- Cuireadh os cionn 400 tionscadal ar leith maidir le bóithre réigiúnacha agus áitiúla i gcrích i ngach réimse innealtóireachta faoin *Scéim Oibreacha Bóithre 2019*.
- Dámhaidh an príomhchonradh tógála le haghaidh Thionscadal um Athailíniú Bhóthar an N60 i mí Aibreán 2019.
- Cheannaigh an Chomhairle trí Phaitseálaí Treoluais ar chostas €906,420 ar an iomlán.
- Leithdháileadh €8.8m ar oibriú agus ar chothabháil scéimeanna reatha uisce agus fuíolluisce agus i gcomhair soláthar tionscadal caipitil faoin bPlean Bliantúil Seirbhísí 2019 a comhaontaíodh le hUisce Éireann.
- Cuireadh cuid mhór de leathnú Scéim Uisce Réigiúnach Mhainistir na Búille go dtí an Ghráinseach Mhór i gcrích i mí na Samhna 2019 ar chostas €1,324,227 gan CBL san áireamh.
- Chuir an Chomhairle ceannach fiche a hocht áit chónaithe aonair i gcrích i suíomhanna éagsúla chomh maith le tógáil lándéanta deich n-aonad ag Bóthar an Stáisiúin, Mainistir na Búille agus deich n-aonad ag Cúirt Lios Ruain, Béal na mBuillí faoin *gClár maidir le hÉadail agus Tógáil Tithíochta*
- Glacadh seacht bhforbairt déag faoi chúram in 2019.
- Thairg Comhairle Contae Ros Comáin, mar iarracht úinéireacht fhreagrach madra a chur chun cinn, micrhliseanna saor in aisce i gcomhair 200 madra sa Chontae. Foilsíodh Treoir maidir le hÚinéireacht Fhreagrach Madra ina raibh faisnéis faoin *'Green Dog Walker Initiative'* chomh maith
- D'óstáil an Chomhairle an taispeántas *'100 years of Women in Politics and Public Life, from 1918 to 2018'*, ar feadh tréimhse trí mhí ag tosú i mí Iúil 2019.
- Tionóladh fáiltiú chun fáilte a chur roimh thoscaireacht ina raibh tríocha a haon duine as Chartrettes, an Fhrainc chun comóradh 21 bliain a nasctha le Baile Ros Comáin a cheiliúradh i mí na Bealtaine 2019. Chun an chuairt a cheiliúradh, tugadh 'Rue Chartrette' ar an siúlbealach idir an chearnóg agus an carrchlós úr.
- Thug toscaireacht as Cúige Shanxi sa tSín cuairt ar an gcontae i mí na Nollag 2019 in éineacht leis an Uasal Mark Zhang as Cumann Cairdis na hÉireann agus na Síne i mBaile Átha Cliath

- Leanadh in 2019 le sparánacht bhliantúil spóirt Chomhairle Contae Ros Comáin, a bunaíodh an bhliain roimhe sin in ómós Dermot Early, nach maireann.
- Leithdháileadh €60,000 ar ochtó a seacht tionscadal faoi *Scéim Deontas Pobal agus Taitneamhachtaí* na Comhairle.
- Leithdháileadh €133,301 ar thríocha a naoi tionscadal faoin *Scéim Feabhsúcháin Phobail* 2019
- Leithdháileadh €308,629 ar dheich scoil agus bpobal faoi *Chlár CLÁR 2019*
- Cuireadh oibreacha athchóirithe i gcrích ag Ionad Ealaíon Ros Comáin le hathoscailt oifigiúil an ionaid i mí an Mheithimh 2019.
- Seoladh Branda agus láithreán gréasáin úr visitroscommon.ie Turasóireachta Ros Comáin in 2019.
- Seoladh *Ireland's Hidden Heartlands* i measc mhargadh na gceannaitheoirí idirnáisiúnta ag ócáid *Mheitheal FháilteÉireann in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath i mí Aibreáin 2019*. Rinneadh ionadaíocht d'ocht ngnólacht turasóireachta
- Chontae Ros Comáin ag an ócáid.
- Lean an Oifig Fiontar Áitiúil (OFÁ) de ghníomhú mar *'Ionad Ilfhreastail'* do dhuine ar bith a raibh faisnéis agus tacaíocht á lorg acu maidir le gnólacht a chur ar bhun nó a fhás. 172 gnólacht.



Ba mhaith linn ár bhfíorbhuíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa, leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach; Cathaoirligh agus Comhaltaí de na Coistí Beartas Straitéiseach agus Coistí Ceantar Bardasach; an Fhoireann Bainistíochta agus baill foirne Chomhairle Contae Ros Comáin as a dtiomantas agus as a ndíograis le linn 2019. Ba mhaith linn ár bhfíorbhuíochas a ghabháil chomh maith leis an gcuid mhór eagraíochtaí deonacha agus pobail a mbíonn an Chomhairle ag caidreamh leo as a ndíograis agus a gcomhar leanúnach. Tá an cur chuige comhoibríoch seo an-tábhachtach ar fad lena chur ar chumas na Comhairle a fíis straitéiseach a bhaint amach maidir le *'freastal ar phobail Ros Comáin le díograis, cúirtéis agus meas iomlán, chun déanamh sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus comhshaoil ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár bpobal tuaithe a athnuachan, tacaíochtaí agus sásraí a sholáthar chun cumhacht a thabhairt dár bpobail chun fás agus lena chinntiú go ndéanfar buiséad na Comhairle a chaitheamh go héifeachtach agus go dtabharfar cuntas air.*

Cllr Paschal Fitzmaurice
Cathaoirleach
Comhairle Contae Ros Comáin

Eugene Cummins
Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Contae Ros Comáin

Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Ros Comáin (I ndiaidh mhí na Bealtaine 2019)

Ceantar Bardasach Mhainistir na Búille



An Comhairleoir
Valerie Byrne
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
John Cummins
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Tom Crosby
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
Liam Callaghan
Fine Gael



An Comhairleoir
Michael Mulligan
Sinn Féin



An Comhairleoir
Joe Murphy
Fianna Fáil

Ceantar Bardasach Ros Comáin



An Comhairleoir
Marty McDermott
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
Anthony Waldron
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
Nigel Dineen
Neamhpháirtí




An Comhairleoir
Paschal Fitzmaurice
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Orla Leyden
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Kathleen Shanagher
Neamhpháirtí



Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain



An Comhairleoir
Ivan Connaughton
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Laurence Fallon
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
John Keogh
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Donal Kilduff
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
John Naughten
Fine Gael



An Comhairleoir
Tony Ward
Neamhpháirtí

Roimh Thoghcháin Áitiúla mhí na Bealtaine 2019

Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain

An Comh. Ivan Connaughton		Neamhpháirtí
An Comh. Laurence Fallon		Neamhpháirtí
An Comh. John Keogh		Fianna Fáil
An Comh. John Naughten		Fine Gael
An Comh. Tony Ward		Neamhpháirtí
An Comh. Paddy Kilduff		Fianna Fáil

Ceantar Bardasach Mhainistir na Búille

An Comh. Valerie Byrne		Neamhpháirtí
An Comh. Liam Callaghan		Fine Gael
An Comh. John Cummins		Fianna Fáil
An Comh. Michael Mulligan		Sinn Féin
An Comh. Joe Murphy		Fianna Fáil
An Comh. Rachel Doherty		Fianna Fáil

Ceantar Bardasach Ros Comáin

An Comh. Nigel Dineen		Neamhpháirtí
An Comh. Paschal Fitzmaurice		Fianna Fáil
An Comh. Orla Leyden		Fianna Fáil
An Comh. Kathleen Shanagher		Neamhpháirtí
An Comh. Domnick Connolly		Neamhpháirtí
An Comh. Michael Creaton		Fine Gael

Coistí Beartas Straitéiseach (CBSanna)

Coistí Beartas Straitéiseach - Roimh mhí na Bealtaine 2019

CBS maidir le Tacaíocht Forbartha Eacnamaíche agus Fiontraíochta (lena n-áirítear Bóithre agus Cultúr)

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir Nigel Dineen
- › An Comhairleoir Valerie Byrne
- › An Comhairleoir Michael Creaton
- › An Comhairleoir Joe Murphy
- › An Comhairleoir Liam Callaghan
- › An Comhairleoir John Keogh
- › An Comhairleoir Domnick Connolly
- › An Comhairleoir Orla Leyden
- › An Comhairleoir Kathleen Shanagher

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal Brendan Allen, *Gnó / Tráchtáil*
- › Mary Clifford, Uasal, *Pobal/Deonach*
- › *Rebecca Dobson, Uasal, Comhshaol/Caomhnú*
- › An tUasal Mark McGovern, *Forbairt/Tógáil*
- › An tUasal Jimmy Murray, *Talmhaíocht/Feirmeoireacht*

Tionóladh cruinniú amháin de chuid an CBS seo ar an 13 Feabhra 2019. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › Foirgneamh an Ionaí Ealaíon agus Dul chun Cinn Oibreacha Tógála
- › Gníomhaíochtaí Turasóireachta lena n-áirítear Feachtas 'Ireland's Hidden Heartlands'
- › Athbhreithniú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta Pobail
- › Imeachtaí agus Pleananna Oifigí Fiontar Áitiúil g Straitéisí maidir le Brexit chun Cuidiú le Gnó

CBS Tithíochta agus Corparáideach

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir John Cummins (Cathaoirleach)
- › An Comhairleoir John Keogh
- › An Comhairleoir Ivan Connaughton
- › An Comhairleoir Laurence Fallon
- › An Comhairleoir Nigel Dineen
- › An Comhairleoir Rachel Doherty
- › An Comhairleoir Liam Callaghan
- › An Comhairleoir Joe Murphy
- › An Comhairleoir Tony Ward

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal Sean Flanagan, *Forbairt/Tógáil*
- › Maria Harris, Uasal, *Cuimsiú Sóisialta*
- › An tUasal Vincent Moran, *Pobal/Deonach*
- › Margaret Mulligan, Uasal, *Cuimsiú Sóisialta*
- › Folúntas *Ceardchumann*

Tionóladh dhá chruinniú den CBS sin ar an 7 Márta agus ar an 9 Bealtaine 2019. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › Corrrhrádáil
- › Plean maidir le Cóiríocht Taistealaithe
- › Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann
- › Scéim Tosaíochtaí (Tithíocht Inacmhainne)
- › Athbhreithniú Cíosa

Pleanáil CBS

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice (Cathaoirleach)
- › An Comhairleoir Valerie Byrne
- › An Comhairleoir Ivan Connaughton
- › An Comhairleoir John Cummins
- › An Comhairleoir Rachel Doherty
- › An Comhairleoir Paddy Kilduff
- › An Comhairleoir Michael Mulligan
- › An Comhairleoir John Naughten
- › An Comhairleoir Tony Ward

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal Tom Connolly, *Forbairt/Tógáil*
- › An tUasal Tommy Cooney, *Talmhaíocht/Feirmeoireacht*
- › Albert Looby, Uasal, *Gnó /Tráchtáil*

Tionóladh cruinniú amháin de chuid an CBS sin ar an 8 Márta 2019. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh: Update on Planning Circulars

- › Nuashonrú ar Imleabhair Phleanála
- › Athbhreithniú ar an Scéim um Ranníocaíochtaí Forbartha
- › Nuashonrú ar Ghníomhaíocht na dTithe Folmha
- › Aighneachtaí Chomhairle Contae Ros Comáin le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair ar a nDréacht-Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha faoi seach
- › Ceanglais um Pleanáil le haghaidh Cábáin Adhmaid

CBS na Seirbhísí Comhshaoil agus Éigeandála

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir John Naughten (Cathaoirleach)
- › An Comhairleoir Laurence Fallon
- › An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice
- › An Comhairleoir Michael Creaton
- › An Comhairleoir Paddy Kilduff
- › An Comhairleoir Orla Leyden
- › An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- › An Comhairleoir Domnick Connolly
- › An Comhairleoir Michael Mulligan

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal Eoin Browne, *Gnó / Tráchtáil*
- › An tUasal Ger Donoghue, *Pobal/Deonach*
- › An tUasal Michael Ewing, *Comhshaol/Caomhnú*
- › An tUasal Louis Martin, *Talmhaíocht/Feirmeoireacht*
- › An tUasal Anthony McCormack, *Ceardchumann*

Tionóladh cruinniú amháin de chuid an CBS sin ar an 16 Aibreán 2019. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › Saoráid Stórála Ceallraí Bhealach an Doirín
- › Fodhlíthe maidir le Cur i Láthair Dramhaíola
- › Tionscnamh Frithdhumpála 2019
- › Miondealú Costais le haghaidh Láithreáin Fóntas Poiblí
- › Feachtas 'Straws Suck' agus Laghdaigh Dramhaíl Phlaisteach

Coistí Beartas Straitéiseach (CBSanna) - I ndiaidh mhí na Bealtaine 2019

CBS maidir le Tacaíocht Forbartha Eacnamaíche agus Fiontraíochta (lena n-áirítear Turasóireacht, Cultúr agus Leabharlanna)

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir Orla Leyden (Cathaoirleach)
- › An Comhairleoir Ivan Connaughton
- › An Comhairleoir Joe Murphy
- › An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- › An Comhairleoir Valerie Byrne
- › An Comhairleoir John Keogh
- › An Comhairleoir Tom Crosby
- › An Comhairleoir Nigel Dineen
- › An Comhairleoir Liam Callaghan

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal John Mee, *Gnó/Tráchtáil*
- › Susan Gaynor, Uasal, *Pobal/Deonach*
- › An tUasal Liam Murray, *Forbairt/Tógáil*
- › An tUasal Michael Ewing, *Comhshaol*

Tionóladh cruinniú amháin de chuid an CBS sin ar an 10 Nollaig 2019. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › Clár Oibre le haghaidh 2020
- › Plean Uile-Éireann um Pailneoirí
- › Aighneachtaí maidir le hAthbhreithniú ar Bhuanorduithe
- › An Plean Áitiúil Eacnamaíochta Pobail
- › Imeachtaí Oifigí Fiontar Áitiúil Méadracht agus Cruthú Post

CBS um Thithíocht, TFC agus Uisce Tuaithe

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir John Cummins (Cathaoirleach)
- › An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice
- › An Comhairleoir Tony Ward
- › An Comhairleoir John Keogh An Comhairleoir Donal Kilduff
- › An Comhairleoir Marty McDermott An Comhairleoir Liam Callaghan An Comhairleoir Joe Murphy
- › An Comhairleoir Anthony Waldron

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal Alex Connolly, *Forbairt/Tógáil*
- › An tUasal Vincent Moran, *Pobal/Deonach*
- › Monica Mahon, Uasal *Ceardchumann*
- › An tUasal Jim O'Connor, *Talmhaíocht agus Feirmeoireacht*

Tionóladh cruinniú amháin de chuid an CBS sin ar an 9 Nollaig 2019. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › Buanorduithe
- › Oiliúint Ionduchtúcháin do Bhaill Úra
- › Tithíocht
- › TFC
- › Uisce Tuaithe
- › Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine an Réigiúin Thiar 2020-2022

CBS um Pleanáil, Comhshaol, Athrú Aeráide agus Corparáideach

Comhairleoirí

- An Comhairleoir John Naughten (Cathaoirleach)
- An Comhairleoir Laurence Fallon
- An Comhairleoir Tom Crosby
- An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice
- An Comhairleoir Orla Leyden
- An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- An Comhairleoir Anthony Waldron
- An Comhairleoir Michael Mulligan
- An Comhairleoir Donal Kilduff

Ainmniúcháin Earnála

- An tUasal Sean Mahon, *Gnó/Tráchtáil*
- An tUasal Gareth Scahill, *Pobal/Deonach*
- Hannah Mole, Uasal, *Comhshaol*
- An tUasal Ned O'Connor, *Talmhaíocht/Feirmeoireacht*
- Fiona Fallon, Uasal, *Ceardchumann*
- An tUasal Ciaran King, *Forbairt/Tógáil*

Tionóladh cruinniú amháin de chuid an CBS sin ar an 10 Nollaig 2019. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- Oiliúint Ionduchtúcháin do Bhaill Úra
- Dátaí le haghaidh Cruinnithe do 2020
- Athbhreithniú ar Bhuanorduithe
- Téarmaí Tagartha Fochoiste
- Athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach
- Athbhreithniú ar an Scéim um Ranníocaíochtaí
- Cairt Aeráide
- Clár Oibre le haghaidh 2020

CBS um Iompar de Bhóithre agus Seirbhísí Éigeandála

Comhairleoirí

- An Comhairleoir Nigel Dineen (Cathaoirleach)
- An Comhairleoir Valerie Byrne
- An Comhairleoir Ivan Connaughton
- An Comhairleoir John Cummins
- An Comhairleoir Laurence Fallon
- An Comhairleoir Michael Mulligan
- An Comhairleoir Marty McDermott
- An Comhairleoir John Naughten
- An Comhairleoir Tony Ward

Ainmniúcháin Earnála

- Mary Clifford, Uasal *Gnó/Tráchtáil Earnáil*
- Rebecca Dobson, Uasal, *Comhshaol*
- An tUasal Trevor Hunt, *Pobal/Deonach Earnáil*
- An tUasal Matthew Dwyer, *Forbairt /An Earnáil Tógála*

Tionóladh cruinniú amháin de chuid an CBS sin ar an 4 Nollaig 2019. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- Oiliúint Ionduchtúcháin do Bhaill Úra
- Clár Oibre le haghaidh 2020
- Aighneachtaí maidir le hAthbhreithniú ar Bhuanorduithe

Pobal agus Fiontraíocht, Oifig Fiontar Áitiúil, Ealaíona, Oidhreacht agus Turasóireacht

Pobal agus Fiontraíocht

Soláthraíonn an Rannóg Pobail agus Fiontraíochta tacaíocht do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chontae Ros Comáin. Stiúránn sé bainteacht Chomhairle Contae Ros Comáin chomh maith le tionscnaimh phobail, na healaíona, agus oidhreacht ar fud an chontae agus spreagann sé iad na tionscnaimh sin.

Comhchoiste Póilíneachta (CP)

Tá fiche a hocht comhalta ar CP Ros Comáin a bhfuil ina measc trí chomhalta dhéag den Chomhairle, trí chomhalta den Oireachtas, sé chomhalta den Earnáil Pobail, dhá ionadaí de chuid an Gharda Síochána agus dhá oifigeach údaráis áitiúil. Tionóladh cruinniú amháin le linn 2019. Ba iad seo a leanas na príomh-mhéirí a pléadh ag an gcruinniú:

- Tuarascáil Bhliantúil 2018;
- Scéimeanna CCTV Pobail
- Scéim um Marcáil Maoine
- Tuarascáil ón nGarda Síochána.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)

Is é LRP Ros Comáin an t-aon nasc trína nascann an t-údarás áitiúil leis na hearnálacha pobail, cuimsithe shóisialta agus comhshaoil gan dochar do na próisis chomhairliúcháin eile. Is é is aidhm leis na struchtúir agus leis na próisis an pobal agus eagraíochtaí a éascú agus a chur ar a gcumas dearcthaí agus suimeanna éagsúla a chur in iúl laistigh den chóras rialtais áitiúil. Leanann an Chomhairle le tacaíocht a thabhairt don LRP trí Oibrí Acmhainní tiomanta a fhostú.

Scéim Deontas Pobal agus Taitneamhachtaí 2019

Leithdháileadh €60,000 ar an iomlán ar an *Scéim Deontas Pobal agus Taitneamhachtaí* in 2019. Dámhadt deontais i gcomhair ochtú a seacht tionscadal. Bhí na suimeanna a dámhadt idir €500 agus €1,500. Tugadh tús áite do chumann bailte slachtmhara agus grúpaí forbartha áitiúla ar aon dul leis an scéim. Lena chois sin, rinneadh leithdháileadh chomh maith ar Chluichí Pobail Chontae Ros Comáin agus na trí chlub fo-uisce atá gníomhach i gcuardach agus tarrtháil sa chontae.



Ionadaithe ó Bhaile Slachtmhara Áth Liag/Áth Liag 2020 ag fáil an ghradaim is fearr ar an iomlán ina gcatagóir ag Searmanas Bronnta 'Mórtas Cine is Ceantair' 2019 i gcomhair le Comhar Éireann ag Lyrath Estate Hotel, Cill Chainnigh.

Comórtas 'Mórtas Cine is Ceantair'

D'ainmnigh Comhairle Contae Ros Comáin trí Ghrúpa Pobail sa *Chomórtas Uile-Oileáin 'Mórtas Cine is Ceantair'* 2019 Ba iad na grúpaí a rinne ionadaíocht do Chontae Ros Comáin, Bailte Slachtmhara Áth Liag/Áth Liag 2020, Foireann Bhaile Mhainistir na Búille/Coiste 'Mórtas Cine is Ceantair' Mhainistir na Búille agus Lios an Choill, Contae Ros Comáin. Fógraíodh torthaí an chomórtais ag searmanas bronnta a bhí ar siúl in Lyrath Estate Hotel, Cill Chainnigh ar an 30 Samhain 2019. Bhuaigh Bailte Slachtmhara Áth Liag/Áth Liag 2020 an gradam is fearr ar an iomlán ina gcatagóir agus bronnadh duais don dara háit d'Fhoireann Bhaile Mhainistir na Búille/Mórtas Cine is Ceantair Mhainistir na Búille ina gcatagóir.

Scéim Feabhsúcháin Phobail 2019

Leithdháileadh €133,301 ar an iomlán ar Scéim Feabhsúcháin Phobail 2019. Dámhadh deontais i gcomhair tríocha a naoi tionscadal. Bhí na suimeanna a leithdháileadh idir €1,000 agus €13,000. Leithdháileadh cion suntasach maoinithe faoin scéim seo ar thionscadal Bhotháin na bhFear. Rinneadh maoiniú breise €11,189 a leithdháileadh chomh maith faoi Scéim Bhotháin na bhFear 2019. Dámhadh deontais i gcomhair ocht dtionscadal.

CLÁR 2019

Leithdháileadh €308,629 ar an iomlán ar dheich scoil agus bpobal faoi Chlár CLÁR 2019 Bronnadh sé dheontas ar scoileanna faoi na Bearta Sábháilteachta Scoileanna agus Tacaíocht do Láithreacha Súgartha. D'éirigh le pobal amháin faoi na Bearta Sábháilteachta Pobail, d'éirigh le pobal amháin faoi Thacaíocht do Láithreacha Súgartha agus d'éirigh le dhá phobal faoin mBeart Gairdín Chéadfaigh.

Maoiniú a Dámhadh

Deonaíodh maoiniú deontais ar Chomhairle Contae Ros Comáin i gcomhair na dtionscadal seo a leanas in 2019:

Scéim	Location	Amount
Athnuachan Bailte & Sráidbhailte	Áth Liag	€100,000
	Bealach an Doirín	€100,000
	Mainistir na Búille	€200,000
	Fearann na Manach	€200,000
	Ros Comáin	€100,000
	Rúscaigh	€100,000
	Béal na mBuillí	€80,000
Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh	Mainistir na Búille	€500,000
Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach	Ros Comáin	€780,000
Treoirscéim Áitíochta Cónaithe	Mainistir na Búille	€100,000

Aonad le haghaidh Cuimsiú Sóisialta Ros Comáin (Aonad CS)

Leanann an tAonad CS le cuimsiú sóisialta a leabú i gcomhlacht comparáideach na Comhairle agus leanann sé ag comhoibriú le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha eile trí struchtúir amhail CFPÁ Ros Comáin.

Caitheamh Aimsire

D'éascaigh an tAonad CS cur i bhfeidhm líon imeachtaí a bhí dírithe ar chuimsiú sóisialta le linn 2019. Áiríodh leo sin an *Lá Náisiúnta Súgartha agus an tSeachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire* ar a d'fhreastail os cionn 600 páiste agus duine fásta. Cuireadh an tSeachtain Rothaíochta i bhfeidhm chomh maith i gcomhar.

Aoisbháúil

Tá an tAonad CS freagrach as cur chun feidhme na *Straistéise Aoisbháúla* a riar, lena n-áirítear an Grúpa Oibre Aoisbháúil agus Comhaontas an Chontae. Le linn 2019 thacaigh an Chomhairle le baill de Chomhairle Daoine Scothaosta Ros Comáin le freastal ar *Choinbhinsiún Náisiúnta Aoisbháúil* 2019 i nDún na nGall. I mí Aibreáin seoladh *Eolaire Aoisbháúil Seirbhísí* Ros Comáin. Is eolaire iomlán seirbhísí é do dhaoine scothaosta, lena n-áirítear faisnéis agus eolas maidir le teidlíochtaí; sláinte; tithíocht; sábháilteacht agus slándáil; iompar; gníomhaíochtaí sóisialta agus fóillíochta agus tacaíochtaí agus cothabháil seirbhísí baile. Bronnadh deimhniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte bhallraíocht Ros Comáin den Líonra Domhanda le haghaidh Cathracha agus Pobail Aoisbháúla ar an gComhaontas.

Comhairle na nÓg

Éascaíonn an tAonad CS Comhairle na nÓg i Ros Comáin chomh maith. D'óstáil Comhairle na nÓg a himeacht bliantúil *'Tea with Teens'*. Is é seo imeacht idirghlúine ina dtagann baill ón ngrúpa Seandaoine Gníomhacha, Comhairle na Seandaoine agus seirbhísí ábhartha a bhaineann le daoine óga agus le daoine scothaosta le chéile agus ina bhfoghlaímíonn siad taithí úr óna chéile. Thionóil an Chomhairle a CGB in The Hub sa Chaisleán Riabhach le linn mhí Dheireadh Fómhair 2019 agus d'fhreastail baill chomh maith ar an Sárthaispeántas Náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh ag deireadh na bliana.

An tSeachtain Eolaíochta

Cuir an tAonad CS An tSeachtain Eolaíochta 2019 i bhfeidhm i gcomhair le Cónaidhm Eolaíochta na hÉireann, lena raibh clár seachtaine imeachtaí i gceist chun obair na heolaíochta a chur chun cinn. Bhí formhór na n-imeachtaí dírithe ar an leibhéal bunscoile agus bhí siad bunaithe ar scoileanna agus cuimsíodh iontu *Laoch an Ghníomhaithe ar son na hAeráide* agus *Éifeachtaí an Athraithe Aeráide ar ár bhFiadhúlra*. Tionóladh *'Science Magic.....Magic Science Show'* in Ionad Ealaíon na Tríonóide sa Chaisleán Riabhach, a bhí dírithe ar an leibhéal meánscoile.

Seachtain Mórtais na dTaistealaithe

Chomhordaigh an tAonad CS óstáil *Stair Maireachtála Taistealaithe, Taispeántas Cultúrtha* i gcarrchlós Áras an Chontae mar chuid de chomóradh *Sheachtain Mórtais na dTaistealaithe*. Tháinig os cionn 200 duine ó sheirbhísí, scoileanna áitiúla agus teaghlaigh ón bpobal i gcoitinne leis an taispeántas a fheiceáil.

An Tionscnamh Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM)

Riar an tAonad CS an tionscnamh *STEM* ar fud an chontae chomh maith i gcomhpháirtíocht le Club Leon agus Foróige Ros Comáin. Thacaigh tionscnamh *STEM* le ceardlanna éagsúla a sholáthar do dhaoine óga a bhí dírithe ar a suim san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic a mhealladh. Tionóladh na ceardlanna sin i Ros Comáin, sa Chaisleán Riabhach, Bealach an Doirín, Mainistir na Búille agus Béal na mBuillí. Áiríodh ar na ceardlanna beochan íomhá ar íomhá; clár aistrithe na seirbhísí meabhairshláinte páistí agus ógánach (CAMHS); grianghrafadóireacht agus déanamh scannán; déanamh greannán; turgnaimh eolaíochta; cluichíochta; scimeálaithe slána; innealtóireacht makey makey; códú coder dojo do thosaitheoirí agus don leibhéal idirmheánach; clubanna dairteanna agus ceardlann deisiúcháin rothar.

Sláinte agus Folláine

Lean an tAonad CS le Fochoiste Sláinte agus Folláine an CFPÁ a óstáil. Tá an fochoiste ar an eolas faoi spriocanna ardleibhéil an *Phlean Áitiúil Eacnamaíochta Pobail* agus tá an fhreagracht acu as cuspóirí *Plean 'Ros Comáin Sláintiúil' 2018*:

- Scoiteacht a Laghdú;
- Gníomhaíochtaí atá Inrochtana do Chách a Sholáthar;
- Cuidiú le Daoine bheith Spreagtha chun Páirt a Ghlacadh;
- Tabhairt ar Theaghlaigh bheith Gníomhach le Chéile;
- Faisnéis a Roinnt i measc Soláthraithe Seirbhíse.

Chuir an Roinn Sláinte, trí Phobal, Snáithe 3 de Chiste Éire Shláintiúil i bhfeidhm ina gclúdaítear an tréimhse 2019-2021. Tá an maoiniú sin éascaithe tríd an Aonad CS. Tá ceithre iarratasóir rathúla déag ann a ndéanfar a dtionscadail agus a dtionscnaimh a mhaoiniú thar an téarma dhá bhliain.

Tionóladh líon tionscnamh faoin téama rannpháirtíochta pobail um Éire Shláintiúil chomh maith. D'éascaigh an Chomhairle, i gcomhar leis an ngrúpa Cúraim Sláinte Ollscoile SAOLTA, *Comhdháil Uireolaíochta* leis an Uasal Eamon Rogers, Uireolaí Comhairleach in Áras an Chontae. Óstáladh Tráthnóna Faisnéise faoi *Haemacrómatóis de chuid Éire Shláintiúil* i mí na Bealtaine 2019 i gcomhar le Cumann Haemacrómatóise na hÉireann. I measc na gcainteoirí bhí an Dr Gerard O'Mara, Geiriatraí Comhairleach, Margaret Kelly, Uasal, Ardchleachtóir Diaibéitis agus an tAlra Olive Arnold, an Chlinic Haemacrómatóise. D'fhreastail os cionn 100 duine ar an imeacht.

Tionóladh *Comhairle 'Ullamh agus Ábalta'* a bhí dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas le páirt a ghlacadh i gclubanna áitiúla spóirt in Hannons Hotel, Ros Comáin. I measc na gcainteoirí bhí an tAire Denis Naughton, Sarah Cregg, Sárímreoir agus Keith Andrews, anailísí FAI International agus teilifíse. De thoradh ar an gcomhdháil rinneadh *Campa Cásca 'Ullamh agus Ábalta'* a chomhordú do pháistí ag a bhfuil riachtanais bhreise. Bhí an campa ar siúl i dTeach na gCeithre Mhíle agus ba iad oifigí Forbartha Spóirt ón FAI, Rugbaí Chonnachta, GLG, Cumann Pheil na mBan agus an Chomhpháirtíocht Spóirt

a sholáthair na gníomhaíochtaí. D'fhreastail dhá pháiste is fiche ag a raibh riachtanais bhreise ar an imeacht thar na trí lá.

Tionóladh comhdháil oiliúna éascaithe do chlubanna, scoileanna agus saorálaithe maidir le conas cláir agus gníomhaíochtaí oiliúna a chur in oiriúint chun páiste ag a bhfuil riachtanais bhreise a chuimsiú i

Scoil Náisiúnta na gCreag chomh maith. D'éascaigh Oisín Jordan ón FAI agus Liam Moggan a bhí páirteach i gCluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann roimhe seo agus Comhairle Spóirt na hÉireann seisiún le haghaidh os cionn daichead duine ó réimse clubanna spóirt, ionaid spóirt, scoileanna agus grúpaí deonacha.

Oifigigh Forbartha Spóirt

Lean Comhairle Contae Ros Comáin tríd an Aonad CS le tacú le hobair Oifigeach Forbartha an FAI, Oifigeach Forbartha CLG, Oifigeach Forbartha Chumann Pheil na mBan agus Oifigeach Forbartha Rugbaí. Is é cuid de phríomhchuspóirí obair na nOifigeach Forbartha Chumann cuimsiú sóisialta a chur chun cinn tríd an spórt chun an méid seo a leanas a bhaint amach;

- Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn tríd an spórt, go háirithe i limistéir gheografacha atá faoi mhíbhuntáiste trí oibriú le scoileanna, clubanna, grúpaí cuimsithe shóisialta agus grúpaí pobail;
- Forbairt clár le Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin sa réimse míchumais;
- Oibriú sa phobal le grúpaí neamhnáisiúnta;
- Soláthar clár forbartha spóirt comhtháite ar fud an phobail a chinntiú;
- Méadú ar rannpháirtíocht agus ar na deiseanna le haghaidh rannpháirtíochta
- Comhpháirtíocht agus comhordú a fhorbairt idir na comhlachtaí reachtúla áitiúla ábhartha agus na comhlachtaí deonacha.

Le linn 2019 d'oibrigh na hOifigigh Forbartha Spóirt le grúpaí lena n-áirítear teaghlaigh dídeanaithe sa Lárionad um Fháiltiú Éigeandála agus Treoshuíomh (EROC), baill den phobal Romach, páistí ag a bhfuil riachtanais bhreise, páistí imirceach, mná imeallaithe agus pobail atá ag teacht chun cinn.

Oifig Ealaíon

In 2019, lean an clár ealaíon le tacaíocht a thabhairt do na healaíona, iad a spreagadh agus a chothú trí chlár úra agus clár a bhí ann cheana. Ina measc sin bhí *Clár cuimsitheach do Pháistí agus do Dhaoine Óga*, le *Clár Cónaitheachta na nEalaíontóirí i mBunscoileanna, Máistir-ranganna 'Let's Write' do Mheánscoileanna, Bookworms - Féile Liteartha na bPáistí, Summer Creative and Music Generation Ros Comáin* inár cuimsíodh Ceolfhoireann Óige Contae Ros Comáin (RCYO) agus Amharclann Óige Contae Ros Comáin (RCYT). In 2019, chomh maith le ceardlanna seachtainiúla do chúig bhall is fiche, léirigh RCYT *Alice in Wonderland* le Lewis Carroll arna oiriúnú don stáitse ag Anna Galligan agus arna stiúradh ag Catherine Sheridan. Díoladh cúig léiriú ar an iomlán amach in Ionad Ealaíon Ros Comáin.

I mí na Bealtaine 2019, d'fhógair Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) na Gaillimhe agus Ros Comáin (príomh-chomhpháirtí) agus Comhairle Contae Ros Comáin, mar aon le Music Generation, ceapachán an cheoltóra agus an oideora ceoil Ellen Glennon sa ról mar Oifigeach Forbartha Music Generation chun clár inacmhainne inrochtana d'oideachas ceoil taibhithe do pháistí agus do dhaoine óga ar fud an chontae a fhorbairt agus a mhaoirsiú. Ba gharspíoc thábhachtach an ceapachán sin i bhforbairt Music Generation Ros Comáin, agus tús le céim fhócasaithe pleanála agus tógála á shonrú i dtreo cur chun feidhme clár iomláin chuimsithigh le haghaidh mionteagasc gutha agus uirlise ón mbliain acadúil 2019/2020.



Music Generation Ros Comáin ag Scoil Náisiúnta Chluain Eamhain.

Leanadh le hobair ar an *gClár fairsing um Fhorbairt Liteartha* lena n-áirítear *Gradaim Scríbhneoirí Nua Ros Comáin, Sparánacht Chapbook*, meantóireacht sa scríbhneoireacht agus *Comhdháil Dhúghlas de hÍde 2019 'The Road to Democracy'*, a dhírigh ar imeachtaí céad bliain ó shin in 1919.

Le *Clár láidir Amharcealaíon* d'oibrigh an Oifig Ealaíon go dlúth leis an gCoimeádaí Amharcealaíon Cónaitheachta ag Ionad Ealaíon Ros Comáin. Áiríodh leis sin an taispeántas *Collective View*, saothair ó Bhailiúchán Ealaíne Cathartha Mhainistir na Búille le bailiúchán na Comhairle Ealaíon i dTeach King, arna choimeád ag Linda Shevlin. I measc tionscadal eile bhí *Coimisiún Comórtha Margaret Cousins* leis an ealaíontóir Eimear Walshe i dTeach King; Tionscadal na Páirce leis an ealaíontóir Yvonne McGuinness; Gradam Bliantúil Fhóram Amharcealaíon Ros Comáin leis an ealaíontóir Susan Mannion agus clár um fhorbairt ghairmiúil d'ealaíontóirí.

Léiriú Amharclann Óige Ros Comáin de 'Alice in Wonderland'.



Le clár um Sparánacht na nEalaíontóirí Aonair agus *Sparánacht Guthrie Thír Eoghain* dámhadh fiche sparánacht, a thacaíonn le healaíontóirí ag gach céim dá ngairmeacha i réimse leathan comhthéacsanna agus foirmeacha ealaíne.

Chuidigh sé imeacht déag lena chinntiú go ndearnadh Oíche Chultúir 2019 a chomórath ar fud an chontae, agus d'fhreastail 850 air.

Le SLR Film, leanann comhpháirtíocht fhadtéarmach Shligigh, Liatroma agus Ros Comáin chun inmharthanacht déantóirí scannán agus déanta scannán sa réigiún a threisiú. Dámhadh ceithre sparánacht ar ealaíontóirí scannán sa réigiún lena n-áirítear na faighteoirí as Ros Comáin, Martina Hourican agus Christine Braithwaite. Bhí an t-aoichainteoir Paul Young ó Mhainistir na Búille, Stiúrthóir *Cartoon Saloon* a bhuaigh gradaim, páirteach i líonra mhí Aibreáin. Tá Ros Comáin ina chomhpháirtí in *Western Region Audiovisual Producers Fund (WRAP)* atá tiomanta d'infheistíocht straitéiseach a chruthaíonn tionchar eacnamaíoch, a thacaíonn leis an tallann áitiúil, a chruthaíonn fostaíocht inbhuanaithe, a fhorbraíonn bonneagar closamhairc agus a chuireann le cultúr agus teanga Iarthar na hÉireann. Tionscnamh is ea WRAP de chuid Choimisiún Forbartha an Iarthair agus Ionad Scannán na Gaillimhe i gcomhar le húdaráis áitiúla an Chláir, Dhún na nGall, Chathair na Gaillimhe, Chontae na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Ros Comáin, Shligigh agus Údarás na Gaeltachta.

Is é *Éire Chruthaitheach Clár Oidhreacht d'Éirinn, 2017-2022* de chuid an Rialtais, ina gcuirtear an chruthaitheacht ag lár an bheartais phoiblí. Tagann Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022cúig bliana Ros Comáin le tionscnamh an rialtais maidir le rochtain níos mó ar an gcruthaitheacht agus rannpháirtíocht níos mó sa chruthaitheacht a spreagadh agus tacú léi chun folláine gach saoránaigh i ngach pobal a fheabhsú. Áiríodh ar imeachtaí agus tionscadail faoin tionscnamh seo in 2019 *Glao Oscailte Ros Comáin Cruthaitheach* faoinár maoiníodh trí thionscadal déag, *Gradaim Ghrianghrafadóireachta an Chathaoirligh, Mná sa Pholaitíocht agus an Saol Poiblí 1918-2018* agus Cruinniú na nÓg – féile bhliantúil chruthaitheach do pháistí agus do dhaoine óga, ar ar fhreastail os cionn 500 duine ag Gairdíní Theach Páirce Bhéal na mBuillí ar an 15 Bealtaine 2019.



An Cathaoirleach Ivan Connaughton; Josepha Madigan T.D. An tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta; Majella Cummins, Stiúrthóir Seirbhíse agus Eugene Cummins, an Príomhfheidhmeannach ag Athoscailt Oifigiúil Ionad Ealaíon Ros Comáin.

Ionad Ealaíon Ros Comáin

Cuireadh obair athchóirithe i gcrích ag Ionad Ealaíon Ros Comáin le hathoscailt oifigiúil an ionaid i mí an Mheithimh 2019. Bhí an tionscadal tógála maoinithe ag Comhairle Contae Ros Comáin le tacaíocht ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltacht.

Tá halla éisteachta 194 suíochán san ionad nua-athchóirithe agus leathnaithe le dhá spás bhreise úra a tógadh le sainchuspóir, gailearaí ar an urlár talún agus spás ceardlainne ar an gcéad urlár mar aon le síneadh agus athfhorbairt an fhorhalla agus na láithreacha ina bhfuil beár a athdhearadh chun eispéireas an chuairteora a fheabhsú agus a threisiú. Ar chúl an stáitse, méadaíonn an acmhainn le síneadh ar an Seomra Glas agus saoráid seomra gléasta curtha leis agus rinneadh na spásanna a bhí ann cheana a athshamhlú le forbairt dhá stiúideo ealaíne úra i seanspás an ghailearaí.

Bhí athoscailt an ionaid ina tréimhse iontach don ionad, le breis agus 15, 000 duine ag freastal air agus ag glacadh páirt in imeachtaí in 2019.

Áiríodh ar bhuaicphointí an chláir *Coming Home*, taispeántas oibre leis an ealaíontóir a bhfuil cáil idirnáisiúnta air, Brian O'Doherty i gcomhar le hÉire Chruthaitheach a cuireadh ar siúl i gcomhthráth le hoscailt oifigiúil spás úr an ghailearaí.

Bhí an taispeántas ina chuid de chlár níos leithne dar teideal 8 Degrees West a dearadh chun ealaíontóirí Ros Comáin a cheiliúradh agus áiríodh air taispeántais i spás an ghailearaí arna ndéanamh ag comharghrúpa ealaíontóirí WAR Ros Comáin



Baill foirne de chuid Chomhairle Contae Ros Comáin sa ghrianghraf leis an Aire Josepha Madigan ag Athoscailt Oifigiúil Ionad Ealaíon Ros Comáin.



Líníocht Rópa ó 'Coming Hope' Brian O'Doherty - Taispeántas Oscailte ag Spás úr an Ghailearaí in Ionad Ealaíon Ros Comáin.

Anthony Keigher agus Susan Mannion; caint le Gary Hynes as Compántas Amharclann Druid agus léiriú de *Furniture*. Leis an gclár 8 Degrees West soláthraíodh deiseanna cónaitheachta chomh maith do Chompántas Amharclannaíochta Fregoli agus do na haer-chleasghleacaithe Ronan Brady agus Aishling Ní Cheallaigh.

Soláthraíodh tacaíochtaí ealaíontóirí d'ealaíontóirí amharclannaíochta neamhspleácha Maisie Lee and Fionnoula Gyax agus na rannpháirtithe haitseála Manueala Corbari agus Karl Quinn. Bronnadh coimisiún na *gCéad Eagrán* ar Chompántas Amharclannaíochta Bombinate le haghaidh 2019.



Gareth Lombard agus Niall Buggy in 'Furniture' de chuid Chompántas Amharclannaíochta Druid.

Tugadh clár úr oideachais amharceolaíon isteach, *Primary Colours*, ina ndírítear ar dhaltaí bunscoile agus rinneadh an clár '*Gallery X:Ed*' le haghaidh meánscoileanna a athsheoladh. Sa spás úr ceardlainne soláthraíodh réimse deiseanna úra don phobal chun páirt a ghlacadh i ranganna agus i gceardlanna agus rinneadh *Féile 'Lollipops' do Pháistí* a athshamhlú mar imeacht a dhíríonn níos mó ar theaghlaigh.



Ealaíontóir aer-chomhghleacaí Ros Comáin, Ronan Brady agus Aishling Ní Cheallaigh in 'How to Square a Circle', Ionad Ealaíon Ros Comáin, Iúil 2019.

Tionóladh *Féile Drámaíochta Ros Comáin* agus *Féile Liteartha 'Bookworms'* arís in 2019 agus tionóladh clár imeachtaí le bheith ar siúl i gcomhthráth le *Féile na Bealtaine* agus *Oíche Chultúir* ar fud na tíre ag Ionad Ealaíon Ros Comáin chomh maith.



Lá Domhanda na mBogach á cheiliúradh i gCill Taobhain.

Oidhreacht

Oibríonn an Oifig Oidhreachta, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Ros Comáin, chun *Plean Oidhreachta Chontae Ros Comáin 2019-2021* a chur chun feidhme ina leagtar amach na spriocanna oidhreachta straitéiseacha don chontae.

Lá Domhanda na mBogach

Bhí imeacht na bliana seo ar siúl i gCill Taobhain ar Lúb Chluain Láir. Ba é Bailte Slachtmhara Chill Taobhain a d'óstáil é i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Oifig Uisce agus Pobal.

Sparánacht Taighde Oidhreachta

Dámhadh an sparánacht seo ar Frank J. Hall, Scoláire Dochtúireachta san Seandálaíocht i nGailimh - OÉ, Gaillimh dá thaighde PhD research ar *Strong Houses and Fortified Houses* lena n-áirítear dhá cheann déag i Ros Comáin.

Notice Nature @ Féile Uan Ros Comáin

Bhain sé sin le taispeántais ó Iascaigh Intíre Éireann; an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra; an Oifig Pobal agus Uisce agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus *Make a Bug Hotel* ceardlann do leanaí arna cur i láthair ag Martina Butler.



Notice Nature
@ Féile Uan
Ros Comáin

Féile Mháirseáil na Tána


Chun an scéal eipice liteartha iontach, Táin Bó Cúailnge, a cheiliúradh, bhí imeachtaí ar siúl i mbaile Ros Comáin agus leanadh leo i Ráth Cruachan agus i mBéal na mBuillí, ag dul trasna Shliabh Bána agus ag críochnu le féasta a bhí oiriúnach don mhór-Bhanríon Mhéabha. Chuir saineolaí na *Scéime um Oidhreacht i Scoileanna* Chris Thompson cúig cheardlann scoile déag i gcrích. Cuireadh díolaim dánta agus taispeántas, imeachtaí cuimhneacháin ag tulán Ráth Cruachan, athléirithe, cainteanna agus léirithe i láthair. Ghlac os cionn 380 páiste scoile páirt sa tionscadal seo a bhí tacaíthe ag Éire Chruithaitheach.

Comhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach Fheirmeoireacht Ráth Cruachan.

Ceapadh John Cronin & Associates chun tacú le foireann tionscadail agus grúpa oibriúcháin Fheirmeoireacht Ráth Cruachan le gnéithe seandálaíochta de dheardh agus d'fhorbairt an tionscadail. Tá an tionscadal seo á mhaoiniú ag an gComhairle Oidhreachta agus ag Comhairle Contae Ros Comáin.



Máirseáil na Tána 2019 ag Tulán Ráth Cruachan.



Buaiteoir an Ghradam Pailneoirí 'Let's Get Buzzing', Seanreilig Chill Ruáin.

Gradaim Pailneoirí 'Let's Get Buzzing'

Sheachaid an saineolaí oidhreachta, Éanna Ní Lamhna, ceardlanna do sheacht scoil déag agus do dheich gcoiste reiligi a d'iontráil an comórtas gradam. Rinne sí meantóireacht chomh maith ar conas is féidir leo a gcuid oibre le pailneoirí a fhorbairt, rinne sí moltóireacht ar na hiontrálacha agus bhronn sí na gradaim. Ba iad seo a leanas na buaiteoirí scoile: Chéad áit - SN Lisaniskey; Dara háit - SN Bhaile an tSléibhe agus an Tríú háit - SN Chéididh. Ba iad seo a leanas na reiligi a bhuaigh: Chéad áit - Seanreilig Chill Ruáin, Lios an Choill; Dara háit - Reilig Bhaile an Tobair agus an Tríú háit Reilig Chluain Tuaiscirt. Bhí an tionscadal seo tacaíthe ag ciste an *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Bithéagsúlachta* atá á oibriú ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Bith-blitz Bhealach Ghleann na Suca

Tionóladh *Bith-blitz Bhealach Ghleann na Suca* in Átha Liag. Cuireadh os cionn 400 taifead dúlra agus fiadhúlra faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta ina ndearnadh os cionn 250 speiceas éagsúil a thaifeadadh laistigh den 24 uair an chloig den Bith-blitz.

Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Bithéagsúlachta

Chun tacú leis na gníomhaíochtaí ón *bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Bithéagsúlachta*, forbraíodh tionscadal bogach mar chuid den Scéim Comharsanachta in Ail Finn. Maoiníodh os cionn daichead ceardlann bithéagsúlachta in os cionn fiche scoil a ghlac páirt i *gClár um Brat Bithéagsúlachta na Scoileanna Glasa* a shroich 1,000 dalta ar fud an chontae. Tacaíodh le Gradaim na bPailneoirí chomh maith. Bhí na tionscadail sin maoinithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Aire agus Caomhnú na Reiligi Stairiúla

Tionóladh seimineár agus d'fhreastail os cionn daichead duine air. Sheachaid sainchainteoirí cainteanna maidir le haire a thabhairt do reiligi stairiúla, maidir leis an mbithéagsúlacht, taifeadadh agus leaca cuimhneacháin. Mhainigh an Chomhairle Oidhreachta an tionscadal sin.

For Information on Cemeteries in County Roscommon

Visit www.roscommoncoco.ie/cemeteries

Location of Register of Burials, Historical Information, Headstone Inscriptions etc. where available

Scan with your phone or go to www.roscommoncoco.ie/cemeteries

If you know of any information we can add or link to www.roscommoncoco.ie/cemeteries please email heritage@roscommoncoco.ie

Project funded by The Heritage Council & Roscommon County Council

An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council

ROS COMMON



Amharcóir Léarscáile Reiligí
www.roscommoncoco.ie/cemeteries

Reiligí Stairiúla a Thaifeadadh
An Fhoireann Taifeadta le
haghaidh Reilig Óráin le John
Tierney, Eachtra Archaeology.

Scéim um Infheistíocht na hOidhreachta
Tógtha - Oibreacha Éigeandála
Caomhnaithe ag Eaglais na hÉireann,
Cill Tulach, Baile an Locha.

An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta
2019: Ag baint sult as an
Taispeántas 'Wild Child'
Páirc Bhéal na mBuillí

Seoladh www.roscommoncoco.ie/cemeteries

Seoladh amharcóir léarscáile reiligí úr. Feidhmeoidh sé sin mar thairseach lárnach maidir leis an bhfaisnéis ar fad a bhaineann le reiligí i Ros Comáin. Mhainigh an Chomhairle Oidhreachta an tionscadal sin.

Reiligí Stairiúla a Thaifeadadh

I gcomhar le Eachtra Archaeology, roghnaíodh trí reilig le haghaidh Ceardlanna Oiliúna le haghaidh Thaifeadadh Reiligí óna ndearnadh trí reilig eile a thaifeadadh agus a uaslódáil ar www.historicgraves.ie. I measc na reiligí atá á dtaifeadadh tá Órán, Eaglais na hÉireann, Áth Liag, seanreilig Eas Uí Fhloinn, Naomh Seosamh, an Caisleán Riabhach, an Tríonóid Naofa, Caisleán an Riabhaigh agus seanreilig na Cealdraí. Mhainigh an Chomhairle Oidhreachta an tionscadal sin.

Scéim um Infheistíocht na hOidhreachta Tógtha

Rinneadh oibreacha caomhnaithe ar naoi ndéanmhas faoi chosaint. B'ionann caiteachas iomlán an tionscadail agus €127,233.

Ciste na nDéanmhas Stairiúil 2019

Rinneadh oibreacha riachtanacha caomhnaithe ar thrí thionscadal Leis an scéim gineadh caiteachas iomlán €74,331.

An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta

D'eagraigh os cionn fiche grúpa pobail, eagraíocht agus duine aonair níos mó ná daichead imeacht ar fud Ros Comáin chun an oidhreacht fhlúirse agus éagsúla atá anseo do chách a cheiliúradh.

Turasóireacht

Ráiteas Straitéise agus Clár Oibre Turasóireachta Ros Comáin 2019-2022.

I *Ráiteas Straitéise agus Clár Oibre Turasóireachta Ros Comáin 2017-2022* leagtar amach na tosaíochtaí turasóireachta laistigh den chontae thar thréimhse cúig bliana. Tá béim shoiléir ann ar infheistíocht na hearnála príobháidí a chumasú agus tacú le príomhthionscnaimh lena soláthraítear tairbhí don chontae, ón taobh sóisialta agus eacnamaíoch araon. Sainaithnítear sa straitéis na láidreachtaí a bhaineann leis an turasóireacht sa chontae ina gcuimsítear eispéiris uiscebhunaithe, ar n-oidhreacht agus ár bpobail den chuid is mó.

Branda agus láithreán gréasáin visitrocommon.ie Turasóireachta Ros Comáin


Seoladh *Branda úr Turasóireachta Ros Comáin* agus a láithreán gréasáin *visitrocommon.ie* in 2019. Soláthraíonn an acmhainn sin sonraí iomlána maidir le gach ní is díol spéise, gníomhaíocht, lóistín agus bialann laistigh den chontae. Soláthraíonn faisnéis cothrom le dáta léi chomh maith maidir le himeachtaí atá le teacht. Le forbairt an bhranda atá éasca a aithint agus láithreán gréasáin nua-aimseartha ar féidir é a nascleanúint go héasca beifear ábalta Ros Comáin a aithint mar shuíomh turasóireachta ón mbaile agus thar lear araon. Lena chois sin, soláthraíodh bróisiúr turasóireachta úr. Scaipeadh 13, 000 cóip den bhróisiúr ar gach trádáil turasóireacht sa chontae mar aon le os cionn 30, 000 léarscáil turasóireachta.

Taispeántas Trádála agus Margaíocht

Le linn 2019 d'fhreastail Turasóireacht Ros Comáin ar ocht nImeacht Taispeántais Trádála chun Contae Ros Comáin a chur i láthair i measc turasóirí baile ionchasacha. Áiríodh orthu sin imeachtaí amhail *Seó Saoire an Domhain* agus an *Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta*. Soláthraíodh fógraí eagarthóireachta inár tugadh chun suntais tairiscintí turasóireachta Ros Comáin in *Go West* (Iris Aerfort Iarthar na hÉireann), *Hotpress*, *Irish Rail* agus *Roscommon People Magazine*.

Na Meáin Shóisialta

Mar chuid de *Bhranda Turasóireachta Ros Comáin*, rinneadh láithreán na meán a nuashonrú chun teacht le *visitrocommon.ie* agus chun ceangal leis. Cuireadh láithreán úra Instagram agus Twitter ar bun chomh maith. Tá méadú leanúnach tagtha ar úsáideoirí na láithreán agus méadú 10% ar fhigiúirí 2018.



Seoladh Bhranda agus láithreán gréasáin Turasóireachta Ros Comáin - Eiméar Dowd, Oifigeach Turasóireachta, Majella Hunt, Stiúrthóir Seirbhíse, Louise agus Jeff Kay (JDK Design - dearthóirí láithreán gréasáin), Eugene Cummins, Príomhfheidhmeannach agus Breata Coyle, Comhairle Contae Ros Comáin



Siúlóid Phobail Éire Shláintiúil 5 km i gCluain Fada.

Leabhar Siúlóidí Ros Comáin

Trí mhaoiniú a fuarthas ó Éire Shláintiúil soláthraíodh an chéad eagrán de Shiúlóidí Ros Comáin chun an pobal i gcoitinne de gach aois a spreagadh le bheith níos gníomhaí agus iniúchadh a dhéanamh ar ár siúlóidí iontacha. Scaipeadh 30,000 cóip ar fud an chontae trí na nuachtáin áitiúla,



comhlachtaí poiblí agus páirtithe leasmhara turasóireachta. Tugtar eolas sa leabhar faoi na hocht siúlóid déag sa chontae a insíonn don léitheoir faoina suíomh, na saoráidí feadh na siúlóidí, cé chomh deacair agus atá an tsiúlóid mar aon le léarscáil. Lena chois sin, tá leathanach gníomhaíochta do pháistí ann agus liosta de na hallaí aclaíochta agus clóis súgartha ar fad sa chontae.

Tionóladh dhá imeacht rathúla siúil 5 km chomh maith (Cluain Fada agus Cill Taobháin) chun na siúlóidí a thabhairt chun suntais agus chun daoine a spreagadh le dul ag siúl agus a sláinte choirp agus a meabhairshláinte a fheabhsú.

Imeachtaí Trádála Turasóireachta

- › **Líonrú Turasóireachta:** Tionóladh an chéad *Imeacht um Líonrú Contae do Thrádáil Turasóireachta* i mí Aibreáin 2019 in Abbey Hotel, Ros Comáin. D'fhreastail páirtithe leasmhara turasóireachta ar fud an chontae ar an imeachta ina raibh óráidí ó Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae



Imeacht Líonra Turasóireachta an Chontae: Sarah McCarthy, 'Ireland's Hidden Heartlands'; Breata Coyle, Comhairle Contae Ros Comáin; Majella Hunt, Stiúrthóir Seirbhísí; Jean Smyth, Fáilte Éireann; Eiméar Dowd, Oifig Turasóireachta; Eugene Cummins, Príomhfheidhmeannach; Tara Kerry, Cláráitheoir agus Bainisteoir Forbartha Fáilteachais.

Ros Comáin Eugene Cummins; Tara Kerry, Bainisteoir Cóiríochta Ceadaithe d'Fháilte Éireann; Sarah McCarthy, Ireland's Hidden Heartlands agus Eiméar Dowd, Oifigeach Turasóireachta.

› Toscaireacht Idirnáisiúnta na Trádála

Turasóireachta: Mar chuid de Mheitheal Fáilte Éireann 2020, chuir Teach King fáilte roimh ghrúpaí Oibreoirí Turas as thar lear, mar chuid de chuairt *Ireland's Hidden Heartlands*.

Páirc Bhéal na mBuillí

Mar chuid d'infheistíocht Chomhairle Contae Ros Comáin sa turasóireachta thiomnaigh sí d'fhostaíocht Cartlannaí i bPáirc Bhéal na mBuillí. I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhógair an tAire Stáit le Freagracht as Turasóireacht maoiniú €3.9m i gcomhair Músaem Náisiúnta úrscothach úr don Ghorta Mór ag Teach Bhéal na mBuillí. I Músaem Náisiúnta úr an Ghorta Mhóir bainfear úsáid as teicneolaíocht cheannródaíoch lena n-áirítear teilgin agus fuaimdhreacha chun cuairteoirí a thumadh i gcultúr agus i ngnáthshaol laethúil na hÉireann sna blianta roimh an nGorta Mór, lena linn agus ina dhiaidh.

An Scéim Féilte agus Imeachtaí

I mí Eanáir 2019, d'eisigh Comhairle Contae Ros Comáin gairm oscailte chuig gach pobal don *Scéim Féilte agus Imeachtaí* nuabhunaithe. Ceadáíodh daichead a dó iarratas ar an iomlán le haghaidh imeachtaí a tionóladh le linn 2019.



Ireland's Hidden Heartlands

Seoladh *Ireland's Hidden Heartlands* i measc mhargadh na gceannaitheoirí idirnáisiúnta ag ócáid *Mheitheal Fháilte Éireann* in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath i mí Aibreáin 2019. Rinneadh ionadaíocht do naoi ngnólacht turasóireachta is fiche ó Ireland's Hidden Heartlands ag an ócáid, lena n-áirítear ocht gcinn ó Chontae Ros Comáin. Bhain a bhfeachtas náisiúnta margaíochta le cur i bhfeidhm leanúnach a bhfógraí teilifíse agus raidió thar bhuaicshéasúr an tsamhraidh.

Seoladh *Taste the Island* i Samhradh 2019 agus bhí sé ar siúl ar feadh tréimhse 12 sheachtain ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Samhna. Chuir sé sin deis ar fáil do tháirgeoirí áitiúla bia chun na táirgí a chur i láthair.

Seoladh Clár Feabhsúcháin Láithreán Gréasáin Ireland's Hidden Heartlands *i mí an Mheithimh 2019*. Leis sin soláthrófar oiliúint agus infheistíocht do os cionn daichead soláthraí nithe is díol spéise agus gníomhaíochtaí chun feabhas suntasach a chur ar ábhar agus ar fheidhmíocht a láithreán gréasáin, rud a chuideoidh leo a ngnólachtaí a fhás in 2020.

Chuir Oifigigh Turasóireachta, Oidhreacht agus Caitheamh Aimsire Tuaithe as gach cearn den naoi gcontae in Hidden Heartlands clár um *Bhainistíocht na Turasóireachta Réigiúnaí de chuid Ireland's Hidden Heartlands i gcrích*. Bhí an clár ar siúl thar ocht lá agus dhírigh sé ar scileanna a fhorbairt sa mhargaíocht, forbairt straitéise, réamhaisnéis le haghaidh tionscadail chaipitil agus eispéiris cuairteoirí a fhorbairt.

Tionóladh Imeacht Turasóireachta Inbhuanaithe, inar breathnaíodh ar thurasóireacht phobail i Ráth Cruachan agus i bPáirc Bhéal na mBuillí i mí Iúil 2019.

Tionscadal um Eacnamaíocht Amach



Anseo na Sionainne Uachtaraí agus na hEirne (USEFE)

Mar chuid de thionscadal Turasóireachta USEFE, ag obair le hUiscebhealaí Éireann, Comhairlí Contae Longfoirt, an Chabháin agus Liatroma, bhí béim ag Chomhairle Contae Ros Comáin ar thurasóireacht slatiascaireachta a fhorbairt laistigh den réigiún. Áiríodh leis sin ceardlanna trádála slatiascaireachta a óstáil agus infheistíocht sa fhreastal ar imeachtaí trádála slatiascaireachta.

Loch Rí/an tSionainn Uachtarach

Mar chuid d'fhorbairt idirghníomhaireachta an réigiúin ó Bhaile Átha Luain go Rúscaigh, tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta d'fhorbairt tionscadal idirghníomhaireachta lena méadófar acmhainn turasóireachta réigiún Loch Rí, lena n-áirítear bealaí siúil, rothaíochta agus a fhorbairt fhéideartha faoi stádas UNESCO. Leis an gcur chuige réigiúnach sin éascófar rochtain optamach ar mhaoiniú agus tiocfaidh sé le forbairt théama úr Fháilte Éireann *Ireland's Hidden Heartlands*.

Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire

Le linn shamhradh 2019, d'fhostaigh Aerfort Iarthar na hÉireann, le cúnamh ó Chomhairle Contae Ros Comáin agus sé Údarás Áitiúla eile sa réigiún, dhá Bhall Foirne Turasóireachta eile i limistéar teachta an Ionaid Fionnachtana in Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire, Co. Mhaigh Eo.

Ionad Léirmhínteach Dhúghlas de hÍde

Tá láthair adhlactha an Dr Dhúghlas de hÍde, chéad Uachtarán na hÉireann fós ina séadchomhartha tábhachtach stairiúil agus cultúrtha i gContae Ros Comáin a mheallann go leor cuairteoirí, lena n-áirítear turais scoile agus cuairteanna ó ghrúpaí pobail áitiúla agus cumainn stairiúla. In 2019, lean an tIonad ag forbairt mar mhol cultúrtha laistigh den chontae, le líonta móra cuairteoirí ar *Oíche Chultúir*.

Teach King

Tá Teach King ar cheann de cheithre theach stairiúla i gContae Ros Comáin. Ba bhliain ghnóthach eile í 2019 i dTeach King agus 15,684 duine ag tabhairt cuairt air le linn na bliana. Agus é ar oscailt don phobal ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh, úsáidtear an teach mar mhúsaem, ionad cultúrtha agus gailearaí. Coinnítear a lán bailiúchán ann lena mbaineann tábhacht lena n-áirítear an scéal faoina iar-úinéirí, Clann King, Músaem Connaught Rangers, Bailiúchán Mháire Mhic Giolla Íosa agus Bailiúchán Ealaíne Cathartha Mhainistir na Búille.

Baintear úsáid as Teach King le linn na bliana mar ionad do léirithe, ceadail agus cruinnithe agus mar sin comhlíonann sé feidhm thábhachtach don phobal áitiúil. Tá sé ar cheann de na príomhionaid a úsáidtear chomh maith le linn Fhéile bhliantúil Ealaíon Mainistir na Búille.

Tá Seomraí Tae agus comharchumann Turasóireachta Úna Bhán lonnaithe i dtailte an tí, feadh Stiúideonna Harrington atá ainmnithe mar stiúideonna ealaíne. Tá leabharlann Mhainistir na Búille lonnaithe i gclós íochtarach an tí. Bíonn siad sin ar fad ar oscailte ó cheann ceann na bliana.



Honest Bakery – an Comórtas Treabhdóireachta 2019.

Oifig Fiontar Áitiúil

Gníomhaíonn an Oifig Fiontar Áitiúil (OFÁ) mar ‘Ionad Ilfhreastail’ do dhuine ar bith a bhfuil faisnéis agus tacaíocht á lorg acu maidir le gnólacht a chur ar bhun nó a fhás. Ról OFÁ



Tá Ros Comáin chun forbairt fiontar áitiúil a spreagadh, agus micreaghnóthais gus gnólachtaí beaga á gcur ag croílár chruthú na fostaíochta. Tacaíonn OFÁ le gnólachtaí nuathionscanta agus oibríonn sé chun acmhainn fostaíochta micreaghnóthas agus gnólachtaí beaga agus na gceann atá ann cheana a mhéadú le faisnéis, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht airgeadais roghnach.

Ba bhliain an-ghnóthach í 2019 do ÓFA Ros Comáin.

Tacaíodh le 172 gnólacht ina bhfostaítear 897 duine mar thoradh díreach ar dheontais a ceadaíodh do ghnólachtaí úra agus reatha agus baill foirne bhreise á bhfostú i gContae Ros Comáin. Dhéileáil an ÓFA le os cionn 1,800 fiosrú agus tháinig méadú in 2019 ar líon na rannpháirtithe i gcúrsaí oiliúna, tascanna meantóireachta agus clinicí meantóireachta. Cuireadh na tacaíochtaí sin ar fad chun cinn i measc gnóthais beaga, micreaghnóthas agus gnólachtaí nuathionscanta i Ros Comáin, cuireadh ar fáil dóibh iad agus rinneadh iad a shaincheapadh faoina gcoinne.

D'oibrigh an OFÁ le hocht meánscoil agus sé bhunscoil déag chun an fhiontraíocht a chothú ar an leibhéal áitiúil, contae agus náisiúnta. In 2019 chomh maith ghlac daichead a hocht rannpháirtí ó Ros Comáin páirt i gcomórtas Fhiontraithe Óga na hÉireann (IBYE).



Wayne Auchmuty, Scaled Rigs, Mórghradam IBYE Ros Comáin 2019.

Ceapadh agus tionóladh cláir thiomanta lenar áiríodh na Meáin Shóisialta agus ‘Lean for Micro’ chun tacú le spriocghrúpaí. Bhí béim láidir ag OFÁ Ros Comáin ar ghnólachtaí a ullmhú le haghaidh Brexit in 2019 agus chuir sé meantóireacht, ceardlanna agus seimineáir ar fáil. Ghlac daichead a hocht gnólacht ar an iomlán páirt iontu. Mar chuid dá fhreagairt ar Brexit bhí fócas méadaithe ag an OFÁ ar chúnamh a thabhairt do ghnólachtaí margaí onnmhairiúcháin malartacha a shainithint agus dul san iomaíocht iontu, lena n-áirítear páirt a ghlacadh in Ireland West Trade, tionscnamh LITTUS a thacaíonn le gnólachtaí earraí a onnmhairiú go Meiriceá Thuaidh. Bhí béim láidir ag an OFÁ ar an earnáil teicneolaíochta talmhaíochta a fhás in 2019 agus ghlac sé páirt in athbhreithniú réigiúnach chomh maith le tacú le trí gnólacht as Ros Comáin freastal ar Agritechnica, an seó teicneolaíochta talmhaíochta is mó ar domhan sa Ghearmáin.

Lean an OFÁ le sármhaitheas a bhaint amach i gcúram custaiméirí agus sé mar aidhm aige leas a bhaint as é sin agus leanúint le seirbhísí agus tacaíochtaí ardcháilíochta a sholáthar dá mboinn custaiméirí agus cliant atá ag méadú de shíor ar fud Ros Comáin. Leanadh le rannpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann agus leis an IDA le linn 2019 agus Ros Comáin á chur chun cinn mar shuíomh le haghaidh gnó agus infheistíocht isteach. D'éirigh le Comhairle Contae Ros Comáin i bpróiseas iomaíoch maoinithe faoin gClár um Athnuachan Tuaithe chun Mol Nuálaíochta a fhorbairt i bhFearann na Manach éascaíocht a dhéanamh do mhicreaghnóthais agus do ghnólachtaí beaga tosú agus fás sa cheantar. Tá infheisteoirí a mhealladh isteach sa réigiún le láithreáin thionsclaíochta i mbaile Ros Comáin agus leanann sé ag forbairt. Tá céim 2 de na haonaid Mhicribhia sa Chaisleán Riabhach faoi bhealach.

Seirbhísí Corparáideacha

Áirítear ar fheidhmeanna Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí tacaíochta a sholáthar do Lucht Bainistíochta na Comhairle; cruinnithe na Comhairle agus a fochoistí a eagrú agus fónamh orthu; clár na dtoghthóirí; árachas; bainistíocht saoráidí; feidhmeanna tréidliachta; seirbhísí rialaithe madraí; fáiltithe cathartha; imeachtaí, seirbhísí custaiméirí; gearáin ó chustaiméirí; saoráil faisnéise agus cosaint sonraí.

Tábla 1 Clár na dToghthóirí

Toghcheantar na Dála	Toghthóirí Uachtaránachta	Toghthóirí na Dála
Ros Comáin - Toghthóirí Toghcheantar na Gaillimhe	46,854	48,615
Toghthóirí Toghcheantair Pharlaimint na Eorpa i Lár na Tíre - sa Tuaisceart - san Iarthar		48,777
Toghthóirí Toghlimistéar Áitiúil		49,883
Toghlimistéar Áitiúil Bhaile Átha Luain		14,997
Toghlimistéar Áitiúil Mhainistir na Búille		17,804
Toghlimistéar Áitiúil Ros Comáin		17,082

Clár na dToghthóirí

Faoi na hAchtanna Toghcháin 1992 agus 1997 agus faoin Acht Toghcháin 2001 (Leasú), tháinig dhá leagan den Chlár, an Clár atá Curtha in Eagar agus an Clár Iomlán, i bhfeidhm ar an 15 Feabhra 2019. Ullmhaíodh forlónadh leis an gclár do na Toghcháin Áitiúla i mí na Bealtaine 2019 agus 570 toghthóir curtha leis.

Fáiltithe agus Imeachtaí

Is ábhar bróid é do Chomhairle Contae Ros Comáin fáiltithe, imeachtaí agus searmanais bhronnta a óstáil do dhaoine ina limistéar riaracháin a bhfuil clú tuillte acu agus a thugann bród agus onóir chuig a bpobal trína n-éachtaí. Féadfaidh Comhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin saoránaigh a ainmniú. Óstálann an Chomhairle, de réir mar a thagann an ócáid chun cinn, fáiltithe cathartha chomh maith do dhaoine mór le rá ar cuairt chuig an gceantar agus óstálann sí imeachtaí ag Áras an Chontae chun ócáidí ar leith a shonrú.



Fáiltiú Cathartha 2019: Faighteoirí na nGradam agus an Lucht Freastail.



Fáiltiú Cathartha 2019: Jack Carty, Leathchúlaí Amuigh Rugbaí, Connacht agus Éire agus a ghradam á bhronnadh air ag Cathaoirleach Comhairle Contae Ros Comáin, an Comhairleoir Pascal Fitzmaurice agus an Príomhfheidhmeannach an tUasal Eugene Cummins mar aitheantas ar a rath ar ar ardán Náisiúnta agus Idirnáisiúnta le bliain anuas.

Fáiltiú Cathartha

Tionóladh Fáiltiú Cathartha ar an 4 Nollaig, 2019 san Aonad Ealaíon nua-athchóirithe chun onóir a bhronnadh ar rath na ndaoine as Ros Comáin ar an ardán náisiúnta, agus i roinnt cásanna, ar an ardán idirnáisiúnta. Soláthraíonn an t-imeacht sin deis chun comóradh a dhéanamh ar éagsúlacht na dtallann, an díograis agus an dúthracht as a dtagann éachtaí iontacha na bhfaighteoirí sa réimse spóirt, ceoil, drámaíochta, oideachais agus eolaíochta. Bhronn an Cathaoirleach dhá ghradam is fiche ar an iomlán chun os cionn tríocha a cúig éacht éagsúil a cheiliúradh.



Seoladh an Taispeántais '100 Years of Women in Politics and Public Life, From 1918 to 2018'

Taispeántas '100 Years of Women in Politics and Public Life, From 1918 to 2018'

D'óstáil Comhairle Contae Ros Comáin an taispeántas '100 years of Women in Politics and Public Life, from 1918 to 2018', ar feadh tréimhse trí mhí ag tosú i mí Iúil 2019. Thug an taispeántas náisiúnta suntasach sin scéal na mban chun suntais, mná a rinne cion mór do shaol pholaitiúil agus poiblí na hÉireann le céad bliain anuas, na dúshláin a bhí rompu agus na bacainní a sháraigh siad. Ní hamháin gur léiríodh a gcion náisiúnta sa taispeántas ach léiríodh an cion a rinne mná ar bhonn áitiúil don saol polaitíochta agus poiblí.

Cuimsíodh sa taispeántas, a sheol an t-iar-Uachtarán an Dr Máire Mhic Giolla Íosa ar an 17 Iúil 2019, os cionn 100 painéal de dhéantáin agus earraí cuimhneacháin lenar insíodh an scéal ar bhealach soiléir, beoga agus idirghníomhach. Ba í Sinéad McCooile a choimeád an taispeántas agus bhí sé tacaíthe ag Rannóg Chomórtha na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltacht faoi chuid den chlár 'Decade of Centenaries'. Tionóladh sraith de thurais teoraithe struchtúrtha agus léachtaí mar chuid den chur chun chinn agus den ardú feasachta poiblí don taispeántas.

Imeachtaí

Rinne Comhairle Contae Ros Comáin na himeachtaí agus na taispeántais seo a leanas a óstáil in Áras an Chontae le linn na bliana:

- Seoladh 'Explore and Restore' (Foireann an Bhaile)
- Seoladh Fhéile Drámaíochta Ros Comáin
- An Comhshaol – Imeacht na mBailte Slachtmhara
- An Taispeántas 'Minding our Well-being' - Clochar na Trócaire
- Seoladh Fhéile Drámaíochta Ros Comáin
- Seoladh 'ArtSchool Takeover'
- Tráthnóna Faisnéise Éire Shláintiúil - Léacht maidir le hÚireolaíocht leis an Uasal Eamon Rogers, Úireolaí Comhairleach
- Gradam an Chathaoirligh don tSaoránacht Chruthaitheach - 'My Roscommon'
- Seoladh Mháirseáil na Tána
- Seoladh Iris Stairiúil agus Seandálaíochta Chontae Ros Comáin
- Lá Faisnéis faoi Fheasacht Fuinnimh
- Tráthnóna Faisnéise an Chumainn um Shláinte Mheabhach
- Seoladh Taispeántas Amharclann Óige Ros Comáin
- Taispeántas chun Comóradh 120 Bliain na gCéad Toghchán Áitiúil a Cheiliúradh
- Taispeántas - Ag Foghlaim ó Ghrúpscéimeanna Uisce

Cuair Toscaireachta ó Chartrettes, an Fhrainc

Tionóladh fáiltiú chun fáilte a chur roimh thoscaireacht ina raibh tríocha a haon duine as Chartrettes, an Fhrainc chun comóradh 21 bliain a nasctha le Baile Ros Comáin a cheiliúradh ar an 3 Bealtaine 2019. Chun an chuairt a cheiliúradh, tugadh 'Rue Chartrette' ar an siúlbealach úr idir an chearnóg agus an carrchlós úr. Ceiliúradh cairdeas agus malartú cultúrtha thar aon bhliain is fiche san imeacht agus d'fhreastail Ambasadóir na Fraince d'Éirinn, H.E. Stéphane Crouzat, President De Jumelage, Chartrettes, Linda Lauro agus an Leas-Mhéara Pascale Gros air.

Cuairteanna Toscaireachta ó Chúige Shanxi, an tSín

Thug toscaireacht as Cúige Shanxi sa tSín cuairt ar an gcontae ar an 9 Nollaig 2019 in éineacht leis an Uasal Mark Zhang as Cumann Cairdis na hÉireann agus na Síne i mBaile Átha Cliath. Mar chuid den chuairt, thug an toscaireacht cuairt ar Fhoraois agus Páirc Ghníomhaíochta Loch Cé chomh maith.

Turais Ionadaithe Thar Lear - SAM

Thaistil an Cathaoirleach, an Comhairleoir Ivan Connaughton go Nua-Eabhrac chun freastal ar Dhinnéar Bhliantúil Chumann Ros Comáin in Nua-Eabhrac ar an 28 Feabhra 2019. Thaistil an Cathaoirleach agus an tUasal Martin Lydon, Stiúrthóir Seirbhísí go Nua-Eabhrac le haghaidh cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig ón 13 go dtí an 19 Márta 2019.

Sparánacht Dermot Earley

Leis an sparánacht bhliantúil spóirt a chuir Comhairle Contae Ros Comáin ar bonn in ómós Dermot Earley, nach maireann, tairgtear cúnamh airgeadais d'iarrthóirí rathúla ón gcontae (buachaill amháin agus cailín amháin) atá ag freastal ar a gcéad bhliain san oideachas tríú leibhéal agus ag a bhfuil cúla inniúil sa spóirt. Ba iad Ciara Corcoran agus Jack Lohan na faighteoirí don bhliain acadúil 2019/2020.

Na Meáin Shóisialta

Le húsáid na meán sóisialta corparáideach treisítear agus feabhsaítear cúrsaí cumarsáide agus cuireann sé le cur chun cinn agus feachtas na Comhairle. Leis na meáin shóisialta is féidir leis an gComhairle a líonra cumarsáide a mhéadú, faisnéis a scaipeadh ar bhealach éifeachtach agus rannpháirtíocht a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla leis an bpobal.

Fodhlíthe maidir le Corrrthrádail

Ghlac an Chomhairle Fodhlíthe maidir le Corrrthrádail i mbailte Ros Comáin, Mhainistir na Búille, an Chaisleáin Riabhaigh, Bhealach an Doirín agus Bhéal na mBuillí ag a Cruinniú Iomlánach ar an 22 Iúil 2019.

Toghcháin Áitiúla

Tionóladh na Toghcháin Áitiúla ar an 24 Bealtaine 2019. Lorg aon iarrthóir déag toghadh chun sé shuíochán i ngach ceann de na trí Cheantar Bhardasacha, Baile Átha Luain, Mainistir na Búille agus Ros Comáin. I ndiaidh na dToghchán Áitiúil, tionóladh Cruinniú Bliantúil na Comhairle úir ar an 7 Meitheamh 2019.

Feidhmeanna Tréidliachta

Feidhmíonn Comhairle Contae Ros Comáin conradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) chun maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht bia i naoi seamlas agus i sé mhonarcha mhonaraíthe feola neamhspleácha. Déanann Oifigeach Tréidliachta na Comhairle agus Cigirí Tréidliachta sealadacha maoirseacht ar mharú. Déantar iniúchadh ante- mortem agus post-mortem ar gach ainmhí lena chinntiú go bhfuil an bia oiriúnach lena ithe ag an duine. Déantar inrianaitheacht na n-ainmhithe go léir a dheimhniú chomh maith. Maraíodh 3,092 eallach, 7,645 caora agus 255 muc in 2019 i seamlais ar a ndéanann an Chomhairle maoirseacht i gContae Ros Comáin.

Seirbhísí Rialaithe Madraí

Faoi Acht um Rialú Madraí 1986, glacann Cúram Ainmhithe Lár na Tíre freagracht as rialú madraí sa chontae faoi chonradh seirbhíse le Comhairle Contae Ros Comáin



Michael Leyden, Oifigeach Tréidliachta agus an Comhairleoir Orla Leyden ag imeacht na Comhairle maidir le Micrishlis a chur i Madraí.

Ceanglaítear ar úinéirí madra leis an dlí ceadúnas reatha madra a bheith acu. I mí Iúil 2018, thug An Post an Clár Náisiúnta Madraí isteach trínar féidir ceadúnais madra a cheannach ar líne. Is féidir ceadúnas a cheannach ó aon Oifig an Phoist.

In 2019, b'ionann an caiteachas maidir le Seirbhísí Rialaithe Madraí agus €186,866 agus b'ionann an t-ioncam iomlán maidir leis na ceadúnais agus na táillí sin agus €72,256.

I mí Mheán Fómhair 2019, d'eagraigh an Chomhairle 'lá le haghaidh micrishliseanna do mhadraí' chun micrishliseanna a spreagadh. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht agus cuireadh micrishlis i ndaichead a sé madra ar an lá.

Leis an Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2010, ceanglaítear ar áitribh iarratas a dhéanamh lena gcuimsiú ar Clárum Bunachais Pórúcháin Madraí na nÚdarás Áitiúil. Cuimsíodh dhá bhunachas ar chlár na Comhairle ag deireadh 2019.

Saoráil Faisnéise (SF)

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 133 iarratas SF in 2019. Tá miondealú maidir le torthaí na n-iarratas sin léirithe sa tábla thíos.

Tábla 2 Saoráil Faisnéise

Líon na n-iarratas SF nár cinneadh amhail an 1 Eanáir 2019	4
Líon na n-iarratas SF a fuarthas le linn 2019	133
Líon na n-iarratas a deonaíodh	67
Líon na n-iarratas a deonaíodh i bpáirt	29
Líon na n-iarratas a deonaíodh	28
Líon na n-iarratas SF a aistríodh, a aistarraingíodh no ar déileáladh leo lasmuigh de SF	3
Líon na n-iarratas nár cinneadh amhail an 31 Nollaig 2019	10

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)

Fuair an Chomhairle ceithre iarratas RFC déag in 2019. Tá sonraí maidir le torthaí na n-iarratas sin curtha i láthair sa tábla thíos.

Tábla 3 Iarratas RFC

Líon na n-iarratas RFC nár cinneadh amhail an 1 Eanáir 2019	0
Líon na n-iarratas RFC a fuarthas le linn 2019	14
Líon na n-iarratas RFC a deonaíodh	12
Líon na n-iarratas RFC a deonaíodh i bpáirt	2
Líon na n-iarratas RFC a diúltaíodh	0
Líon na n-iarratas nár cinneadh amhail an 31 Nollaig 2019	0

Cosaint Sonraí

Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018 agus an Acht um Chosaint Sonraí 2018 forchuirtear oibleagáid ar Chomhairle Contae Ros Comáin na sonraí pearsanta uile atá faoina smacht a chosaint. Lean an Chomhairle ag forbairt á beartas, nósanna imeachta agus cleachtas in 2019 chun a freagrachtaí maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Fuair agus dheonaigh an Chomhairle deich iarratas ar Rochtain Ábhair (IRÁnna) in 2019.

Ceartha Daonna agus Comhionannas na hÉireann

I bhfeidhmiú a feidhmeanna, de réir Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, dhírigh Comhairle Contae Ros Comáin a haird ar an ngá a bhí leis an méid seo a leanas -

- Deireadh a chur le hidirdhealú,
- Comhionannas deiseanna agus caitheamh a ball foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chur chun cinn, agus
- Ceartha daonna a comhaltaí, a ball foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chosaint

Garda Síochána Act 2005

I bhfeidhmiú a feidhmeanna, de réir Alt 42 den Acht 37 d'Acht an Gharda Síochána 2005, dhírigh Comhairle Contae Ros Comáin a haird ar na bearta tábhachtacha maidir le coireacht, mí-ord agus iompar frithshóisialta a chosc laistigh dá réimse freagrachta.

Sócmhainní, Gníomhú ar son na hAeráide agus Bainistíocht Fuinnimh

Tá freagracht ag an Rannóg um Shócmhainní, Gníomhú ar son na hAeráide agus Bainistíocht Fuinnimh, lena n-áirítear Soilsiú Poiblí, a oibríonn faoi Stiúrtóireacht Rialachais agus Gnóthaí Corparáideacha as roinnt réimsí sonracha.

Sócmhainní

Is é an príomhchuspóir foriomlán leis an bhfeidhm sin gach sócmhainn de chuid na Comhairle a bhainistiú agus a thaifeadadh lena n-áirítear foirgnimh, talamh, tithe etc, i gClár comhtháite Sócmhainní agus cloí le hoibleagáidí reachtúla gaolmhara um thuairisciú na Comhairle. Go dtí seo, cuireadh sonraí maidir le gach foirgneamh agus talamh atá faoi úinéireacht na Comhairle mar aon le líon iomlán an stoic tithíochta sóisialta ar aghaidh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí ar bhonn bliantúil lena gcur isteach sa *Chlár Náisiúnta Maoine*. Tá Comhairle Contae Ros Comáin ag obair chomh maith i dtreo fardal caighdeánaithe de na sócmhainní comhlachtaí poiblí ar fad a bhaint amach ar bhonn náisiúnta.

Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta don *Chlár Oibre um Athrú Aeráide* agus gníomhú ar son na haeráide cuimsithe mar fhreagracht faoi leith laistigh den Rannóg um Shócmhainní, Gníomhú ar son na hAeráide agus Bainistíocht Fuinnimh. Mar thoradh ar bhunú Oifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide (CARO) faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú tá Comhairle Contae Ros Comáin ailínithe le foréigiún Lár na Tíre de CARO an Iarthair agus Lár na Tíre.

Ghlac Comhairle Contae Ros Comáin *Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024 de chuid Chomhairle Contae Ros Comáin* i mí Mheán Fómhair 2019. Déileálann ionadaí de chuid na Foirne um Gníomhú ar son na hAeráide de gach Rannóg/Aonad Gnó de chuid na Comhairle leis an straitéis sin.

Bainistíocht Fuinnimh

Is é an phríomhfeidhm leis an bhfeidhm sin éascaíocht a dhéanamh ar ról na Comhairle mar chomhlacht poiblí chun sprioc d'fheabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020 i gcomhthéacs ghealltanais AE na hÉireann agus spriocanna athraithe aeráide i gcoitinne agus cloí le hoibleagáidí reachtúla gaolmhara um thuairisciú na Comhairle.

Síníodh Comhaontú Comhpháirtíochta Fuinnimh na hEarnála Poiblí ar an 25 Aibreán 2016 mar chomhoibleagáid idir an Chomhairle agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) maidir leis an sprioc sin a bhaint amach le meantóireacht agus oiliúint iomchuí curtha i bhfeidhm chun cuidiú leis an gclár. Mar chuid den oibleagáid maidir le monatóireacht agus tuairisciú fuinnimh, bhí na sonraí uile maidir le húsáid fuinnimh 2018 curtha isteach faoi mhí na Bealtaine, 2019. Tá Comhairle Contae Ros Comáin ag laghdú 27.7% faoi láthair den sprioc d'fheabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh a theastaíonn faoi 2020 bunaithe ar úsáid fuinnimh suas go dtí 2018.

Leantar le hobair ar dhíriú ar phríomhúsáideoirí fuinnimh na Comhairle ina gcuimsítear go príomha costais fuinnimh an tsoilsiú phoiblí, úsáid leictreachais agus breosla iompair chun tuilleadh feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.

Soilsiú Poiblí

Chuaigh Comhairle Contae Ros Comáin isteach i gconradh le Energia maidir le soláthar neamh-mhéadraithe agus le Airtricity maidir le soláthar méadraithe fuinnimh chun an líonra soilsiú phoiblí ar fud an chontae a shoilsiú.

Chuaigh an Chomhairle, i gcomhar le húdaráis áitiúla eile i réigiún Chonnachta, isteach i gConradh maidir le Cothabháil Réigiúnach in 2015 le Electric Skyline Limited le haghaidh deisiúcháin ghinearálta ar an gcóras a raibh rátaí iomaíocha le haghaidh chothabháil agus dheisiú an fhardail soilsiú phoiblí mar thoradh air.

Bunaithe ar shuirbhé ar shoilsiú poiblí a rinneadh in 2016 agus ar thús le huasghrádú náisiúnta ar an soilsiú poiblí go LED, rinne an Chomhairle oibreacha ar líon mór suíomhanna ar fud an chontae in 2019. Táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh uasghrádaithe arna mhaoiniú ag Bonneagar Iompair Éireann (BIE) in 2020.

Dearbhú de réir I.R. 542 de 2009

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

In 2019, chaith Comhairle Contae Ros Comáin €1.41m ar mhuirir a bhain le fuinneamh agus is iad seo a leanas na príomhchatagóirí a bhí i gceist:

- Muirir maidir le fuinneamh agus cothabháil an tsoilsihe phoiblí;
- Muirir leictreachais maidir le soilsiú agus téamh spáis.
- Breosla iompair.

Gníomhaíochtaí a Rinneadh

Ó 2010 i leith rinne Comhairle Contae Ros Comáin raon tionscnamh le feabhas a chur ar a feidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Oiliúint i ndáil le fuinneamh;
- Feachtais feasachta;
- Oiliúint tiomána;
- Comhdhlúthú oifigí éagsúla na Comhairle i mBaile Ros Comáin ina gCeanncheathrú Cathartha saincheaptha aonair as ar tháinig tairbhí coigilte fuinnimh;
- Uasghrádú ar éifeachtúlacht fuinnimh ar:
 - Foirgnimh
 - Soilsiú Poiblí.

In 2019 rinne Comhairle Contae Ros Comáin raon tionscnamh le feabhas a chur ar a feidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Gloine thánaisteach a chur i gcrích i gCeanncheathrú Leabharlann Ros Comáin;
- Iarfheistiú LED ar shoilsiú poiblí ar:
 - Bóithre éagsúla náisiúnta agus bóithre den dara grád ar fud an chontae.
 - Bóithre réigiúnacha agus eastáit ar fud an chontae.

Le chéile, tá na bearta sin agus bearta coigilte fuinnimh eile ag cur le coigilteas bliantúil suntasach i ndáil le fuinneamh don Chomhairle le laghdú reatha fuinnimh (úsáid suas go dtí 2018) de 27.7% bunaithe ar bhonnlíne 2009 chun sprioc de 33% a bhaint amach faoi 2020.

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Ros Comáin tuilleadh feabhais a chur ar a feidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- *Plean Gníomhaíochta Fuinnimh* Ilbhliantúil;
- Monatóireacht agus iniúchtaí fuinnimh ar úsáideoirí suntasacha fuinnimh le hoibreacha uasghrádaithe dá réir sin, de réir mar is féidir leis na hacmhainní;
- Feachtais feasachta le gach ball foirne;
- Uasghrádú LED ar an stoc reatha soilsihe phoiblí ar phríomhbhóithre náisiúnta agus ar bhóithre den dara grád agus ar bhóithre áitiúla. Chláraigh Comhairle Contae Ros Comáin mar rannpháirtithe sa *Tionscadal Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsihe Phoiblí Údarais Áitiúil* arna chomhordú ag Oifig na Bainistíochta Bóithre (OBB) atá le tosú ar bhonn náisiúnta in 2020.

Seirbhísí Éigeandála

Seirbhís Dóiteáin, Bainistíocht Éigeandálaí, Rialú Foirgníochta agus Cosaint Shibhialta

Seirbhísí Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandálaí

Soláthraíonn Comhairle Contae Ros Comáin raon seirbhísí sábháilteachta dóiteáin, forfheidhmithe agus éigeandála agus bainistíonn sí soláthar seirbhíse éigeandála dóiteáin agus tarrthála 24 uair an chloig do Chontae Ros Comáin.

Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin

Soláthraítear oibríochtaí na seirbhíse dóiteáin tríd an gCóras um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde OHSAS 18001:2007 arna chreidiúint ag NSAI.

Cuireadh aonaid briogáide dóiteáin ina bhfostaítear daichead a sé comhraiceoir dóiteáin coimeádta páirtaimseartha ó Bhaile Ros Comáin, ó Bhealach an Doirín, ó Mhainistir na Búille, ó Ail Finn agus ó Bhéal na mBuillí i bhfeidhm 254 uair in 2019. Cuireadh briogáidí ó Bhéal Átha na Sluaighe agus ó Bhaile Átha Luain i bhfeidhm daichead a hocht uair ar theagmhais i Ros Comáin Theas. D'fhreastail aonaid briogáide dóiteáin ón gCreagán, Clár Chlainne Mhuiris, Béal Átha hAmhnais, Charlestown, Droim Seanbhó, Cora Droma Rúisc agus Béal Átha Liag ar theagmhais éigeandála i gContae Ros Comáin in 2019 chomh maith.



Baill Briogáid Dóiteáin Ros Comáin sa phictiúr le hinneall dóiteáin nua Aicme B.

Ceadúnú Tráchtála agus Pobail Áiteanna Siamsaíochta

Déantar soláthar le haghaidh fógra iarratas ar cheadúnas nó ar Dheimhnithe Clárúcháin faoi reachtaíocht um sheirbhísí dóiteáin agus ceadúnú. Fuair Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin seasca iarratas ar cheadúnú le haghaidh 2019. Éilítear tuairiscí sábháilteachta dóiteáin a sholáthar i ndiaidh cigireachta le haghaidh iarratas ar cheadúnas na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche le haghaidh áitribh siamsaíochta poiblí.

Sábháilteachta Dóiteáin Pobail agus Fiontraíochta

Rinneadh cigireachtaí um shábháilteacht dóiteáin ar raon cineálacha áitribh lena n-áirítear áitribh cheadúnaithe, saoraidí cúraim chónaithe, réamhscoileanna, ionaid phobail, stáisiúin pheitрил agus fiontair thráchtála eile.

Déileáladh le hatreoruithe pleanála le haghaidh forbairtí tráchtála, clárú siopaí arm tine agus pléascán agus ceadúnais rialachán substaintí contúirteacha (siopaí peitрил) chom maith.

Bhí Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin gníomhach maidir le sábháilteacht dóiteáin phobail a chur chun cinn chomh maith. D'éascaigh pearsanra ó gach aonad briogáide dóiteáin cuairteanna ar a stáisiúin dóiteáin le linn na bliana. Freastalaíodh ar iarratais ó ghrúpaí deonacha chomh maith chun cainteanna ar shábháilteacht dóiteáin a sholáthar.

Pleanáil Éigeandála

Éascaínn an tSeirbhís Dóiteáin agus na hAonaid Cosanta Sibhialta ullmhú an Plean um Móréigeandálaí agus an fhreagracht ghaolmhar ó Chomhairle Contae Ros Comáin i gcomhar le gníomhaireachtaí freagartha eile (na Gardaí agus Seirbhís Otharcharranna FSS).

Rialú Foirgníochta

Is í Comhairle Contae Ros Comáin an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta reachtúil do Chontae Ros Comáin. Déantar foráil sna Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta 1997 go 2015 i leith cúrsaí nós imeachta, riaracháin agus rialaithe chun chur chun feidhme cheanglais na Rialachán Foirgníochta agus a gcomhlíonadh a chinntiú. Tá feidhm ag na rialacháin go ginearálta maidir le foirgnimh úra agus foirgnimh atá ann cheana lena gcuirtear síneadh, ar a ndéantar mionathrú nó a ndéantar athrú mó ar a n-úsáid.

Fógraí um Thosach Feidhme

In 2019, phróiseáil an tAonad Rialaithe Foirgneamh 224 Fógra um Thosach Feidhme do Chontae Ros Comáin le haghaidh 288 foirgneamh úr. Cuirtear na fógraí um thosach feidhme sin isteach i gceithre chineál éagsúla (ag brath ar na hoibreacha) arb ionann iad agus:

- Fógraí um Thosach Feidhme um Rogha an Diúltaithe
- Fógraí um Thosach Feidhme le Doiciméid
- Fógraí um Thosach Feidhme Gearrfhoirme, agus
- Fógra 7 Lá

Tá leibhéal na dtithe cónaithe aonuaire a ghlac 'rogha an diúltaithe' maidir leis an deis Deimhniú um Chomhlíonadh ar Chur i gCríoch a chlárú leis an Údarás Rialaithe Foirgníochta an-ard ag 133 (60% de gach fógra um thosach feidhme).

Deimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin

Mar Údarás Rialaithe Foirgníochta, phróiseáil Comhairle Contae Ros Comáin daichead a hocht iarratas úr ar Dheimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin faoi reachtaíocht um rialú foirgníochta le linn 2019, méadú 23% ar fhigiúirí 2018.

Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Is ionann Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus teastas a dheonaíonn an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta lena ndeimhnítear comhlíonadh deartha oibreacha áirithe [e.g. foirgnimh úra (seachas tithe cónaithe), roinnt síntí ar fhoirgnimh agus roinnt athruithe ábhartha ar fhoirgnimh (seachas tithe cónaithe)] maidir le ceanglais Chuid M de na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta.



C-D Fergal Conroy, Oifigeach Cosanta Sibhialta, Maura Donnellan, Margaret Regan, Aisling Finan agus Andrew Fox.

Teastaíonn Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas i ndáil le hoibreacha forordaithe áirithe ar fhoirgnimh seachas áiteanna cónaithe (ach foirgnimh árasán san áireamh), a mhéid is atá feidhm ag ceanglais Chuid M de na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta agus a gcuirtear dtús leo nó a bheidh ar siúl ar an 1 Eanáir 2010 nó ina dhiaidh sin. I gcás go dteastaíonn Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin le haghaidh oibreacha ar bith, teastóidh Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas chomh maith.

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin tríocha a trí iarratas ar Theastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas le linn 2019, méadú 38% i gcomparáid le 2018.

Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin Eile

Chomh maith le feidhm reachtúil Chomhairle Contae Ros Comáin bheith faoi reachtaíocht um rialú foirgníochta, is í an t-údarás forfheidhmiúcháin ainmnithe chomh maith chun críche comhlíonadh a chinntiú maidir le reachtaíocht eile faoi mar a leanas:

- Margaíocht Táirgí Foirgníochta i gcomhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Táirgí Foirgníochta) 2013 (IR Uimh. 225 de 2013); Aguisín I;
- Deimhnithe maidir le Rátáil Fuinnimh Foirgnimh i gcomhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012 (IR Uimh. 243 de 2012); Aguisín II;
- Clárú foirgneamh ilstórach chun chríocha an Achta Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilstóracha) 1988.

Cosaint Shibhialta

I bPlean um Fhorbairt na Cosanta Sibhialta de chuid Ros Comáin 2017 – 2019 leagtar amach cuspóirí straitéiseacha Chomhairle Contae Ros Comáin maidir le Cosaint Shibhialta. Sainaithnítear sa phlean cláir agus gníomhaíochtaí éagsúla an Aonaid Seirbhísí Cosanta Sibhialta agus an dóigh a leanfaidh a shaorálaithe le tacú le pobail agus eagraíochtaí i Ros Comáin.

Thug saorálaithe Cosanta Sibhialta Ros Comáin cuidiú ag go leor imeachtaí pobail agus spóirt le linn 2019 ag soláthar tacaíocht leighis. Lean sí chomh maith le patróil sheachtainiúla uiscebhealaí a sholáthar chomh maith le cuidiú i gcomhair líon teagmhais bádóireachta atá ag méadú i gcónaí ar an tSionainn.



Baill Fhoireann Báid na Cosanta Sibhialta.

Dreasachtaí agus Rialú Forbartha

Clúdaítear sa tseirbhís sin na feidhmeanna seo a leanas de chuid na Rannóige Pleanála faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt:

1. **Bainistíocht Forbartha** – ról rialála na Comhairle maidir lena feidhm pleanála. Áirítear ar phríomhréimsí oibre an próiseas iarratas pleanála, dearbhuithe ar fhorbairt dhíolmhaithe agus déanamhais faoi chosaint agus deimhnithe faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú);
2. **Forfheidhmiú Pleanála** – caingean forfheidhmiúcháin a thionscnamh i gcoinne daoine a théann i mbun forbairt neamhúdraithe agus forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe;
3. **Réamhphleanáil** – ról beartais fheidhm pleanála na Comhairle. Áirítear leis sin Pleananna a dhéanamh agus a ghlacadh, agus raon oibre a dhéanamh mar fhreagairt ar thionscnaimh náisiúnta beartais.

Bainistíocht Forbartha

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 671 iarratas ar Phleanáil in 2019. Tá sonraí maidir le torthaí na n-iarratas sin curtha i láthair i dTábla 1:

Tábla 1 Iarratais ar Phleanáil 2014-2019

	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Iarratais a Fuarthas	508	453	511	526	665	671 ¹
Cinntí maidir le Deonú	323	275	333	340	433	410
Cinntí maidir le Diúltú	34	43	33	32	34	46 ²
Ráta Diúltaithe	10%	9.5%	9%	8.6%	7.8%	11.2%
Líon na nAchomharc	8	9	7	16	13	16
Achomhairc ar sheas an Bord Pleanála leo	6	5	4	7 ³	6 ⁴	7 ⁵

- 1 Áirítear leis sin iarratais bhaill agus neamhbhaill ar phleanáil; ní áirítear leis iarratais um Shíneadh ar Fhad Alt 42 agus tograí um fhorbairt Chuid 8 Chomhairle Contae Ros Comáin.
- 2 Gan Síntí ar Fad Alt 42 san áireamh.
- 3 Tá na figiúirí le haghaidh 2014 – 2017 de réir Tuarascálacha Bliantúla roimhe sin agus léiríonn siad líon na gcinntí ar seasadh leo tráth a raibh an Tuarascáil Bhlantúil á hullmhú. Bhíodas ag feitheamh le cinntí ón mBord Pleanála ar líon comhad ag an am sin.
- 4 Nuashonraithe chun cinntí achomhairc a léiriú maidir le gach ceann de na 13 chinneadh a bhí ina n-ábhar achomhairc in 2018.
- 5 Cinneadh 11 chinneadh achomhartha go dtí seo. Seasamh le 7 gcinn de na 11 chinneadh ar a ndearnadh achomharc. Táthar ag feitheamh le 5 achomharc.

Tionóladh 224 cruinniú réamhphleanála ar an iomlán in 2019.

Forfheidhmiú Pleanála

Cuimsítear i bhforfheidhmiú pleanála gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, réiteach forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe agus bailiú ranníocaíochtaí forbartha.

Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin

Is cion é forbairt neamhúdaráithe a dhéanamh. San fhaisnéis thíos léirítear na céimeanna éagsúla de ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin ar tugadh fúithi in 2019 i ndáil le forbairt neamhúdaráithe líomhnaithe, i gcomhréir le Cuid VIII den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

- **Litir Rabhaidh:** Sheirbheáil Comhairle Contae Ros Comáin daichead a trí Litir Rabhaidh;
- **Fógra Forfheidhmiúcháin:** Sheirbheáil Comhairle Contae Ros Comáin dó dhéag Fógra Forfheidhmiúcháin;
- **Legal Action:** Thionscain Comhairle Contae Ros Comáin caingean dlí i gcás forfheidhmiúcháin amháin.

Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe a Réiteach

Bhí thart ar 149 forbairt tithíochta i Ros Comáin nár tugadh faoi chúram in 2019, agus bhí formhór díobh sin neamhchríochnaithe go pointe áirithe.

Tá Foireann na bhForbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe ag obair chun forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe a réiteach sa chontae trí rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe ábhartha chun pleananna réitigh láithreán a aontú agus a chur chun feidhme. I gcoibhneas le blianta roimhe, tháinig méadú suntasach ar atosú oibreacha i roinnt forbairtí. Thug forbróirí, conraitheoirí arna bhfostú ag sealbhóirí bannaí, conraitheoirí arna bhfostú faoi Chreat Chomhairle Contae Ros Comáin chomh maith le hoibrithe leath-oilte a bhí fostaithe go díreach ag an gComhairle faoi oibreacha réitigh láithreán.

Glacadh seacht bhforbairt déag faoi chúram in 2019. Bhí na forbairtí ag suíomhanna éagsúla ar fud an chontae lena n-áirítear baile Ros Comáin, Mainistir na Búille, an Caisleán Riabhach, Baile an Doirín, Fearann na Manach, Béal na mBuillí, Barraigh Mhóra, Baile an Locha, Béal an Átha Mín, Béal Átha na Muille, Uachtar Thíre agus Tearmann Bearaigh.

Ranníocaíochtaí Forbartha a Bhailiú

Gearrtar Ranníocaíochtaí Forbartha ar iarratais ar phleanáil i gcomhréir leis an *Scéim um Ranníocaíochta Forbartha 2014* a ghlacadh. Tá sonraí maidir le 2019 curtha i láthair i dTábla 2.

Tábla 2 Ranníocaíochtaí Forbartha 2018 agus 2019

Scéim um Ranníocaíochta Forbartha	2018	2019
Ranníocaíochtaí a sonrasaíodh	€647,345	€1,023,710.55
Ranníocaíochtaí a fuarthas	€810,226	€714,676.65

Réamhphleanáil

Comh-Straitéis Mhiondíola Bhaile Átha Luain

I ndiaidh comhaontaithe le Comhairle Contae na hIarmhí i ráithe dheireanach 2018 i ndáil leis an bpróiseas maidir le *Comh-Straitéis Mhiondíola Bhaile Átha Luain* a ghlacadh, cuireadh tús leis an gcomhairliúchán poiblí sa chéad ráithe de 2019 maidir le *Dréacht-Athrú Uimh. 2 de Phlean Forbartha Ros Comáin 2014 – 2020* agus *Dréacht-Athrú Uimh. 2 de Phlean Ceantair Áitiúil Fhearann na Manach Béal Átha na Muille (Iarthar Bhaile Átha Luain) 2016 – 2022*. De thoradh ar bhreithniú Thuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh ar aighneachtaí a fuarthas i ndáil le dréacht-athruithe, d'aontaigh na Comhaltaí tofa go ndéanfaid siad *Athrú Uimh. 2 de Phlean Forbartha Ros Comáin 2014 – 2020* ag cruinniú iomlánach na Comhairle a tionóladh ar an 29 Aibreán 2019. D'aontaigh Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain go ndéanfaid siad *Athrú Uimh. 2 de Phlean Ceantair Áitiúil Fhearann na Manach Béal Átha na Muille (Iarthar Bhaile Átha Luain) 2016 – 2022* ag a gcruinniú iomlánach ar an 7 Bealtaine 2019.

Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (TRTI) – Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach 2020-2032

Bhí *Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach (SSER)* á hullmhú ag TRTI in 2019. Ghlac Comhairle Contae Ros Comáin páirt mhór sa phróiseas comhairliúcháin agus rinne sí aighneachtaí mionsonraithe ag céimeanna éagsúla. D'oibrigh Comhairle Contae Ros Comáin le Comhairle Contae na hIarmhí maidir le hábhar aighneachta a ullmhú a bhain le hIonad Réigiúnach Fáis Bhaile Átha Luain, atá lonnaithe i bpáirt i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.

Gníomhaíocht Chomhpháirteach le Comhairle Contae na hIarmhí

Bhí réimse oibre ar siúl le Comhairle Contae na hIarmhí in 2019. Cuireadh tús le hobair thosaigh mar chuid de chéim thosaigh ullmhúcháin thodhchaí an Phlean Ceantair Uirbhig le haghaidh Ionad Réigiúnach Bhaile Átha Luain, mar atá ainmnithe sa Chreat Náisiúnta Pleanála. Ullmhóidh an dá údarás an Plean i gcomhar lena chéile.

Chun bonn eolais a chur faoi phróiseas déanta an phlean sa ghearrthéarma agus chun creat a sholáthar le haghaidh forbairt eacnamaíoch Bhaile Átha Luain san fhadtéarma, lorgaíodh tairiscintí in 2019 chun Straitéis Eacnamaíoch a ullmhú. Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh an Straitéis Eacnamaíoch mar threoirphlean le haghaidh forbairt amach anseo Bhaile Átha Luain go 2040. Is é an cuspóir uileghabhálach a bheidh leis bonn eolais agus spreagadh a chur faoi forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus fhisiciúil Bhaile Átha Luain. Tá sé beartaithe léi fostaíocht mhéadaithe agus deiseanna fiontraíochta a chur chun cinn i mBaile Átha Luain agus ina chúlchríocha, agus táthar ag súil go soláthrófar fíis uailmhianach, shonrach a bheidh go hiomlán indéanta don ionad réigiúnach sna fiche bliain amach romhainn. Dámhadh an tairiscint i ráithe dheireanach 2019.

Bhí obair ar siúl idir an dá údarás i ndáil le tairiscint a ullmhú maidir le tabhairt faoi Mheasúnú um Iompar Straitéiseach do Bhaile Átha Luain agus don cheantar máguaird. Fógraíodh an tairiscint ar ríomh-Thairiscint i ráithe dheireanach 2019.

Tá an dá chorpas oibre thuas á bhfáil i gcomhar ag Comhairle Contae Ros Comáin agus Comhairle Contae na hIarmhí, agus is í Comhairle Contae Ros Comáin an tÚdarás Conarthach don Straitéis Eacnamaíoch agus ba í Comhairle Contae na hIarmhí an tÚdarás Conarthach don Mheasúnú um Iompar Straitéiseach.



Cosaint an Chomhshaoil

Clúdaíonn Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Ros Comáin réimse feidhmeanna agus seirbhísí éagsúla. Is iad seo a leanas na príomhréimsí:

- **Rialú Truailithe agus Bainistíocht Cháilíocht an Uisce**
- **Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola**
- **Bainistíocht ar Líonadh Talún**
- **Bainistíocht Ionad Fóntas Poiblí agus Ionad Fág Anseo**
- **Bainistíocht Bruscair**
- **Feasacht faoin gComhshaoil**

Rialú Truailithe agus Bainistíocht Cháilíocht an Uisce

Clúdaítear i reachtaíocht um rialú truailithe réimsí amhail truailiú uisce, aertruailiú, núis agus torann. Áirítear ar ghníomhaíochtaí sonracha i ndáil le rialú truailithe imscrúdú a dhéanamh theagmhais truailithe uisce, ceadúnú agus monatóireacht ar sceitheadh in uiscí agus séaraigh, ceadúnú astaíochtaí san aer, monatóireacht ar an uisce óil, feidhmíocht ionad cóireála fuíolluisce uirbigh agus monatóireacht ar aibhneacha agus ar lochanna. Tionóladh ceardlann in 2016 le hAonad Bainistíochta Abhantrach GCC chun stádas na n-abhantrach i gContae Ros Comáin a thréithriú i gcomhréir leis an gCreat-treoir Uisce. Tugadh tús áite do shé dhobharlach i Ros Comáin le tuilleadh gnímh a dhéanamh orthu i dtimthriall reatha chlár na Creat-treorach Uisce. Chuir Foireann um Measúnú Abhantrach Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) tús le hobair ar abhantracha Clooneigh, Jiggy/Hind agus Loch Cé.

Saotharlann

Lean an tSaotharlann le seirbhís chomhroinnte samplála agus tástála a chur ar fáil do chúig údarás áitiúla eile. Bhain sé sin le sampláil agus tástáil uiscí óil, fuíolluisce, eisiltigh thrádála, láisteáit líonta talún, uiscí dromchla, screamhuisce etc. In 2019 thosaigh an tsaotharlann ag tairiscint seirbhís tástála don phobal le haghaidh samplaí uisce. Lena chois sin, ag druidim le deireadh na bliana, fuarthas dhá anailíseoirí úra uathoibríocha sa tsaotharlann a bheidh á gcoimisiúnú i dtús 2020. Bainfear úsáid astu sin chun cothaithe, iain agus miotail a thástáil i mairísí éagsúla.

Plean Náisiúnta Cigireachta

Is é is cuspóir leis an gcóras clárúcháin agus cigireachta le haghaidh córais chóireála fuíolluisce tí (DWWTs) cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla (go hairithe foinsí uisce óil) a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le córais nach bhfuil ag obair i gceart. Le héifeacht ón 26 Meitheamh 2012 ceanglaíodh ar gach úinéir áitribh atá ceangailte le córas cóireála fuíolluisce tí a gcóras a chlárú. Is é €50 an táille ar chlárú anois. Faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 arna leasú, b'éigean do Chomhairle Contae Ros Comáin tríocha a cúig láithreán ar a laghad a iniúchadh in 2019. Rinneadh iniúchadh ar thríocha a sé láithreán in 2019. Theip ar 72% (fiche a sé) díobh agus eisíodh Fógraí Comhairleacha chuig na úinéirí maoine.

Clár Taighde GCC

Bhí ball d'fhoireann na Rannóige Comhshaoil ina chuid de choiste stiúrtha an chlár taighde arna maoiniú ag GCC *Measúnú a Dhéanamh ar Acmhainn Drón Samplaí Uisce agus Sonraí Fhisiceimiceacha a Ghlacadh as Lochanna Oscailte*. Féachtar leis an gclár taighde sin measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm aerfheithiclí gan fhoireann le haghaidh sampláil uisce lochanna oscailte; measúnú a dhéanamh ar na sonraí a bhailítear; a chinneadh an féidir an teicneolaíocht sin a úsáid ar lochanna (iargúlta) nach ndéantar monatóireacht orthu agus measúnú a dhéanamh ar chost-éifeachtúlacht na n-oibríochtaí sin.

Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola

Leithdháileadh deontas €136,373 ar Chomhairle Contae Ros Comáin ón gCiste um Chomhshaoil chun tacú le tionscnaimh thiomanta intomhaiste um fhorfheidhmiú. Tá an tAonad Forfheidhmiúcháin ag oibriú fós agus mar thoradh air sin tá méadú suntasach tagtha ar fhorfheidhmiú an Achta um Bainistiú Dramhaíola agus an Achta um Thruailliú Uisce.

Réigiún Dramhaíola Chonnachta-Uladh

Tá Ros Comáin ina chuid de Réigiún Chonnachta-Uladh i gcomhthéacs bainistíocht dramhaíola. Foilsíodh Plean Dramhaíola Chonnachta-Uladh 2015-2021 i mí na Bealtaine 2015. Cheap an réigiún Comhairle Contae Mhaigh Eo mar an cheann réigiúnach, chun gníomhú thar ceann na n-údarás eile ag a bhfuil freagracht as cur chun feidhme rathúil an phlean. Chomh maith leis sin, roghnaíodh Ceann-Údarás Réigiúnacha maidir le Forfheidhmiú Dramhaíola i ngach réigiún. Is iad Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Contae Liatroma na comh-cheannúdarás do Chonnacht-Ulaidh. Tá an fhreagracht ag an gCeann-Údarás Réigiúnach maidir le Forfheidhmiú Dramhaíola seo as gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola a chomhordú laistigh de réigiún Chonnachta-Uladh, ag leagan síos freagrachtaí, tosaíochtaí agus cuspóirí comhchoiteanna maidir le forfheidhmiú dramhaíola, ag cinntiú fhorfheidhmiú comhsheasmhach na reachtaíochta um dhramhaíl, agus pearsanra údarás áitiúil aige fós mar na céad fhreagróirí ar an talamh maidir le sárúithe sonracha ar an reachtaíocht um dhramhaíl.

CUWERLA

Lean an Rannóg Comhshaoil ag obair le Ceann-Údarás Réigiúnach maidir le Forfheidhmiú Dramhaíola Chonnachta-Uladh (CUWERLA) maidir le tosaíochtaí náisiúnta. Rinneadh seicphointe ilghníomhaireachtaí maidir le sárúithe ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola ag láithreán arna shainaithint ag an nGarda Síochána.

Bainistíocht ar Líonadh Talún

Leanann Comhairle Contae Ros Comáin le monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar láithreáin líonta talún cheadúnaithe ag Bealach an Doirín agus Ros Comáin. Cuireadh iarratas ar Dheimhniú um Údarú maidir le Láithreán Líonta Talún Stairiúil an Chaisleáin Riabhaigh faoi bhráid GCC in 2019.

Ionaid Athchúrsála

Leanann an Chomhairle le ceithre ionad athchúrsála a oibriú ag Mainistir na Búille, Ros Comáin, Bealach an Doirín agus an Caisleán Riabhach. Tá tríocha a naoi banc buidéal lonnaithe ar fud an Chontae agus tá bainc teicstíil lonnaithe ag fiche a naoi ceann de na láithreáin sin.

Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar

Leis an gCóras Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar soláthraítear léargas beacht ar an truailliú ó bhruscar ar fud na tíre agus tomhaistear na hathruithe le himeacht ama go cruinn. Ba í an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Tobin Consulting Engineers a d'fhorbair an córas i gcomhar leis na húdarás áitiúla. Rinne an Chomhairle fiche a ceathair Suirbhé Cainníochtúil agus ochtó a dó Suirbhé ar Thruailliú ó Bhruscar faoin gCóras. Cuireadh iad sin ar aghaidh chuig Tobin Engineering i ráithe dheireanach 2019 lena n-anailísiú agus lena dtuairisciú.

Fodhlíthe maidir le Dramhaíl Tí agus Tráchtála a Dheighilt, a Stóráil agus a Chur i Láthair 2019

Ag a cruinniú ar an 22 Iúil 2019 rinne Comhairle Contae Ros Comáin Fodhlíthe chun deighilt, stóráil agus cur i láthair dramhaíola tí agus tráchtála laistigh dá limistéar feidhmiúil a rialáil agus a rialú. Leis na Fodhlíthe sin aisghairtear Fodhlíthe na Comhairle maidir le Stóráil, Cur i Láthair agus Bailiú Dramhaíola Tí, 2008. Tá foráil ann i leith íocaíocht sheasta €75 a ghearradh i ndáil le sárú ar na Fodhlíthe úra. Tháinig na Fodhlíthe i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2019 agus cuireadh feachtas feasachta i bhfeidhm, arna mhaoiniú faoin Tionscnamh Frithdhumpála 2019, inar cuimsíodh scannánú físeáin maidir leis an bhFodhlí maidir le Cur i Láthair Dramhaíola, físeán cur chun cinn láithreán fóntas poiblí agus agus feachtas na meán sóisialta.



Bailiú Tochtanna ag Láithreán Fóntas Poiblí an Chaisleáin Riabhaigh.

Tionscnamh Frithdhumpála (TFD) 2019

Fuarthas deontas €95,972 ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoin TFD i gcomhair seacht dtionscadail in 2019. Áiríodh ar thionscadail a rinneadh faoin tionscnamh sin *Bulky Goods Collections* a tionóladh ag gach ceann de na ceithre láithreán fóntas poiblí agus ag Bá Hodson, Baile Átha Luain. Bailíodh 77.82 tona earraí toirtiúla thar chúig dháta bailithe mar aon le 894 tocht agus 299 bonn leapa. Cuireadh líon glanta suas i gcrích chomh maith mar aon le *Feachtas Feasachta Ardaithe maidir leis an bhFodhlí Dramhaíola, Feachtas um Fhrithdhumpáil Cois Bóthar* agus *Fógra Cineama d'Fhrithdhumpáil*. Mar chuid den *Fhógra Cineama d'Fhrithdhumpáil*, iarradh ar dhaltai fógra frithdhumplála a scríobh, a ghníomhú agus a sholáthar. Taispeánfar an fógra a bhuafaidh sna pictiúrlanna áitiúla

Glantachán Náisiúnta Earraigh

Tionóladh *Glantachán Náisiúnta Earraigh* le linn Mhí Aibreáin 2019 agus tionóladh seoladh an fheachtais i gCill Taobháin. Chláraigh 141 grúpa lena n-áirítear 40 scoil don imeacht sin. Chuidigh Comhairle Contae Ros Comáin leis na grúpaí le lámhainní, saothraithe dramhaíola, seaicéid ard-infheictheachta agus baint na dramhaíola a bhailigh na grúpaí.



Seoladh an Ghlantacháin Náisiúnta Earraigh 2019 – Cill Taobháin, Ros Comáin.

Clár na Scoileanna Glasa

Bronnadh nócha a trí Bhrat Glas go dtí seo, seach gcinn ar mheánscoileanna, ochtó cúig ceann ar bhunscoileanna agus ceann amháin ar chreis. Tá 98% de an bunscoileanna agus 100% de na meánscoileanna cláraithe le Clár na Scoileanna Glasa. Ní mór do scoileanna a mbronntar Brat Glas orthu é a athnuachan gach dhá bhliain. Rinne fiche a dó scoil a mbrat glas a athnuachan go rathúil in 2019 agus tugadh a mbrait dóibh ag searmanas a tionóladh in Hodson Bay Hotel. Tacaíonn Comhairle Contae Ros Comáin le Clár na Scoileanna Glasa sa chontae trí cheardlanna a eagrú do scoileanna, seimineáir múinteoirí agus measúnú ar iarratais chomh maith le comhairle agus meantóireacht.

Líonra um Chosc na nÚdarás Áitiúil (LAPN)

Dámhadh maoiniú dar luach €11,628 faoi Dheontas LAPN 2019. Baineadh leas as an deontas chun ceardlanna deisiúcháin a sheachadadh. Lena chois sin, chun cuidiú le daoine a vardrús a eagrú ar bhealach níos fearr agus an méid dramhaíola teicstíil a laghdú, eagraíodh agus tionóladh ceithre imeacht Fashioning for the Future le linn Mhí na hAthúsáide (Deireadh Fómhair) 2019.

Imeacht maidir le Micrishliseanna a chur i Madraí

Thairg Comhairle Contae Ros Comáin, mar iarracht úinéireacht fhreagrach madra a chur chun cinn, seirbhís micrishliseanna saor in aisce i gcomhair 200 madra sa chontae. Tionóladh an t-imeacht sin ag an bhFoirgneamh Cosanta Sibhialta, Bóthair Bhéal Átha Liag, Ros Comáin ar an 21 Meán Fómhair 2019. Foilsíodh *Treoir le haghaidh Úinéireacht Fhreagrach Madra* ina raibh faisnéis chomh maith faoin tionscnamh *Green Dog Walker* ar bealach neamh-achrannach, áisiúil é chun dearchtaí faoi shalú madraí a athrú. Tá na bileoga sin ar fáil ag leabharlanna poiblí agus ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Ros Comáin.

Comórtais bhliantúla maidir leis an gComhshaoil

Aithnítear obair iontach na saorálaithe agus na ngrúpaí pobail ar fud Chontae Ros Comáin tríd ár *gComórtas Bailte Slachtmhara* ina gcuimsítear catagóirí amhail *Comórtas na nEastát Slachtmhar*, *Comórtas na Reiligí Slachtmhara*, *Scoileanna Slachtmhara*, *an tSráid is Áille*, *an Aghaidh Siopa is Fearr* agus *Gradaim Pailneoirí do Scoileanna* agus Reiligí. Bhí Éanna Ní Lamhna ina moltóir ar na Gradaim Pailneoirí do Scoileanna agus Reiligí. Agus a dualgais um moltóireacht á gcomhlíonadh aici, ghlac sí an deis oiliúint agus eolas a chur ar fáil do scoileanna agus do ghrúpaí reiligí maidir leis an tábhacht a bhaineann le pailneoirí agus an dóigh a bhféadfadh siad tionscnaimh eile a thacaíonn le pailneoirí a chur chun feidhme. Bhronn Éanna Ní Lamhna na gradaim ag *Searmanas Bronnta* na Comhairle chomh maith a tionóladh i mí na Samhna 2019.



Imeachtaí maidir le Micrishliseanna a chur i Madraí.



Scoil Náisiúnta Lisaniskey, Dún Iomáin – Buaiteoirí Ghradam Pailneoirí na Scoileanna 2019.

Treoirthionscadal um Fheasacht ar Dhramhbhí

Fuarthas maoiniú ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus ó GCC maidir le treoirthionscadal chun iniúchtaí ar dhramhbhí a dhéanamh. Tairgeadh an tseirbhís sin do gach gnólacht bia 'ith istigh' i gContae Ros Comáin agus rinne Profit Watch naoi n-iniúchadh déag. Bunaithe ar thorthaí an treoirthionscadail sin, d'éirigh le Profit Watch maoiniú €100,000 a fháil ón Roinn Talmhaíocht, Bia agus Muirí chun an tionscadal a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

Food Waste and You

Seoladh *Food Waste and You* – pacáiste acmhainní do mhúinteoirí Eacnamaíochta Baile chun curaclam an Teastais Shóisearaigh a chomhlánú ag Comhdháil Chumann Mhúinteoirí na hEacnamaíochta Baile i mBaile Átha Luain. Rinneadh an tionscadal sin i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Contae Mhaigh Eo agus bhí sé maoinithe ag GCC.

Airgeadas

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as an méid seo a leanas;

- **Bainistíocht agus Maoirseacht Airgeadais.**
- **Cuntais Infhála lena n-áirítear Mótarcháin**
- **Cuntais Iníoctha agus Soláthar.**
- **Iníúchadh Inmheánach.**
- **Soláthar agus Foilsiú Faisnéise Airgeadais lena n-áirítear an Buiséad Bliantúil agus an Ráiteas Bliantúil Airgeadais.**

Bainistíocht Airgeadais

Feidhmíonn an Chomhairle Contae Cuntas Ioncaim le haghaidh ioncam agus caiteachas laethúil reatha agus Cuntas Caipitil maidir le hioncam agus caiteachas a bhaineann le tionscadail níos fadtéarmaí amhail soláthar bonneagair agus sócmhainní, lena n-áirítear bóithre, scéimeanna tithíochta, talamh agus foirgnimh. B'ionann leibhéal an caiteachais don Chuntas Ioncaim do 2019 agus €60.2m agus b'ionann an caiteachas don Chuntas Caipitil agus €40.8m.

Ba iad seo a leanas na príomhphointí maidir leis an ngníomhaíocht airgeadais le haghaidh 2019;

- Seachadadh barrachas €11.9k ar an gCuntas Ioncaim.
- Thuairiscigh an Cuntas Caipitil iarmhéid creidmheasa carntha €22m.
- B'ionann an cúlchiste ginearálta carntha ag deireadh 2019 agus €201.7k.
- Caitheamh iomlán comhcheangailte €101m le haghaidh Ioncaim agus Caiteachais maidir le seirbhísí a sheachadadh chuig saoránaigh Ros Comáin.
- Íocadh 97% de na sonraisc ó sholáthraithe laistigh de 30 lá le linn 2019 atá ar aon dul leis an mbliain roimhe sin.

Bailiú Ioncaim

Déantar achoimre sa tábla thíos ar fheidhmíocht an bhailithe ioncaim ó 2014 i leith:

Tábla 1 Bailiú Ioncaim 2014-2019

	2019	2018	2017	2016	2015	2014
Rátaí	89%	86%	83%	91%	93%	80%
Cíos	91%	92%	91%	92%	89%	93%
Tithíocht Iasachtaí	76%	55%	56%	58%	75%	53%

Tháinig méadú ar an mbailiúchán céatadán i ndáil le rátaí iasachtaí do thithíocht i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta d'oibriú leis na custaiméirí ar fad chun fadhbanna a bhaineann le muirir na Comhairle a íoc a réiteach.

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019


Sa Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais tugtar le chéile an t-ioncam agus an caiteachas ar fad a bhaineann le hioncam. Taispeántar ann an barrachas/(easnamh) don bhliain.

Caiteachas de réir an Rannáin	Gross Expenditure 2019 €	Income 2019 €	Net Expenditure 2019 €	Net Expenditure 2018 €
Tithíocht agus Foirgníocht	6,279,929	8,076,520	(1,796,591)	(876,277)
Iompar & Sábháilteacht Bóithre	25,525,064	18,732,812	6,792,252	6,131,652
Seirbhís Uisce	6,597,212	6,708,553	(111,341)	(303,483)
Bainistíocht Forbartha	6,628,880	3,261,911	3,366,969	4,046,025
Seirbhísí Comhshaoil	5,389,098	840,304	4,548,794	4,595,844
Caitheamh Aimsire agus Áineas	3,985,674	848,380	3,137,294	3,287,923
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	692,234	362,812	329,422	468,937
Seirbhísí Ilghnéitheacha	5,161,875	3,357,975	1,803,900	1,471,220
Caiteachas/Ioncam Iomlán	60,259,967	42,189,268		
Glanchoistas na Rannán atá le maoiniú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil			18,070,699	18,821,841
Rátaí			11,653,614	11,724,326
Cáin Mhaoine Áitiúla			10,216,228	10,216,232
Barrachas/(asnamh) don Bhliain roimh Aistrithe			3,799,143	3,118,717
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí			(3,787,237)	(3,112,252)
Barrachas/(easnamh) Foriomlán don Bhliain			11,906	6,465
Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir 2019			189,834	183,369
Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig 2019			201,740	189,834

Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) amhail an 31 Nollaig 2019


	2019 €	2018 €
Sócmhainní Seasta		
Oibriúchán	235,735,117	231,700,563
Bonneagar	1,615,664,454	1,615,664,454
Pobal	13,058,803	11,547,611
Neamh-Oibriúchán	1,311,287	1,431,971
	1,865,769,661	1,860,344,599
Obair ar Siúl agus Réamhspeansais	7,387,308	5,792,763
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	7,655,511	7,158,838
Sócmhainní Reatha		
Stoic	-	-
Trádáil Féichiúnaí agus Réamhíocaíochtaí	5,484,196	7,138,852
Infheistíochtaí Bainc	22,487,368	18,798,012
Airgead Tirim sa Bhanc	255,037	54,414
Airgead Tirim faoi Bhealach	156,058	134,484
	28,382,659	26,125,763
Dlíteanais Reatha (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)		
Rótharraingt Bhainc	-	-
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	6,305,631	7,289,741
Léasanna Airgeadas	-	-
	6,305,631	7,289,741
Glansócmhainní / (Glandlíteanais) Reatha	22,077,028	18,836,022
Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	29,021,716	29,014,576
Léasanna Airgeadais	-	-
Éarlaisí In-aisíoctha	960,875	1,280,080
Eile	1,356,124	1,016,940
	31,338,715	31,311,596
Glansócmhainní	1,871,550,793	1,860,820,626
Léirithe ag		
Caipitliú	1,865,769,661	1,860,344,599
WIP Ioncaim	6,525,993	5,338,198
Cúlchiste Ioncaim Sonrach	-	-
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta	201,740	189,834
Iarmhéideanna Eile	(946,601)	(5,052,004)
Cúlchistí Iomlána	1,871,550,793	1,860,820,626

Caiteachas an Bhuiséad Ioncaim



Caitheamh de réir an chlár

	2019 €	2019 %
Tithíocht agus Tógáil	6,279,929	10%
Iompar agus Sábháilteacht Bóithre	25,525,064	42%
Seirbhísí Uisce	6,597,212	11%
Bainistíocht Forbartha	6,628,880	11%
Seirbhísí Comhshaoil	5,389,098	9%
Caitheamh Aimsire agus Áineas	3,985,674	7%
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	692,235	1%
Ilghnéitheach	5,161,875	9%
Iomlán	60,259,967	100%



Cad é ar caitheamh airgead air

	2019 €	2019 %
Párolla	25,774,245	43%
Speansais Oibriúcháin	28,357,338	47%
Speansais Riaracháin	2,548,762	4%
Speansais Forais	366,250	1%
Speansais Airgeadais	2,397,237	4%
Speansais Ilghnéitheacha	816,135	1%
Iomlán	60,259,967	100%

Tithíocht agus Foirgníocht



Tithíocht Shóisialta ag Cúirt Lios Ruaín, Béal na mBuílle.



Oscailt Oifigiúil Chnoc an Ráille, Bóthar an Stáisiúin, Mainistir na Búille.

Clár um Éadail agus um Thógáil

Tá an Roinn Tithíochta tiomanta do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach faoin *Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020* agus *Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine* a bhaint amach. In 2019, chuir Comhairle Contae Ros Comáin ceannach 28 áit chónaithe aonair i suíomhanna éagsúla agus tógáil lándéanta 10 n-aonad ar Bhóthar an Stáisiúin, Mainistir na Búille, agus 10 n-aonad i gCúirt Lios Ruaín, Mainistir na Búille i gcrích mar chuid den *Chlár Fála agus Foirgníochta Tithíochta*.

**Rebuilding
Ireland**



Ardsaoiréid Léasaithe Caipitil (CALF)

Tá príomhról ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i soláthar tithíochta sóisialta agus tá CALF ar cheann de na príomh-shruthanna maoinithe i gcomhair tithíocht shóisialta a sholáthar. Leis an scéim is féidir le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maoiniú a rochtain le haghaidh ceannach nó tógáil aonad tithíochta a chuirtear ar fáil d'údaráis áitiúla le haghaidh tithíocht shóisialta faoi Chomhaontú Iocaíochta agus Infhaighteachta. Sholáthair Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta 16 theach faoin scéim in 2019.



Roghanna Léasaithe

Scéim Deisigh agus Léasaigh (SDL)

In ainneoin líon cliaint fhéideartha a lorg, tá an tsuim sa *SDL* fós íseal. I mórán cásanna ina ndearnadh cliaint fhéideartha a lorg go dtí ardchéim, chinn an t-úinéir ar deireadh a mhaoín a ligean ar an margadh oscailte. Ní aontas ar bith é sin agus ganntanas na maoine ar cíos i gceantair ina bhfuil ard-éileamh á chur san áireamh. Tá 3 mhaoín ag Comhairle Contae Ros Comáin faoi láthair i mBaile Ros Comáin ar an *SDL*.

Léasú Fadtéarmach

Leis an gcineál sin soláthair tithíochta sóisialta leathnaítear na roghanna chun soláthar na tithíochta sóisialta a sholáthar. Tá 8 maoín ar léas ag Comhairle Contae Ros Comáin faoi láthair ó úinéirí príobháideacha agus soláthraítear 17 n-aonad eile faoin *SCC* (*Scéim Cóiríochta Cíos*) - comhaontuithe léasa cineáil ar cuireadh tús leo in 2018 agus 2019.


Morgáiste go Cíos (MC)

Dhianaigh an ghníomhaíocht faoin Scéim MC in 2019. Próiseáladh 17 n-iarratas le haghaidh tacaíocht MC idir Comhairle Contae Ros Comáin agus an Ghníomhaíocht Tithíochta in 2019 agus an Ghníomhaireacht Tithíochta in 2019. Tugadh faomhadh roinne do 6 iarratas. Go dtí seo. Tá 3 iarratas morgáiste go cíos (MTR) iomlán próiseáilte ag Comhairle Contae Ros Comáin i gcomhar le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Léasú Feabhsaithe

Mar gheall ar choinníollacha an mhargaidh faoi láthair agus a éifeachtaí agus atá córais eile soláthair tithíochta, níor baineadh leas as múnla an léasaithe bhreisithe sa chontae go dtí seo, múnla a dtugann an earnáil príobháideach ceannasaíocht air.

Fíor 2: Tionóntachtaí Príobháideacha Cíos




Measúnuithe agus Tithíocht Leithdháiltí

Rinneadh an Measúnú Bliantúil um Riachtanais Tithíochta Sóisialta a áiríonn líon iomlán na dteaghlach atá incháilithe i gcomhair tithíocht shóisialta gach bliain, ar an 21 Meitheamh 2019. Ag an am sin bhí 323 iarratasóir (gan aistrithe san áireamh) ar an liosta tithe ceadaithe. Bhí 470 iarratasóir aistrithe ar an liosta ar an 31 Nollaig 2019, a bhfuil an formhór acu i gcóiríocht phríobháideach ar cíos trí ÍCT (Íocaíocht Cúnamh Tithíochta) agus SCC (Scéim Cóiríochta Cíos). Rinneadh 166 maoín a thairiscint d'iarratasóirí incháilithe ar thithíocht shóisialta sa bhliain 2019, agus socraíodh 122 comhaontú tionóntachta nua leis an údarás áitiúil dá bharr.



Fíor 1: Foinsí Ioncam an Teaghlach d'Iarratasóirí ar Thithíocht Shóisialta Applicants

Scéim Cóiríochta Cíos (SCC)



Tá Comhairle Contae Ros Comáin ag baint feidhm i gcónaí as an SCC le tacaíocht airgeadais do chóiríocht phríobháideach ar cíos a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil gá le tithíocht ar bhonn fadtéarmach acu. Bhí tacaíocht á tabhairt do 391 teaghlach mar chuid den scéim seo ag deireadh 2019. Bhí 291 teaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus 100 teaghlach i gcóiríocht curtha ar fáil ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta

Táthar ag leanúint de thacaíocht tithíochta a sholáthar do dhaoine a bhfuil gá le tithíocht ar bhonn fadtéarmach acu faoi **Scéim HAP**. Tá faighteoirí Forlonta Cíos a tá incháilithe le tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil á n-aistriú ón bhForlónadh Cíos go **Scéim HAP** ar bhonn céimneach. Tugadh cóiríocht do 162 iarratasóir mar chuid den scéim in 2019. Fágann sé sin gur 516 líon iomlán na n-iarratasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh mar chuid de **Scéim HAP** ó cuireadh tús leis an scéim i Nollaig 2016.


Na caighdeáin le haghaidh Maoin Chónaithe ar Cíos

Tá iniúchtaí á ndéanamh i rith an ama ar theaghaisí príobháideacha ar cíos faoi Rialachán na dTithe (Caighdeáin le haghaidh Tithe Príobháideacha ar Cíos), 2017. Rinneadh 492 iniúchadh in 2019. Iniúchtaí leantacha a bhí in 222 acu sin a raibh gá leo chun dul i ngleic le fadhbanna a tháinig chun cinn in iniúchtaí a rinneadh roimhe. Measadh go raibh 103 de na teaghaisí in 2019 comhlíontach, agus eisíodh 277 Litreacha Feabhsúcháin chuig tiarnaí talún.

Easpa dídine

Cuireann Comhairle Contae Ros Comáin réimse freagairtí ar fáil don easpa dídine i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiún an Iarthair. Tháinig 97 teaghlach chugainn agus iad gan dídean in 2019, agus bhí cóiríocht sa ghearrthéarma de dhíth ar 47 acu. Mar gheall ar thithíocht an údaráis áitiúil agus tithíocht Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, agus ar scéimeanna HAP agus SCC, bhí 21 teaghlach in ann leas a bhaint as tacaíocht tithíochta sóisialta.

Fíor 3: Tacaíocht Tithíochta Sóisialta do Dhaoine Gan Dídean



Clár Athlonnaithe Dhídeanaithe na Siria

I Samhain 2019, cuireadh deireadh go sásúil le seirbhísí tacaíochta athlonnaithe a chuir Comhpháirtíocht LEADER Ros Comáin ar fáil thar ceann Chomhairle Contae Ros Comáin do na 20 teaghlach a lonnódh faoin gclár seo.

Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

Foilsíodh an **Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí** faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. Fuarthas 29 iarratas in 2019 atá ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Rinneadh 23 tairiscint díolacháin in 2019 agus cuireadh 13 dhíolachán i gcrích.

Iasachtaí Tithíochta

Tá an Iasacht Baile atá mar chuid den phlean Éire a Atógáil dírithe ar cheannaitheoirí céaduaire ar mian leo a mbaile féin a bheith acu, daoine a bhfuil teacht acu ar éarlais leordhóthanach agus atá in acmhainn morgáiste a aisíoc, ach nach bhfuil ábalta morgáiste dóthanach a fháil ó iasachtóir tráchtála lena gcéad bhaile a cheannach. Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 33 iarratas ar iasachtaí in 2019. Rinneadh 21 iarratas ar iasachtaí a fhaomhadh le linn 2019 agus tarraingíodh anuas 12 iasacht ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe.

Díolachán Suíomhanna Príobháideacha

Díoladh an suíomh deireanach a bhí ar fáil in Ard Salach Mór, Ros Comáin, in 2019. Rinneadh 11 suíomh i Radharc na Foraoise, Mainistir na Búille in Iúil 2019, ar phraghas laghdaithe de €10,000. Ní bhfuarthas iarratas ar bith le suíomhanna a cheannach i Radharc na Foraoise faoi dheireadh na bliana.

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024

Glacadh le **Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024** ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle i Meitheamh 2019. Thug taighde ar éileamh a rinneadh sa chontae le fios nach raibh ach suim íseal i gcóiríocht ar leith don lucht siúil agus go raibh rogha ag teacht chun cinn le haghaidh tithíocht chaighdeánach shóisialta. Tá insint eile curtha chun tosaigh ar leibhéal náisiúnta ag Grúpa Athbheithnithe Saineolach den Lucht Siúil. Is é is aidhm don Chomhairle aonaid chóiríochta faoi leith atá sonrach don lucht siúil a uasghrádú ar bhonn straitéiseach, é sin ag brath ar chomhaontú áitiúil a bheith ann, agus táthar ag súil gurb é an toradh a bheidh air sin ná go gcuirfear spéis go fóill i gcóiríocht go sonrach don lucht siúil, agus go spreagfar úsáid fiúntach aisti sin. Tugadh cóiríocht do 11 theaghlach den lucht siúil i dtithíocht chaighdeánach shóisialta in 2019.

Cothabháil Tithe

Fuair Roinn Tithíochta Chomhairle Contae Ros Comáin 1,288 glaoch cothabhála agus chaith €446,557.56 ar oibreacha freagartha cothabhála in 2019. Is ionann é sin ar an meán agus €346.70 ar gach glaoch amach.

Clár na dTithe Folmha

Thug an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maoiniú do 2 aonad mar chuid de Chlár na dTithe Folmha 2019 ar luach €30,368. Bíonn tionóntaí i dtimpeall 96.5% den soláthar údarais áitiúil in aon am ar bith agus aistriú seilbhe nádúrtha a bhíonn i gceist le 2% eile (an céatadán den soláthar idir tionóntaí). Ní dócha go bhfillfidh 1.5% den soláthar tithíochta ar ais chuig úsáid fhiúntach mar tá na haonaid seo beartaithe le haghaidh díolacháin (glactar leis go bhfuil siad tréigthe agus i gceantar a bhfuil éileamh íseal iontu).



Deontais Tithíochta

Rinneadh €1,105,411 a leithdháileadh in 2019 faoi chomhair Cúnamh Tithíochta le haghaidh Daoine Scothaosta agus Oiriúnaithe Tithe do Dhaoine atá faoi Mhíchumas. Méadú de €18,245 a bhí ansin ar an méid a tugadh in 2018. Bhí ranníocaíocht na Comhairle leis an scéim sin ar 20% de mhéid an leithdháilte. Tá an clár i gcónaí ann chun coinníollacha maireachtála na mball níos leochail den phobal a fheabhsú, chomh maith le spreagadh geilleagraich a thabhairt don earnáil áitiúil tógála.


Tábla 1: Miondealú ar Dheontais Tithíochta

	Líon na nDeontas a Faomhadh	Luach na nDeontas a Faomhadh
Deontas Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	74	€745,759
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	68	€359,652

Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2019 (fadaith)

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha maidir le Tithíocht agus Míchumas do Chontae Ros Comáin in 2014. Is é is cuspóir don ghrúpa sin a chur ar a gcumas do na heagraíochtaí éagsúla reachtúla agus deonacha atá ag obair san earnáil míchumais freagairtí a thabhairt ar bhonn tráthúil agus comhtháite ar na riachtanais tithíochta atá ag daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil, intleachtúil, meabhrach nó céadfach. Rinne Roinn Tithíochta na Comhairle an *Plean Straitéiseach le Cóiríocht a chur ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas* a ullmhú agus tá an plean i gcomhréir leis an *bPlean Straitéiseach Náisiúnta le Cóiríocht a chur ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas*. Bhí ceithre chruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha maidir le Míchumas in 2019. Tugadh tacaíocht tithíochta sóisialta do 59 duine faoi mhíchumas in 2019 i gceann amháin de na bealaí seo: tithíocht údarais áitiúil, tithíocht le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, HAP nó SCC.

Fíor 4: Miondealú ar Leithdháiltí Míchumais 2019



Bainistíocht ar Eastáit

Déanann an Roinn Tithíochta dea-chleachtais i leith na bainistíochta ar eastáit a chur chun cinn i gcónaí a chothaíonn bród sa cheantar agus bíonn pobail bhríomhara inbhuanaithe mar thoradh air sin. Tharla na rudaí seo a leanas in 2019:

- Bunaíodh dhá chumann cónaitheoirí le dul i ngleic le fadhbanna ina gceantair áitiúla;
- Bhí oiliúint dar teideal 'Junior Litter Warden' ar siúl ar dhá láithreán de chuid an Lucht Siúil;
- Rinne an tOifigeach Teagmhála Tithíochta in éineacht leis an Maor Bruscair iniúchtaí ar eastáit de chuid an údarais áitiúil, faoi fhodhlíthe um dhramhaíl;
- Fuarthas gearáin maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta i ndáil le 14 theach údarais áitiúil agus socraíodh na fadhbanna;
- Rinneadh dhá Ordú Sealbhaithe a dheonú ar chúinsí iompraíocht fhrithshóisialta (rinneadh achomharc ar 1 cheann acu chun na cúirte cuarda).

Acmhainní Daonna

Déanann an Roinn Acmhainní Daonna cultúr ina dtugtar tús áite do sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí sna bealaí seo a leanas: pleanáil fórsa saothair; earcaíocht agus roghnú ball foirne; oiliúint agus forbairt; bainistiú feidhmíochta; forbairt ar cheannasaíocht; leas na mball foirne; polasaithe agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna a aontaíodh a fhorbairt agus a sholáthar; timpeallacht dhaingean oibreachais a chur ar fáil agus timpeallacht chothrom chomhairleach thacúil a chruthú.

Pleanáil Fórsa Saothair

Aithníonn Comhairle Contae Ros Comáin gurb iad na fostaithe an acmhainn is luachmhara atá ann taobh istigh den eagraíocht. Tá ról thar a bheith tábhachtach acu cuspóirí corparáideacha agus gnó na comhairle a bhaint amach agus tá siad riachtanach ó thaobh athruithe a chur i bhfeidhm. Déanann an Roinn Acmhainní Daonna an lucht saothar a lonnú, a fhorbairt agus a bhainistiú d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le timpeallacht athraitheach oibre agus le seirbhís éifeachtúil éifeachtach a chur ar fáil don phobal. Bhí 481 duine ar an iomlán fostaithe ag an gComhairle ar an 31 Nollaig 2019.

Bainistiú Feidhmíochta

Tá Plean Corparáideach na Comhairle mar bhunchloch ag *Córas Comhtháite Bainistithe Feidhmíochta* na Comhairle. Tá an Plean Corparáideach mar bhunchloch nuair atá *Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhísí*, *Pleananna Aonaid* agus *Pleananna Feidhmíochta Daoine Aonair* á gcruthú. Déanann na pleananna sin cuspóirí, spriocanna agus tréimhsí a chur ar bun lena chinntiú go gcuirfidh gach fostaí san eagraíocht le seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil don phobal.



Oiliúint agus Forbairt na mBall Foirne

Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta d'oiliúint agus forbairt na mball foirne, a bhaintear amach i mbealaí éagsúla, ar nós réimse deiseanna oiliúna agus forbartha, cláir forbartha ceannasaíochta agus deiseanna breisoideachais le cinnte a dhéanamh de go mbeidh an t-eolas, an oilteacht, na hinniúlachtaí agus scileanna ag fostaithe le cuspóirí agus aidhmeanna na Comhairle a bhaint amach. Rinne Roinn na nAcmhainní Daonna clár cuimsitheach cothrom oiliúna agus forbartha a sholáthar le linn 2019.

Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020

Cuireann *Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí* le Comhaontú Bhóthar Lansdúin, agus déantar pá agus ábhair ghaolmhara a rialú ann (an 'tobhach pinsin' nach bhfuil ann níos mó san áireamh). Tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2018 agus beidh i bhfeidhm go dtí an 31 Eanáir 2020.

Príomhthosaíocht ag an Rialtais atá i leasú na seirbhíse poiblí. Tá an síorathrú thar a bheith tábhachtach d'fhonn a chinntiú go féidir leis an tseirbhís poiblí dul in oiriúint chun dul i ngleic le timpeallacht atá ag athrú go sciobtha. Sa chéid chéim eile seo de leasú na seirbhíse poiblí, díreofar ar chinnte a dhéanamh de go ndéanfar straitéisí agus polasaithe a cheapadh i mbealaí a bheith daingean, ceannródaíoch agus comhleanúnach comhtháite. Ós rud é go n-aithnítear gur lenár bhfoireann féin a chuirtear tús le seirbhís poiblí a bhfuil rath uirthi, féachfaidh an leasú le forbairt a dhéanamh ar bhfoireann taobh istigh d'eagraíochtaí níos láidre. Cuirfear béim láidir ar thorthaí a fheabhsú do shaoránaigh, caidreamh le custaiméirí a fheabhsú agus déanfar le hinrochtaineacht ar sheirbhísí agus caighdeán seirbhísí a fheabhsú. Déanfar modhanna oibre nua i leith seirbhísí a dhaingniú chomh maith le húsáid níos fearr a bhaint as na sonraí atá againn d'fhonn tacú le seirbhísí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de a sholáthar. Déanfar scileanna meastóireachta i gcás polasaithe a cheapadh a láidriú agus tabharfar tacaíocht don luach ar airgead nuair a dhéanfar cinntithe caiteachais.

Caidreamh Oibreachais/Fostaithe

Bíonn Roinn na nAcmhainní Daonna ag obair le haontais agus ionadaithe na mball foirne le caidreamh dearfach le fostaithe a bhaint amach agus a choinneáil. Tá an Roinn tiomanta i leith timpeallach mhaith a chur chun cinn ó thaobh caidreamh oibreachais de.

Bainistiú Tinrimh

Tá *Polasaí Bainistithe Tinrimh* na Comhairle ina chuidiú ó thaobh timpeallacht oibre a chur ar fáil de a spreagann tinreamh na bhfostaithe agus a bhaineann sin amach ag an leibhéal is airde. Is é is aidhm don pholasaí neamhláithreachas a laghdú agus is é an toradh a bhíonn air soláthar feabhsaithe seirbhísí agus costais níos ísle. Cailleadh 4.28% de laethanta oibre in 2019 mar gheall ar thinneas nó neamhláithreachas.

Bearta Gníomhachtaithe an Fhórsa Saothair

Rinne an Chomhairle an bealach a réiteach do chéimí amháin mar chuid den chlár *Clár Earcaíochta Céimithe* sna réimsí Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíochta & Gnó agus Cumarsáid & Margaíocht. Tá céimí eile fostaithe ag Fiontraíocht Éireann san Oifig Fiontair Áitiúil. Is é is aidhm don chlár go ndéanfaidh an bheirt chéimithe na scileanna agus inniúlachtaí atá acu a fheabhsú faoi dheireadh an chláir sna réimsí saineolais atá roghnaithe acu.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

DIGITAL TRANSFORMATION

Tugann Ceann na gCóras Faisnéise ceannasaíocht do Roinn na gCóras Faisnéise agus an Chlaochlaithe Dhigitigh, dá dtugann Foireann Oibríochtaí TFC agus Foireann an Chlaochlaithe Dhigitigh tacaíocht.

Cuireann Foireann Oibríochta TFC an t-ardán soláthair seirbhísí agus tacaíocht theicniúil ar fáil do gach roinn eile de chuid na Comhairle. Déanann an fhoireann cinnte de go gcuirtear an trealamh agus eolas riachtanach ar fáil go réidh le seirbhís éifeachtúil a sholáthar do shaoránaigh na Comhairle.

Lean Foireann Oibríochta TFC ar aghaidh in 2019 le hardán líonra an tsoláthair seirbhísí a fheabhsú, nuair a tugadh isteach feidhmchláir Microsoft Office 365 agus a fuarthas ríomhairí úra deisce don uasghrádú chuig córas oibriúcháin Microsoft Windows 10.

Chuir Foireann Oibríochta TFC le huasghrádú bandaleithid do na naisc líonra achair fhairsing (WAN) ar fad in 2018. Leis sin a dhéanamh, tugadh isteach Prótacal Idirlín Guthaithe (VoIP) do naisc theileafóin i ngach oifig, a fhágann go ndéantar gach glaoch gutha a ródú chuig córas lárnach na Comhairle. Mar gheall air sin, táthar in ann réitigh níos comhtháite seirbhísí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm agus costais a laghdú ar an ábhar go bhfuarthas réidh le haonaid ghutha aonair.

Tá Foireann an Chlaochlaithe Dhigitigh tiomanta i leith feabhsuithe sa phróiseas gnó a aithint a mbeidh ról acu i dtaca leis an tairbhe is mó a bhaint as acmhainní agus seirbhísí éifeachtúla éifeachtach inmheánacha agus poiblí a sholáthar. Tá an fhoireann freagrach as clár oibreacha a sholáthar don eagraíocht chun claochlú digiteach a bhaint amach, agus é mar aidhm ag an gclár sin seirbhísí ardchaighdeán inrochtana a sholáthar atá éifeachtúil agus tarraingteach, a shásaíonn lena mbeidh saoránaigh ag súil.

Tá córas úr bainistithe cásanna tugtha isteach ag Foireann an Chlaochlaithe Dhigitigh le haghaidh Oifigí ar fad an Cheantair agus do na baill foirne ar fad atá ag an gCeantar Bardasach. Tugtar 'Report It' (Tuiriscigh é) ar an gcóras úr seo. Dearadh é leis an dóigh a ndéantar na gearáin a agus ceisteanna ar fad a dhéanann agus a chuireann saoránaigh a ghabháil agus a bhainistiú san eagraíocht. Cuireadh an córas i bhfeidhm le haghaidh tríocha úsáideoir sna sé cinn d'Oifigí an Cheantair. Déantar na cásanna ar fad a logáil, a mhapáil agus ansin a leagan go huathoibríoch ar an mball foirne cuí bunaithe ar chineál agus áit. Faigheann custaiméirí téacs nó ríomhphost le cur in iúl dóibh cén dul chun cinn atá déanta ar an bhfadhb atá acu.

Tá feidhmchlár saincheaptha forbartha ag aonad GIS a chuireann ar a cumas don Roinn Tithíochta suirbhéanna soghluaiste maidir le coinníollacha tithíochta a dhéanamh i dtaca le soláthar na tithíochta sóisialta. Tugann an réiteach gan pháipéar sin bearta éifeachtúlachta ó thaobh acmhainní agus bainistiú sonraí de chun cinntí a dhéanamh maidir le buiséid.

Seirbhísí Leabharlainne

Ceanncheathrú Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Ros Comáin.

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Ros Comáin réimse acmhainní agus seirbhísí ar fáil ar fud líonra de leabharlanna brainse i Ros Comáin, Mainistir na Búille, Bealach an Doirín, ar an gCaisleán Riabhach, i mBéal na mBuillí agus in Ail Finn. Déantar seirbhísí riaracháin agus seirbhísí oibriúcháin eile a sholáthar i gCeanncheathrú na Leabharlainne Contae, lena n-áirítear stoc, cartlanna, teicneolaíocht, acmhainní ar líne agus bainistiú imeachtaí.

Soláthar Seirbhísí

In 2019, bhí teacht i gcónaí ag úsáideoirí leabharlainne ar leabhair, meáin, ábhar don staidéar áitiúil, áiseanna ríomhaireachta, áiseanna staidéir, imeachtaí, acmhainní ar líne, priontáil agus fótachóipeáil. Mar gheall ar chóras náisiúnta seachadta, bhí fáil ag úsáideoirí ar earraí ó leabharlanna poiblí ar fud na hÉireann ina leabharlann áitiúil féin. Rinne an Leabharlann Taistil freastal ar phointí socraithe freastail i rith na bliana, chomh maith le cuairteanna a thabhairt ar scoileanna faoin tuath, naíolanna agus tithe altranais agus freastal ar imeachtaí, Cruinniú na nÓg agus Play Day (Lá súgartha) ina measc.

Rinneadh seirbhísí riaracháin agus seirbhísí tacaíochta oibriúcháin a riar ó Cheanncheathrú na Leabharlainne Contae, lena n-áirítear éadálacha, bainistiú airgeadais, staidéar áitiúil, cartlanna, TFC agus bainistiú imeachtaí. Thug baill foirne na ceanncheathrún tacaíocht i rith an ama agus cuireadh na baill foirne sin chuig leabharlanna brainse a chlúdach. Mar sin, rinneadh uaireanta oscailte na leabharlann a choinneáil nuair ab fhéidir. Rinneadh uasghrádú teicneolaíoch ar réimsí éagsúla in 2019.

Straitéisí Forbartha Leabharlainne

Cuireadh seirbhísí leabharlainne ar fáil in 2019 i gcomhthéacs na straitéisí agus moltaí do sheirbhísí lárnacha a thugtar san fhoilseachán *Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Thabhairt Le Chéile agus a Chumasú*. Déanfar *Plean Forbartha Leabharlainne 2020 – 2024* a sholáthar in 2020.

Tugadh achoimre ar phlé i ndáil le straitéisí comhoibríocha a úsáid do struchtúir seachadta seirbhísí sa tuarascáil Soláthar Seirbhísí Éifeachtacha Leabharlainne a Bhainistiú in 2014 agus lean togra ó 2016 ar aghaidh in 2019 dar teideal Cur Chuige Comhoibríoch Eile.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag TFC seirbhís nuálach, nua-aimseartha leabharlainne a sholáthar atá spreagtha ag na húsáideoirí. Cuireadh uasghrádú suntasach i bhfeidhm ar acmhainní TFC in 2019. Chuir an tseirbhís leabharlainne seirbhísí níos forleithne ar fáil d'úsáideoirí, agus fuarthas cúnamh deontais ón An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail leis sin a dhéanamh. I leabharlann bhrainse Ros Comáin, rinneadh córas féinseirbhíse a shuiteáil le gur féidir táibléid a fháil ar iasacht lena n-úsáid taobh istigh den leabharlann. Rinneadh uasghrádú ar chuid mhór de na ríomhairí a bhfuil fáil ag an bpobal orthu agus tugadh printéir 3 phlánach agus scáileán mór, soghluaiste idirghníomhach tadhaill don seomra TF i leabharlann bhrainse Ros Comáin. Bhí teacht leanúnach ag úsáideoirí leabharlainne ar acmhainní leictreonacha a chuirtear ar fáil go náisiúnta, leabhair leictreonacha, closleabhair leictreonacha, irisí leictreonacha agus cúrsaí teanga.

Cúrsaí Oibre

Cuireann an tseirbhís Cúrsaí Oibre tacaíochtaí gnó agus fostaíochta d'úsáideora leabharlainne. Bhí an tSeirbhís Leabharlainne ag obair i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus an Oifig Fiontair Áitiúil le himeachtaí a chur i láthair.

Bhronn Seán Canney TD, Aire Stáit sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, duais dar teideal 'Right to Read Champion' (Curadh don Cheart chun Léitheoireachta) ar Meliosa McIntyre, Leabharlannáí Cúnta Gníomhach, Comhairle Contae Ros Comáin. Bhí an searmanas ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an 17 Deireadh Fómhair, 2019. Bronnadh na duaiseanna ar údarais áitiúla le haitheantas a thabhairt dóibh as ucht a n-iarrrachtaí i rith an ama tacú le forbairt na litearthachta sa tseirbhís leabharlainne.

Imeacht Ceiliúrtha
do Réaltáí Dhuais an
tSamhraidh



An Ceart chun Léitheoireachta

Cuireadh tacaíochtaí i leith na forbartha litearthachta ar fáil do pháistí, tuismitheoirí agus daoine fásta mar chuid den chlár *Ceart chun Léitheoireachta*. Cuireadh an clár bliantúil imeachtaí i láthair sna pointí seirbhíse ar fad, agus mar chuid den chlár sin bhí *Spring into Storytime*, *Summer Stars*, *Ros na nÓg* agus *Family Time at Your Library*. Tháinig méadú de níos mó ná 50% ar rannpháirtíocht in Summer Stars ná anuraidh, agus ghlac corradh le 1,300 páiste páirt. Bíonn an tSeirbhís Leabharlainne ag obair i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí cuir i gcás Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, Coiste Cúraim Páistí Ros Comáin, Foróige agus TUSLA d'fhonn a chinntiú go mbíonn an clár *Ceart chun Léitheoireachta* ag cur leis na cláir áitiúla litearthachta atá ann cheana féin, agus go ndéanann an clár na cláir eile sin a fheabhsú.

Éire Fholláin agus do Leabharlann

Tionscnamh atá á threorú ag an Rialtas is ea *Éire Fholláin agus do Leabharlann*. Is é is aidhm don tionscnamh freagra a thabhairt ar riachtanais litearthachta sláinte an phobail, chomh maith le héascaíocht a dhéanamh ar dhaoine teagmháil níos díri a dhéanamh le faisnéis sláinte a fháil, agus tacú leo tuisint níos fearr a fháil ar stíleanna maireachtála agus iad a chur i bhfeidhm. Lean an tionscnamh ar aghaidh i rith 2019. Cuireadh clár forleathan imeachtaí ar fáil sna sé leabharlann i Ros Comáin, agus clúdaíodh topaicí amhail strus, aireachas agus scagthástáil sláinte. Cuireadh na himeachtaí i láthair i gcomhar le comhpháirtithe lena n-áirítear Arthritis Ireland, Cros Dhearg na hÉireann, Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin agus Coláiste Téarnaimh REGARI. Chomh maith le himeachtaí, cuireadh leis an raon leathan acmhainní in 2019, bailiúchán leabhar agus acmhainní digiteacha san áireamh.

Staidéar Áitiúil agus Cartlanna

Leanadh ar aghaidh sa tSeirbhís Leabharlainne seirbhís shuntasach tagartha agus taighde Cartlainne agus do Staidéar Áitiúil a dhéanamh inrochtana.

Imeachtaí agus Taispeántais Leabharlainne

Rinneadh clár suntasach imeachtaí, tacaíochtaí féile, gníomhaíochtaí agus tionscnamh a chur i láthair le linn 2019 do dhaoine ar gach aois. Is dlúthchuid den straitéis na himeachtaí sin d'fhonn an pobal a mhealladh caidreamh a chothú leis an tseirbhís. Cuireadh imeachtaí eile cultúrtha agus ealaíne i láthair mar chuid den obair thras-roinne le hOifig Ealaíon agus Roinn Pobail agus Fiontraíochta na Comhairle Contae, etc. I measc bhuaicphointí na bliana bhí Seachtain na hOidhreacht agus Siarscéal a cuireadh i láthair i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne Shligigh.

Cuireadh dhá thionscadal spreagúla i gcrích i mBealach an Doirín in 2019, tacaíocht á cur ar fáil dóibh ó Chiste na gCuntas Díomhaoín. Tionscadal don litearthacht luathbhlianta ilghníomhaireachta a bhí sa tionscadal 123, Read with Me. Tionscadal ba ea Discover Your Library do dhéagóirí a rinne a gcuid scileanna san inniúlacht dhigiteach a fhorbairt agus san am céanna seirbhísí sa leabharlann áitiúil a thaiscéaladh agus iad ag tabhairt faoi thionscadal léirithe agus eagarthóireachta físe.



Seo na féile Siarscéal 2019

Bearta Feidhmíochta

In 2019, bhí 140,158 cuairt nó custaiméir ar leabharlanna brainse/leabharlann taistil chun críocha éagsúla a léiriú tacaíocht ón bpobal ar bhonn leantach. Ghlac úsáideoirí leabharlainne níos mó ná 124,000 earra ar iasacht.

Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht

Tá an Roinn Bóithre agus Iompair freagrach as cláir a sholáthar lena n-áirítear Cothabháil Bóithre Náisiúnta agus Eile, Scéimeanna Feabhsaithe Bóithre, Cláir Sábháilteachta Bóithre, Oibreacha Cothabhála agus Feabhsaithe ar Dhroichid, Cothabháil ar Dhraenáil Artaireach, Oibreacha Maolaithe Tuilte, Reiligí, Ceadanna Ualaí Neamhghnácha, Dearbhú gur Bóthar Poiblí é Bóthar, Cearta Slí Poiblí a Mhúchadh, Scéimeanna Áitiúla Feabhsaithe, Scéimeanna Rannpháirtíochta an Phobail, Dúnadh Sealadach Bóithre, Suíomhanna Stopanna Bus a Fhaomhadh, Teorainneacha Luais, Flít agus Meaisínre, Ceadúnais chun Bóithre a Oscailt, Páirceanna agus Conláistí.

Líonra Bóithre

Tá Comhairle Contae Ros Comáin freagrach as an líonra bóithre sa chontae a chothabháil agus a fheabhsú. Bhí na hoibreacha seo a leanas i measc na n-oibreacha a rinneadh in 2019: tógáil agus cothabháil bóithre; athshlánú droichead; oibreacha draenála; bearta bainistithe sábháilteachta agus tráchta a chur i bhfeidhm; scéimeanna rannpháirtíochta pobail agus feabhsaithe áitiúla a chur i bhfeidhm; deisithe don chosán agus soilsiú poiblí a sholáthar. Fuarthas maoiniú do na hoibreacha sin ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ó Bhonneagar Iompair Éireann, ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus as acmhainní Chomhairle Contae Ros Comáin féin.

Tábla 1 Aicmiú agus Fad (M) Bhóithre Ros Comáin

Aicmiú Bóthair	Fad (M)
Mótarbhealach	20,220
Príomhbhóthar náisiúnta	85,680
Bóthar náisiúnta den dara grád	147,705
Réigiúnach	373,897
Bóithre Áitiúla	3,380,479
Iomlán do na bóithre ar fad	4,009,981

Tábla 2 Maoiniú do Bhóithre Náisiúnta agus Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad Chontae Ros Comáin 2019

Foinse Maoinithe	Oibreacha	2019 Maoiniú
Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	Atógáil agus Cothabháil Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Droichid, Oibreacha Draenála, Scéimeanna Sábháilteachta, Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail	€15,901,650
Bonneagar Iompair Éireann	Príomhbhealaí Náisiúnta agus Bealaí Tánaisteacha	€14,375,895
Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	Scéimeanna Áitiúla Feabhsaithe na mBóithre nach Bóithre Poiblí iad	€355,100
Acmhainní Chomhairle Contae Ros Comáin féin	Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla / Soilsíú Poiblí	€1,939,600
Iomlán		€32,572,245

Tionscadail Bóithre Náisiúnta

Tá **Tionscadal an N5, Bealach an Doirín go Bóthar Scramóige** thart faoi 34km ar fad. Clúdaíonn sé an t-achar ón bpointe ceangail thoir de sheachbhóthar N5 Bhealach an Doirín go Scramóg, agus téann sé timpeall ar Dhún Gar, Béal Átha na gCarr, Tuilsce agus Béal na mBuillí. Rinneadh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh ar an 11 Nollaig 2017. Cuireadh an t-iarratas ar Thoilíú don Fhorbairt agus ar dheimhniú don Ordú Ceannaigh Éigeantaigh agus doiciméadú isteach go dtí An Bord Pleanála (ABP) ar an 20 Nollaig 2017. Ba é an 6 Márta 2018 an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí a fháil. D'iarr ABP tuilleadh eolais agus cuireadh é sin isteach chuige ar an 7 Meitheamh 2018. Ghair ABP Éisteacht ó Bhéal i nDeireadh Fómhair 2018, agus ina dhiaidh sin rinne an scéim a fhaomhadh agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh a dheimhniú in Eanáir 2019. Tá fógraí ordaithe ceannaigh éigeantaigh seirbhéailte ar na daoine ar fad atá ainmnithe san ordú ceannaigh éigeantaigh agus tá idirbheartaíocht talún ar bun. Tá seirbhísí luachála talún agus maoine agus seirbhísí dlí chun cuidiú le fáil talún faighte. Tá conarthaí éagsúla oibreacha agus seirbhísí faighte roimh an bpríomhchonradh lena n-áirítear seandálaíocht, suirbhé aispeiste, fálú, leagan crann agus baint fál sceach agus tá iniúchtaí geoiteicniúla ar bun faoi láthair. Tá sainchomhairleoirí teicniúla ceaptha chun cuidiú leis an tionscadal a chur chun cinn tríd na céimeanna tairisceana agus foirgníochta Bronnadh conradh don suirbhé topagrafach i Nollaig 2019. Chomh maith leis sin, ceapadh Maoirseoir Neamhspleách Tionscadail fad a mhairfidh na hoibreacha roimh ré / cumasaithe agus conarthaí seirbhísí. Fuarthas faomhadh ó Bhonneagar Iompair Éireann chun tús a chur leis an bpróiseas soláthair i ndáil leis an bpríomhchonradh foirgníochta i Meán Fómhair 2019.

Is é atá i gceist le **Tionscadal Athailínithe Bhóthar Óráin N60** thart faoi 3.4 km den bhealach náisiúnta den dara grád N60 a athailíniú, lena n-áirítear 1.7 km d'fhoirgníocht as líne agus 1.7 km de leathnú ar líne go caighdeán carrbhealaigh aonair Chineál 1. Tá an próiseas fála talún ar siúl faoi láthair agus go dtí seo tá 85% de na cásanna talún socraithe. In 2019, lean Irish Archaeological Consultancy Teoranta ar aghaidh chuig Tuairisciú Chéim (iv) agus cuireadh tuarascálacha i gcrích ar dhá cheann de na cúig shuíomh a sainithníodh. Cuireadh an príomhchonradh foirgníochta a chur ar tairiscint i Samhain 2018 agus bronnadh ar Wills Bros Teoranta é in Aibreán 2019. Cuireadh tús leis na príomhoibreacha ar an suíomh foirgníochta in Aibreán 2019 agus go dtí seo tá thart faoi 70% d'oibreacha an chonartha curtha i gcrích. Ceapadh Roughan O'Donovan, Innealtóirí Comhairleacha, in Eanáir 2019 chun an príomhchonradh foirgníochta a riar agus chun maoirseacht a dhéanamh ar na hoibreacha thar ceann Chomhairle Contae Ros Comáin. Rinneadh iarratas pleanála Pháirt 8 a ullmhú agus a fhógairt i nDeireadh Fómhair 2019 chun éascaíocht a dhéanamh ar atheagar aomhal Bhóthar Dhún Iomáin N60/L1629 nuair a bheidh an tionscadal curtha i gcrích. Rinne comhaltaí tofa Chomhairle Contae Ros Comáin faomhadh pleanála a bhronnadh ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle a bhí ar siúl i Nollaig 2019.

Nuair a síníodh an conradh do Thionscadal Bhóthar Óráin N60: Charles Wills, Stiúrthóir Bainistíochta, Wills Bros Teoranta (lár) agus sa phictiúr leis Eugene Cummins, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Ros Comáin agus Cathaoirleach na Comhairle, An Comhairleoir Ivan Connaughton. Sa chúl, ó chlé: Alan Mulryan, Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin Gníomhach, NRRO; Kevin Geoghegan, Innealtóir Feidhmiúcháin, NRRO; Shane Tiernan, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Ros Comáin; Trevor Wills, Comhairleoir Dlí, Wills Bros Teoranta agus Martin Curley, Innealtóir Sinsearach, NRRO.



Mar chuid de **Thionscadal Bhóthar N61 ó Bhaile Uí Mhuirígh go dtí an Leithcheathrú (Cnoc an Chrochaire)**, déanfar thart faoi 13km de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád N61 a athailíniú agus a fheabhsú. An t-achar a bheidh i gceist, beidh sin ag síneadh ón bhFearann Nua atá ó thuaidh ó Bhaile Uí Mhuirígh go dtí An Cilleachán agus An Gort, baile fearainn atá ó dheas ón Leithcheathrú. Sa tionscadal, beifear ag dul timpeall ar Shráidbhaile Chnoc an Chrochaire agus is dócha go ndéanfar líne iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Cathair na Mart/Béal an Átha a sheachaint nó go gcuirfear deighilt leibhéil i bhfeidhm uirthi. Bhí próiseas tairisceana ann agus ina dhiaidh ceapadh Comhghuaillíocht idir Innealtóirí Comhairleacha Roughan & O' Donovan – AECOM (ROD-A) in Eanáir 2019 leis an tionscadal a chur chun cinn trí Chéimeanna 1 go 4 de na Treoracha Bainistíochta Tionscadal atá ag Bonneagar Iompair Éireann. Tá an tionscadal curtha chun cinn ag ROD-A trí chéimeanna na sriantaí agus roghnú na roghanna agus bhí an dara comhairliúchán poiblí maidir le Roghanna Bealaí Céim 2 ar siúl i Samhain 2019. Tá obair ar siúl faoi láthair maidir le measúnú mionsonraithe de roghanna conaire an bhealaigh agus táthar ag siúl le go ndéanfar conaire roghnaithe don bhealach a aithint le linn 2020.

I **dTionscadal Bhóthar N61 Chúil Taidhg Céim 1**, beifear ag tabhairt faoi thart faoi 3km de chuid de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád ar imeall thuaidh Bhaile Ros Comáin a athailíniú agus a fheabhsú den chuid is mó go dtí an caighdeán a bhíonn ag carrbhealach aonair Cineál 1. Tá an próiseas faighte talún ar siúl faoi láthair de bhun an ordaithe ceannaigh éigeantaigh. Cuireadh oibreacha allamuigh réiteach na seandálaíochta i gcrích i Samhain 2016. Tá oibreacha seandálaíochta i ndiaidh na tochairle ar siúl faoi láthair. Dámhadh an príomhchonradh foirgníochta ar Wills Bros. Teoranta ar an 14 Nollaig 2017. Cuireadh tús leis na hoibreacha ar an láithreán sa chéad ráithe de 2018 agus tá siad curtha i gcrích. Beidh Tréimhse na Lochtanna á síneadh go dtí Aibreán 2020.

Sa **tionscadal chun Bóthar N61 ó Thuilsce go Clais an Ghainimh a athailíniú**, beifear ag tabhairt faoi thart ar 4km de bhealach N61, Bóthar Náisiúnta den Dara Grád, a athailíniú, ón gcuid den bhealach atá ó thuaidh de shráidbhaile Thuilsce go Clais an Ghainimh. Tá speisialtóirí éagsúla comhshaoil earcaithe d'fhonn cúnamh a thabhairt an tionscadal a fhorbairt ón gcoincheap féin go deireadh an Mheasúnaithe ar an Tionchar ar an gComhshaoil agus na próisis reachtúla. Tá na srianta ar fad leagtha amach agus tá roghanna éagsúla le haghaidh chonair an bhealaigh aimsithe. Bhí imeacht poiblí comhairliúcháin ar siúl sa tríú ráithe de 2019 chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis na srianta agus na roghanna le haghaidh chonair

an bhealaigh. Tá an comhairliúchán poiblí sin thart anois, agus tá an fhoireann deartha ag déanamh na roghanna a mheas, agus suntas á thabhairt acu d'aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin d'fhonn rogha conaire a aimsiú in 2020.

Tionscadal Náisiúnta na gCosán

Cuireadh oibreacha i gcrích ar scéim N61 ó Mhullaigh Muc go Cúil Taidhg i Márta 2019, ar scéim N5 Dhún Gar Thiar in Aibreán 2019 agus ar scéim N63 Áth Liag i mBealtaine 2019. Cuireadh tús leis an scéim chun Dromchla N5 Thuilsce a Athsholáthar in Aibreán 2019, agus cuireadh oibreacha cosáin thoir d'acomhal N61 i gcrích in 2019. Cuireadh oibreacha cosáin ar Fhorleagan an Chosáin ar N60 an Chaisleáin Riabhaigh (Céim 1) i gcrích i Nollaig 2019. Rinneadh doiciméadú tairisceana a ullmhú in 2019 do scéimeanna cosáin ar an N5 ó Carrowntoosan go Tuilsce agus ar an N60 ón gCaisleán Riabhach Theas go dtí Teorann an Chontae.



An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice, Cathaoirleach Chomhairle Contae Ros Comáin, Comhaltaí Tofa agus baill foirne agus iad ag freastal ar aistriú oifigiúil Velocity Patchers a ceannaíodh le gairid.

Clár Oibreacha Bóithre - Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad

Cuireadh os cionn 400 tionscadal ar leith maidir le bóithre réigiúnacha agus áitiúla i gcrích i ngach réimse innealtóireachta faoin Scéim Oibreacha Bóithre 2019. Fuarthas maoiniú ina leith ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus acmhainní na Comhairle féin.

In 2019 cheannaigh an Chomhairle trí Velocity Patcher ar chostas iomlán €906,420. Bhí meascán de mhaoiniú deontais ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó acmhainní na Comhairle féin leis sin a mhaoiniú.

Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Déanann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt foráil maidir le cúnamh nach mór don phobal 15% de ar a laghad a thabhairt, le haghaidh oibreacha incháilithe lena n-áirítear cothabháil ghinearálta, oibreacha draenála, oibreacha cosáin agus cosáin ar bhóithre poiblí. Rinneadh leithdháileadh de €358,650 le haghaidh scéimeanna rannpháirtíochta pobail a dhámhachtain ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt thar thréimhse dhá bhliain 2019/2020.

Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla 2019

In 2019, fuarthas maoiniú de €355,104 le haghaidh scéimeanna feabhsaithe áitiúla ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, a leithdháileadh ar fhiche a haon scéim ar bhóithre neamhphoiblí. Tá an ranníocaíocht áitiúil mar dhlúthchuid den scéim feabhsaithe áitiúil. Mhol an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail go dtabharfadh sí ranníocaíocht de 10% do bhóithre incháilithe a raibh suas le cúigear cónaitheoirí orthu, agus 15% dóibh siúd a raibh seisear cónaitheoirí nó níos mó orthu. Nuair a thángthas go deireadh 2019 bhí caoga a dó iarratas ar scéimeanna feabhsaithe áitiúla sa bhreis ar taifead, níos mó ná €750,000 ar an iomlán. Pléifear leis sin i gcomhréir le Scéim na Tosaíochta faoi mar a chomhaontaigh an Coiste maidir le Polasaí Straitéiseach, ag brath ar leithdháileadh breisithe maoinithe ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Scéim chun Cosáin a Dheisiú

Mar chuid de na Bearta chun Priacal a Mhaolú, fuarthas maoiniú ó Chuideachta Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann in 2019. Tá lochtanna agus contúirtí á dtaifeadadh i rith an ama agus tá na cosáin lochtacha ar fud an chontae á ndeisiú i gcónaí. Tá an Roinn Bóithre ag comhoibriú le soláthraithe fóntas chun lochtanna a aimsiú etc.

In 2019, fostaíodh conraitheoirí pábhála chun codanna lochtacha cosáin a athsholáthar agus chun pábháil tadhaill a chur isteach mar a raibh sin ag teastáil taobh e scéim forleagain an chosáin ar N5 Dhún Gar, agus taobh le N60 mar pháirt de scéim forleagain an chosáin i mBaile an Chaisleáin Riabhaigh. Tá codanna de N5 mar chuid d'fhorleagan cosáin Thuilsce feabhsaithe agus tá plan eile oibre pleanáilte le haghaidh 2020. I gCeantar Bardasach Mhainistir na Búille, rinneadh oibreacha deisithe ar chosáin i mBéal Átha Fearnáin, i gCéideadh agus i gCorr an Tobair mar chuid den scéim seo.

Clár chun Priacal Tuile in Abhantrach a Mheas agus a Bhainistiú

Is é is cuspóir don Chlár chun Priacal Tuile in Abhantrach a Mheas agus a Bhainistiú scéimeanna chun faoisimh tuile a shainaithint agus a dhearadh chun priacal tuile a mhaolú. Faoin gclár, rinneadh Baile Átha Luain, Ros Comáin, Áth Liag, An Caisleán Riabhach, Mainistir na Búille agus Corr an Tobair a mheas i ndáil le priacal tuile. Tá oibreacha á moladh sna bailte móra ar fad ach amháin An Caisleán Riabhach.

Ar thaobh na hlarmhí de Bhaile Átha Luain tá oibreacha á dtógáil. Tá sainchomhairleoirí ceaptha chun oibreacha cosanta roimh thuile a mheas ar an mBogán Fionn, Baile Átha Luain, ar thaobh Chontae Ros Comáin de.

An t-údarás i gceannas ar na hoibreacha beartaithe i gCora Droma Rúisc agus Corr an Tobair ná Comhairle Contae Liatroma agus tá sainchomhairleoirí ceaptha le dearadh na n-oibreacha cosanta roimh thuile a chur chun cinn.

Níor áiríodh Ros Comáin, Mainistir na Búille agus Áth Liag sa chéad sciar de na scéimeanna draenála a bhí á gcur chun cinn ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Reiligi

Oibreacha Caipitil sna Reiligi

Cuireadh tús leis na hoibreacha chun Reilig Mhullach na Sí a leathnú in 2018 agus bhí siad go fóill ar siúl in 2019. Mar chuid de na hoibreacha tógadh balla teorann agus bóthar inmheánach.

Tionscadal Scanta Chlár na Reiligi

Chuir an Roinn Bóithre tús le Tionscadal Scanta Chlár na Reiligi i Márta 2018 chun faisnéis a ghabháil a Chláir Adhlactha i 100 reilig ar le Comhairle Contae Ros Comáin iad. Tá an tionscadal seo comh-mhaoinithe ag Seirbhís Leabharlainne an Chontae agus an Oifig Oidhreachta. Bhí dhá chomórtas tairisceana ann, agus ina ndiaidh siúd, dámhadh na conarthaí as na cláir atá ann cheana a scanadh agus cláir nua a phriontáil. Cuireadh Céim 1 den tionscadal i gcrích i Meitheamh 2018. Tá ochtó clár agus fiche a cúig léarscáil scanta agus athphriontáilte. Aistríodh na bunchláir chuig Cartlann na Leabharlainne. Tá an chéad chéim eile den tionscadal seo á pleanáil.



Comórtas Bliantúil do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2019: Moira Delaney, Scoil Náisiúnta Bhaile an tSléibhe, buaiteoir iomlán i gComórtas Bliantúil do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2019, in Ionad Ealaíon Ros Comáin in éineacht le Eugene Cummins, Príomhfheidhmeannach. Sa phictiúr fosta tá: Maura agus Mark Delaney, tuismitheoirí, An Comhairleoir Orla Leyden, An Sáirsint Ronan O'Meara, Garda John O'Connor, Fran Nicholson, Ceannfort, An Comhairleoir Kathleen Shanagher, Leaschathaoirleach Chomhairle Contae Ros Comáin agus Garda Donna McKeogh.

Ceadanna le haghaidh Ualaí Mínormálta

Caithfidh oibreoirí a bhfuil feithicil nó ualach faoi stiúir acu a thiteann taobh amuigh de na teorainneacha atá ceadaithe ag na Rialacháin um thrácht ar bhóithre (Trealamh Tógála agus Úsáid Feithicilí), 2003, cead a fháil don ghluaiseacht. Tá córas ceadanna á fheidhmiú ag Údarás Áitiúla le haghaidh ualaí mínormálta nuair atá coinníollacha maidir le meáchan, airde agus toisí i bhfeidhm ar achair ina n-iomláine nó i bpáirt a tharlaíonn ar bhealaí nach bhfuil clúdaithe ag Scéim An Gharda Síochána. Eisíodh 116 cead le haghaidh ualaí mínormálta in 2019.

Ceadúnais chun Bóthar a Oscailt

Tá Ceadúnas chun Bóthar a Oscailt riachtanach do gach tochair a dhéantar i mbóthar poiblí nó cosán. Déantar gach iarratas ar an mbóthar poiblí a oscailt a chur isteach sa tairseach lárnach den Oifig um Bainistiú Bóithre (www.rmo.ie) Déanann an Roinn Bóithre na ceadúnais do Contae Ros Comáin a phróiseáil ón tairseach sin agus coinníollacha agus táillí a cheangal den cheadúnas. Cuireadh 397 iarratas nua isteach ar cheadúnas ar an iomlán chuig Comhairle Contae Ros Comáin in 2019. Ba le EIR (210) agus Uisce Éireann (93) an chuid ba mhó acu, agus chuimsigh na fóntais sin 85% de na hiarratais i dteannta a chéile.

Clár Sábháilteachta Bóthair

Oibreacha Feabhais Sábháilteachta ar Chostas Íseal

In 2019, cuireadh aon Scéim Feabhsaithe Sábháilteachta déag i gcrích ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ar fud an chontae. Baineadh leas as deontas sonrach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de €282,266 do Bhearta Sábháilteachta Ísealchostais. Fuair an Chomhairle maoiniú breise le haghaidh scéimeanna ar leith ar bhealaí náisiúnta.

Oifig Sábháilteachta Bóithre

An Comórtas Bliantúil do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

I mBealtaine 2019, bhí na Gradaim don Chomórtas Bliantúil do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre ar siúl in Ionad Ealaíon Ros Comáin. Comhthionscnamh atá ansin idir Oifig Sábháilteachta ar Bhóithre Chomhairle Contae Ros Comáin agus an tAonad Póilíneachta Pobail ag Ceantar Ros Comáin an Gharda Síochána. Is é is aidhm don chomórtas feasacht a chruthú agus a chur chun cinn i measc pháistí bunscoile maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre. Ghlac daltaí ó rang a 5 agus rang a 6 ó fhiche a ceathair bunscoil i gCeantar Ros Comáin an Gharda Síochána páirt sa chomórtas agus tugadh duaiseanna do na trí iontráil is fearr a bhí ag gach scoil.

Comórtas na Maor Scoile Sóisearach

Bhí an Chraobh Réigiúnach de Chomórtas na Maor Scoile Sóisearach ar siúl i Scoil Náisiúnta Mhuire i nDroim Lis ar an 13 Meitheamh, 2019. Bhí sé scoil ó contaetha Longfoirt, na hIarmhí agus Ros Comáin páirteach ann: - Scoil Mhuire, An Lios Breac; Scoil Náisiúnta Mhuire, Droim Lis; Scoil Náisiúnta Etchen Naofa, Cionn Átha Gad; Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Cearúill, An Muileann gCearr; Scoil Náisiúnta Loch Glinne, Ros Comáin agus Scoil na nAingeal, Mainistir na Búille. Bhí Scoil Náisiúnta Loch Glinne ar an mbuaiteoir duaise ar an iomlán, sa 2ú háit - Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Cearúill, An Muileann gCearr agus sa 3ú háit - Scoil Náisiúnta Mhuire, Droim Lis.

Fearas Cinn na Réaltachta Fíorúla

I meán Fómhair 2019, thug Aviva Insurance an maoiniú chun tionscnamh Fhearas Cinn na Réaltachta Fíorúla a chur ar fáil do gach Oifigeach Sábháilteachta Bóithre i ngach contae in Éirinn. Is é is aidhm don tionscnamh seo sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, i measc tiománaithe níos óige go háirithe. Tá físeán ocht nóiméad lódáilte roimh ré ar aonaid seo na réaltachta fíorúla a dhéanann taisme mharfach bóthair a ionsamhlú ó dhearcadh paisinéara sa suíochán chun tosaigh. Tá an tOifigeach Sábháilteachta Bóithre ag obair go dlúth leis an nGarda Síochána chun cuairt a thabhairt ar lear scoileanna leis an uirlis luachmhar seo a chur i láthair.

Oifig Leathanbhanda

Plean Náisiúnta maidir le Leathanbhanda:

I mBealtaine 2019, ceapadh Leathanbhanda Náisiúnta Éireann ar an Rogha Thairgeora, cuibhreannas dá dtugann gnólacht infheistíochta Granahan McCourt ceannasaíocht. Ar an 19 Samhain 2019 shínigh an Rialtas an Conradh €3 bhilliún don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Socrófar Pointí Nasctha Leathanbhanda i ngach contae sa chéad bhliain.


Leathnú amach Eir

Tá a leathnú amach 300K leathanbhanda ardluais snáithín choir a bheith curtha i gcrích ag Eir i gContae Ros Comáin, atá le feiceáil go bángorm ar Léarscáil NBP (gorm nuair a bheidh curtha i gcrích), i ndiaidh dul thar 5,746 foirgneamh. Áirítear air sin 434 foirgneamh breise. Tá Eir i mbaile Mhainistir na Búille faoi láthair mar chuid dá chlár infheistíochta €0.5 billiún i líonra seasta. Tá achoimre i dTábla 3 thíos ar Léarscáil Leathanbhanda Ardluais, nuashonraithe ag an Roinn um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol sa tríú ráithe in 2019.

Straitéis Dhigiteach

Tá *Straitéis Dhigiteach* á hullmhú le haghaidh Chontae Ros Comáin. Chuir gnólachtaí, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus an pobal go ginearálta suirbhéanna i gcrích. Bhí ceardlann chomhpháirteach ghnó ann ar an 22 Deireadh Fómhair 2019 chun contaetha USEFE a chlúdach (Geilleagar Shionainne Éirne Uachtair san Am atá Romhainn), is iad sin Ros Comáin, Longfort, Liatroim agus An Cabhán. Ba é an tUasal Seán Canney, T.D. Aire Stáit um Acmhainní Náidúrtha, Gnóthaí Pobail agus Forbairt Dhigiteach an príomhchainteoir.

WiFi4EU: D'éirigh le Ros Comáin faomhadh a bhaint amach le haghaidh ceithre dhearbhan ar luach €15,000 faoin tionscnamh *WiFi4EU*, agus thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cómhaoiniú.



Úsáidfear na dearbháin le trealamh Wi-Fi a shuiteáil i spásanna poiblí éagsúla ar fud an chontae. Beidh an tsuiteáil ar siúl in 2020.

Ciste Forbraíochta Tuaithe agus Réigiúnach:

Fuarthas maoiniú faoin gciste forbraíochta tuaithe agus réigiúnach mar pháirt de scéim chomhpháirteach dá dtugann Coimisiún Forbraíochta an Iarthair ceannasaíocht. Táthar ag obair le Dún na nGall, Sligeach agus Maigh Eo le Digiwest a chruthú - Líonra Réigiún an Iarthair de Mhoil Dhigiteacha Oibre na Tuaithe. Beidh mol Ros Comáin suite in aonad folamh i Sruthán na Cluana, Tuilsce, atá á athchóiriú faoi láthair.

Tábla 3: Leathanbhanda Ardluais

		Original Map Q1 2017	Updated Map Q3 2019
Líon iomlán na bhfoirgneamh		39,117	39,209
Ceantar idirghabhála stáit	Ómra	48%	49%
Úsáid Tráchtála	Gorm	33%	50%
Úsáid Phleanáilte Tráchtála (fágtha)	Bángorm	19%	8%

Sláinte agus Sábháilteacht

Éilíonn an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, ar fhostóirí, a mbainistíocht ionadaíoch agus a bhfostaithe chomh maith an tsláinte agus an tsábháilteacht a mheas mar chomhfhreagracht. Chuimsigh clár oibre 2019 an méid seo a leanas:

- Monatóireacht leanúnach ar an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta ag na hOifigigh i gceannas ar Shláinte agus Sábháilteacht. Cuireadh iniúchtaí leanúnacha i gcrích ar na hoibreacha a rinneadh, idir iniúchtaí go díreach ag an lucht saothair agus ag an gcliant;
- Forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméadú atá ag an gComhairle cheana féin don Chóras Bainistíochta Sábháilteachta;
- Deimhniú OHSAS 18001 (Córas Bainistíochta Sábháilteachta foirmiúil) bronnta mar gheall ar na Seirbhísí Dóiteáin;
- Monatóireacht ar bhonn leantach ar Chlár Sábháilteachta Dóiteáin na Comhairle;
- Clár Sláinte Ceirde, Leasa agus Folláine Ball Foirne
- Freastal ar Chruinnithe Réigiúnacha agus Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta;
- Comhoibriú ar bhonn leantach le forais sheachtracha amhail an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Uisce Éireann;
- Monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta rialaithe do chonraitheoirí atá ann cheana;
- Próiseas cumarsáide agus comhoibrithe na Comhairle a fheabhsú i rith an ama e.g. Cruinnithe den Choiste Bainistíochta Sábháilteachta, cruinnithe le Comhordaitheoir an Cheantair Bhardsaigh agus teagmháil le hIonadaithe Sábháilteachta;
- Forbairt a dhéanamh ar bhonn leantach ar an gclár oiliúna le haghaidh Láimhseáil de Láimh agus Ionduchtú Sláinte agus Sábháilteachta, agus oiliúint mar sin a chur i láthair;
- Nósanna Imeachta Sábháilteachta le haghaidh Imeachtaí a fhorbairt;
- Comhlíonadh ar bhonn leantach i ndáil le dualgas reachtúil le haghaidh iniúchtaí tríú páirtí ar threalamh tógála agus trealamh oibre ar leis an gComhairle é.



Seirbhísí Uisce

Ar an 1 Eanáir 2014, rinneadh feidhmeanna uisce poiblí agus fuíolluisce ar fad a aistriú ó údaráis áitiúla go hUisce Éireann. Tá Comhairle Contae Ros Comáin mar ghníomhaí de chuid Uisce Éireann anois chun seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce a sholáthar faoi Chomhaontas Seirbhíse.

Plean Seirbhíse Bliantúil

Déantar *Plean Seirbhíse Bliantúil* ina bhfuil spriocanna feidhmíochta a chomhaontú gach bliain. Bhí spriocanna feidhmíochta i bPlean Seirbhíse Bliantúil 2019 le haghaidh scéimeanna atá ann cheana uisce agus fuíolluisce a fheidhmiú agus chun cothabháil a dhéanamh orthu, agus tionscadail chaipitil a chur i gcrích, faoi mar a comhaontaíodh go mall in 2018 mar pháirt den chuntas ar líon na mball foirne agus den idirbheartaíocht faoin mbuiséad. Rinneadh buiséad iomlán de €8.8m a leithdháileadh ar Ros Comáin. Tá seachtó a seacht táscaire feidhmíochta sa phlean.

Scéimeanna Caipitil

Tá an phleanáil agus an tógáil i ngach scéim caipitil á ndéanamh anois faoi stiúir Uisce Éireann. Tá *Clár Caipitil* sa chontae faoi láthair.

PUNANN BHONNEAGAIR

Príomhdhraenáil Bhaile Ros Comáin

Is é is cuspóir do Thionscadal Príomhdhraenála Bhaile Ros Comáin aghaidh a thabhairt ar na tosca do Cheirtleán Ros Comáin a thugtar i Litir Fógra Fhoirmiúil Choimisiún AE 2015 faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Táthar leis an bpríomhchuspóir sin a bhaint amach mar seo:

- Éirí as píobáin forsceite uisce stoirme a úsáid nuair is féidir;
- Píobáin forsceite uisce stoirme atá ann cheana a uasghrádú nuair is gá mar bheart faoisimh i gcoinníollacha adhaimsire forsceite;
- Séaraigh uasghrádaithe a sholáthar sa chóras bailithe fuíolluisce ar fad;
- Stáisiúin chaidéalúcháin nua agus uasghrádaithe a sholáthar;
- Stóráil uisce stoirme a sholáthar ag na stáisiúin chaidéalúcháin is tábhachtaí agus ag an tsaoráid cóireála fuíolluisce.

Cuireadh conradh iniúchta láithreach i gcrích sa dara ráithe in 2019. Cuireadh isteach na hiarratais ar phleanáil le haghaidh dabhcha agus stáisiúin chaidéalúcháin sa bhreis sa tríú ráithe in 2019 agus dámhadh iad sa cheathrú ráithe in 2019. Cuireadh an tionscadal amach ar tairiscint i Nollaig 2019. Táthar ar dréim le go síneofar conradh sa cheathrú ráithe in 2020 agus go gcuirfear tús le hobair foirgníochta in Eanáir 2021. Infheistíocht mhór eile a bheidh san infheistíocht sin de €16.3 milliún ag Uisce Éireann i gContae Ros Comáin, mar atá déanta ag an eagraíocht le blianta beaga anuas.



Síneadh na Gráinsí Móire
i Mainistir na Búille a
oscailt go hoifigiúil.

Pleananna maidir le Limistéir Dhraenála Fhearann na Manach agus Mhainistir na Búille

Tugadh faoi Phlean Limistéir Dhraenála agus Staidéar maidir le Foinse Fuíolluisce a Rialú i bhFearann na Manach agus Mainistir na Búille chun coinníoll na líonraí atá ann cheana a fháil amach chomh maith leis an sreabhán agus ualach atá ag teacht chuig an hOibreacha Cóireála Fuíolluisce in 2017.

Toradh mór amháin a tháinig as an staidéar thuas ná oibreacha uasghrádaithe a sholáthar do Shaoráid Cóireála Fuíolluisce Fhearann na Manach. Mar chuid de sin, rinneadh oibreacha nua ionraoin, dabhach stoirme agus painéil rialaithe nua a sholáthar don tsaoráid chomh maith le huasghrádú beag don phróiseas dí-uiscithe sloda, rialú bolaidh san áireamh. Rinneadh an conradh foirgníochta a dhámhachtain i Nollaig 2018 agus cuireadh tús leis na hoibreacha foirgníochta i bhFeabhra 2019. Cuireadh an obair uasghrádaithe i gcrích den chuid ba mhó in 2019 agus cuireadh na hoibreacha nua ionraoin i mbun oibríocháin ar an 5 Nollaig 2019.

Scéim Soláthair Uisce Mhainistir na Búille - Síneadh go dtí An Ghráinseach Mhór

Bhí Scéim na Gráinsí Móire atá ann cheana (Saoráid Cóireála Uisce Bhaile na hUamha) ar Liosta Gníomhaíochta Feabhais GCC mar gheall ar shárú tríhalaimeatáin in 2013. Bhí an tsaoráid cóireála uisce ar ardriosca fosta mar gheall ar bhacainn neamhleor ar chriptespóiridiam agus próiseas neamhleor chun tiúchan ard de Charbón Orgánach lomlán a bhaint. Sa tionscadal sin,

rinneadh Soláthar Réigiúnach Uisce Mhainistir na Búille a shíneadh ó dheas go dtí Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce na Gráinsí Móire, agus sa deireadh rinneadh Saoráid Cóireála Uisce Bhaile na hUamha a chur as feidhm. Dámhadh an tionscadal ar Source Civil Teo. Cuireadh tús leis na hoibreacha i bhFeabhra 2019. Cuireadh an chuid ba mhó den tionscadal i gcrích i Samhain 2019, a thug uisce comhlíontach do phobal na Gráinsí Móire agus na gceantar máguaird. Bhí na rudaí seo a leanas i gceist san obair:

- Stáisiún caidéálúcháin nua ag an láithreán taiscumair athfhorbraíochta ar an gCarraig Mhór chun uisce ó Scéim Soláthair Uisce Mhainistir na Búille a chur ar aghaidh chuig
- Líonra Scéim Soláthair Uisce na Gráinsí Móire;
- Thart faoi 4,680m de phríomhphíobán aníos agus príomhphíobán dáileacháin, naisc líonra, feabhsúcháin bóithre poiblí agus oibreacha gaolmhara forbartha;
- Oibreacha gaolmhara sibhialta, meicniúla, leictreacha, ionstraimithe, rialaithe agus uathoibrithe ag 3 láithreán taiscumair atá ann cheana: Taiscumar na Machairí, Taiscumar an Bhaile Mhoir agus Taiscumar Chruacháin;
- Saoráid Cóireála Uisce Bhaile na hUamha atá ann cheana a chur as feidhm.

Cuireadh an tionscadal sin i gcrích in am ar chostas €1,324,227, CBL san áireamh.

Saoráid Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín

Cuimsítear Saoráid Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín i *bPlean Infheistíochta Caipitil 2017-2021* le go ndéanfar measúnú ar na próisis phríomha agus tánaistigh cóireála uisce sa tsaoráid. Tá an tsaoráid atá ann faoi láthair i mbaol faoi láthair, i dtaca leis an Treoir maidir le Cóireáil Uisce Uirbigh a chomhlíonadh, róluchtú, agus ar an ábhar nach bhfuil go leor acmhainne ann le haghaidh fáis. Rinneadh tuarascáil staidéir féidearthachta maidir le Saoráid Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín a uasghrádú a fhaomhadh in 2019 agus tá tuarascáil deartha curtha i gcrích. Rinneadh athbhreithniú ar thionscadail Uisce Éireann sa cheathrú ráithe in 2019. Dá thoradh sin, tá uasghrádú Shaoráid Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín curtha chun tosaigh go dtí na conarthaí réigiúnacha Rannpháirtíocht Luath an Chonraitheora. Sa chonradh nua seo ceapfar conraitheoir a bheidh ag obair go dlúth leis an gcliant agus le Comhairle Contae Ros Comáin go luath sa tionscadal. Beifear ag tabhairt faoi chur chuige i leith an fhreagra a aimsiú sula gcuirfear tús leis an tionscadal, ionas nach mbeidh moill ná éileamh ar an tionscadal. Beidh baint ag an gconraitheoir ceaptha sa phróiseas deartha agus is é is cuspóir leis sin dearadh cuí a chomhaontú don chliant.



Oibreacha Glanta Taiscumair ag Taiscumar Ard Carna.

PUNANN CLÁR CAIPITIÚIL

Clár Cóireála Uisce

Tá *Clár Réigiúnach Cóireála Uisce* á chur i bhfeidhm ag Uisce Éireann. Tá EPS Teo. ceaptha mar chonraitheoir. Tá Saoráid Cóireála Uisce Mhun Talbóid ar láithreán amháin as cúig cinn déag atá sa chlár. Rinneadh trealamh monatóireachta a shuiteáil agus tá anailís ar an amhuisce ar siúl faoi láthair. Rinneadh dearadh a ullmhú le haghaidh oibreacha coimirce foinse agus tá sé beartaithe go dtógfar iad sin in 2020.

Clár Laghdaithe Luaidhe

Tá na saoráidí cóireála uisce seo a leanas á n-aithint sa chlár:

- › Saoráid Cóireála Uisce Ros Comáin Thuaidh;
- › Saoráid Cóireála Uisce Phort na Carraige;
- › Saoráid Cóireála Uisce Bhaile na gCeard;
- › Saoráid Cóireála Uisce Chill Dhéagláin;
- › Saoráid Cóireála

Tá tús áite tugtha do Shaoráid Cóireála Uisce Ros Comáin Thuaidh. Bunaithe ar an ath-thástáil tuaslagthachta luaidhe a rinneadh, táthar ag cur in iúl go gcaithfear an tsaoráid sin a bhogadh síos sa liosta tosaíochta ach amháin má chuireann na figiúirí tuaslagtha luaidhe a mhalairt in iúl. Déanfar anailís ar an luaidhe iomlán in 2020.

Clár Glanta Taiscumar

Rinneadh na taiscumair sna háiteanna seo a leanas mar chuid de *Chlár Réigiúnach Glanta Taiscumar Uisce Éireann*:

- › An Charraig Mhór
- › Ard Carna
- › Lios na Coirce (sean)
- › Derrinacantha
- › Correal.



Taiscumar Mhullach na Sí.

Clár Oibreacha Iniúchta Roimh Ré na Cóireála Uisce


Tá Saoráid Shealadach Cóireála Uisce an Chaisleáin Riabhaigh ainmnithe le go mbeidh an tsaoráid mar chuid den chlár réigiúnach €1.6m seo. Cheap Uisce Éireann Coffey Water mar chonraitheoirí. Is é atá i gceist leis an obair ná trealamh monatóireachta agus taifeadta uisce a shuiteáil. Fágfaidh na sonraí sin go mbeifear ábalta cinntí deartha a dhéanamh san am atá romhainn le haghaidh oibreacha uasghrádaithe amach anseo. Cuireadh measúnuithe i gcrích ar scagairí agus tá tuarascáil curtha faoi bhráid Uisce Éireann.

Rochtain ar Chlár Coimirce Ard agus Imill

Rinneadh dhá láithreán déag a shainaithint sa chontae le cur san áireamh sa chlár réigiúnach ar luach €4.0m seo. Rinneadh an clár a fhorbairt chun dul i ngleic le nithe ardriosca a sainaithníodh le linn iniúchtaí Sláinte, Sábháilteachta, Cáilíochta agus Timpeallachta. Cheap Uisce Éireann EPS Teoranta mar chonraitheoirí. Tá oibreacha curtha i gcrích i Saoráid Cóireála Fuíolluisce Mhainistir na Búille, taiscumar Mhullach na Sí, taiscumar Ail Finn, Saoráid Cóireála Fuíolluisce Bhéal Átha Fearnáin, taiscumar idirmheánach agus taiscumar príomha Chill Trostáin, taiscumar Bhaile Uí Fhíne, Saoráid Cóireála Fuíolluisce Bhéal an Átha Míne, Saoráid Cóireála Fuíolluisce Bhéal Átha na gCarr, Saoráid Cóireála Fuíolluisce Chruacháin agus taiscumar an Gharráin Leathain.

Clár Athchóirithe Taiscumar

Sainaithníodh taiscumar Lios na Coirce mar thaiscumar ina bhfuil sceitheadh ar leibhéal ard, i ndiaidh iniúchtaí curtha i gcrích ag Comhairle Contae Ros Comáin. Cheap Uisce Éireann AQS Teo. agus cuireadh athchóiriú mór i gcrích ar an taiscumar Mar gheall ar na hoibreacha sin, déantar 1,500m³ a shábháil in aghaidh an lae agus tá laghdú de 20% sna costais oibriúcháin don chóireáil uisce.



Lissacurkia Reservoir.

Clár Teiliméadrachta Fuíolluisce Faoi Thalamh

Déantar foráil sa Chlár Teiliméadrachta Fuíolluisce Faoi Thalamh go ndéanfar stáisiúin teiliméadrachta amuigh a shuiteáil ag stáisiúin caidéalúcháin fuíolluisce d'fhonn rabhadh luath a thabhairt i gcás doirte go huiscí íogair agus le sonraí a fháil le haghaidh uasghrádaithe, iarratais naisc, etc. amach anseo. Beidh na láithreáin ar fad a bheidh mar chuid den chlár seo ceangailte den Chóras Náisiúnta Teiliméadrachta eatramhach. Rinneadh suirbhéireacht ar stáisiún caidéalúcháin fuíolluisce Dhroichead Mhainistir na Búille agus tá tuarascáil curtha faoi bhráid Uisce Éireann.

Clár Measúnaithe na bPíobán Forsceite Uisce Stoirme

Tá suirbhéireacht curtha i gcrích ar ocht bpíobán forscéite uisce stoirme. Beidh ceardlanna deartha ar siúl. Tá sé beartaithe go ndéanfar an chéim reatha den chlár a sholáthar le linn 2020.

Clár Cothabhála Caipitil na bPríomhphíobán Aníos agus na Stáisiún Caidéalúcháin Fuíolluisce

Tá 300 stáisiún caidéalúcháin ainmnithe ar fud na tíre. Tabharfar cuairt ar an 100 tosaigh, ar a ndéanfar suirbhéireacht, agus scríobhfar tuarascáil deartha ceaptha. Tá naoi stáisiún caidéalúcháin uisce a bhfuil tús áite acu á n-aithint i Ros Comáin faoin gclár. Cuirfear tús leis an tsuirbhéireacht i Márta 2020.

Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce

Tá an chéad *Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce*. Sa Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce, leagtar amach an straitéis maidir le cad é mar a bhogfaimid i dtreo uisce óil a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, daingean agus iontaofa sna 25 bliain atá romhainn. Sa phlean, tugtar creatlach chun sócmhainní soláthair nua uisce a fhorbairt a dhéanfaidh iontaofacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht an tsoláthair uisce a fheabhsú i sraitheanna infheistíochta amach anseo. Tá na soláthairtí uisce ar fad i Ros Comáin roinnte ina limistéir acmhainne uisce. Tá measúnú á dhéanamh ar sholáthar uisce, táirgeacht shábháilte agus táirgeadh inbhuanaithe sna soláthairtí atá ann faoi láthair, atá mar chuid den phróiseas. Tá éileamh faoi láthair agus réamh-mheastacháin le haghaidh úsáid uisce do na fiche a cúig bliain atá romhainn á meas faoi láthair.

Córas Bainistithe Sceite

Tá *Córas Bainistithe Sceite*, 'Netbase' curtha i bhfeidhm go sásúil i Ros Comáin. Garspíoc thábhachtach é sin óir, den chéad uair, tá córas ar bun ar leibhéal náisiúnta a dhéanann figiúirí sceite a ríomh ar bhealach seasmhach agus réasúnach ar fud na n-údarás áitiúil ar fad. Baintear feidhm as na Córais Fiontair is nua-aimseartha atá ag Uisce Éireann (Maximo, GIS, CC&B etc.).

Comhlíonadh Uisce Óil

An chomhlíontacht fhoriomlán ar an iomlán le Rialacháin An Aontais Eorpaigh maidir le hUisce Óil do Ros Comáin ná 98.77%. Glacadh 146 sampla seiceála agus iniúchta ar sholáthairtí uisce poiblí in 2019.

Níor eisíodh Fógra Fiuchta Uisce in 2019. Ní raibh aon Ordú ann a bhain le Saoráidí Cóireála Uisce Ros Comáin in 2019. Tá Limistéar Soláthair Uisce poiblí amháin i Ros Comáin (Limistéar Soláthair uisce na Gráinsí Móire) atá ar Liosta Gníomhaíochta Feabhais GCC.

Tugadh faoi chlár deimhnithe agus monatóireachta ó Mheán Fómhair 2018 go dtí Eanáir 2019 i Saoráid Cóireála Uisce Ros Comáin Thuaidh. Cuireadh na torthaí de sin chuig GCC mar ábhar chun tacú leis an scéim sin a bhaint den Liosta Gníomhaíochta Feabhais. Baineadh an scéim den Liosta Gníomhaíochta Feabhais ar an 31 Eanáir 2019.

Comhlíonadh um Fhuíolluisce

Bhí na Gléasra Cóireála Fuíolluisce ar fad i Ros Comáin i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Fuíolluisce Uirbeach le haghaidh 2019. Bhí seacht Saoráid Cóireála Fuíolluisce i Ros Comáin i gcomhréir leis na Ceadúnais Doirte Fuíolluisce. Bhí cúig shaoráid ann nach raibh i gcomhréir leis na ceanglais don Cheadúnas Doirte Fuíolluisce. Tá iniúchtaí comhlíonta ar siúl faoi láthair chun dul i ngleic leis an easpa comhlíonta sin. Tá Saoráid Cóireála Fuíolluisce Bhaile Ros Comáin ar Liosta Limistéar Tosaíochta GCC. Tá an láithreán sin ar chéim thairisceana faoi láthair. Tuairiscíodh seacht dteagmhas fuíolluisce déag in 2019, a tuairiscíodh faoi spriocanna sonraithe. Cuireadh ceithre iniúchadh GCC i gcrích in 2019. Táthar ag dul i ngleic le moltaí iniúchta.

PUNANN NA LÍONRAÍ UISCE

Clár Chreat na Líonraí Uisce

Tá Punann na Líonraí Uisce mar chuid de *Phlean Infheistíochta Caipitil 2017 go 2021* Uisce Éireann. Ar na hoibreacha atá beartaithe le cur i bhfeidhm mar chuid den chlár sin, áireofar:

- Príomhphíobán agus seirbhísí nua a leagan;
- Obair athshlánaithe ar an líonra faoin talamh; athsholáthar luaidhe clóis;
- Bunú DMA;
- Oibreacha PRV;
- Mionoibreacha, deisiú sceite san áireamh;
- Oibreacha luaidhe agus méadrú ar thaobh an phobail.

Clár Athshlánaithe na Líonraí Uisce

ó Iomú go Baile na Coille.

Sa scéim seo, rinneadh thart faoi 2.4Km de phríomhphíobán uisce, trastomhas de 75mm agus 100mm, a athshlánú, comhláí, feistis agus áiseanna gaolmhara san áireamh. Rinneadh an príomhphíobán nua a mhéadú go príomhphíobán OD HDPE 125mm. Rinneadh an teicníc dhruileála i dtreo cothrománach a úsáid.



Scéim Athshlánaithe ó Iomú go Baile na Coille.



Scéim Athshlánúcháin Bhaile Ros Comáin.



Baile Ros Comáin

Sa scéim seo, rinneadh thart faoi 861 m d'iarann teilgte a bhí ann cheana féin agus príomhphíobán uisce aispeiste a athshlánú, comhlaí, feistis agus áiseanna gaolmhara san áireamh. Rinneadh an príomhphíobán nua a mhéadú go príomhphíobán OD HDPE 180mm agus 125mm. Baineadh feidhm as an teicníc pléascatha píobán agus as an modh gearrtha oscailte. Rinneadh 147 seirbhís luaidhe ar an iomlán a athsholáthar le seirbhísí Poileitiléine.

Clár 'Aimsigh agus Deisigh'

Tá bliain go leith curtha i gcrích den chlár 2 bhliain seo atá dírithe ar Limistéir Mhéadraithe sa Cheantar ina bhfuil figiúirí arda uisce nach féidir cuntas a thabhairt ina leith. Cuireadh tús leis an obair sin go mall sa dara ráithe in 2018. Baineadh feidhm as conraitheoir réigiúnach (Farrans Construction), ceaptha ag Uisce Éireann, agus as fórsa díreach saothair. Sa chlár Aimsigh agus Deisigh, déantar Limistéir Mhéadraithe sa Cheantar a bhfuil aird dírithe orthu a dheimhniú. Déantar tástáil ar dtús le seiceáil an bhfuil brú ar neamhní d'fhonn na limistéir soláthair a chruthú, ansin déantar tástáil i gcéimeanna sna limistéir sin d'fhonn limistéir ina bhfuil ráta ard úsáide nach féidir cuntas a thabhairt air a scoitheadh, agus ansin sceitheadh a aimsiú agus a dheisiú.

**Comhla chun Brú a Laghdú
agus Píobair Ghaolmhar i
Límistéir Méadraithe Cheantar
Cloonbunny, Límistéir Soláthair
Uisce Bhaile an Locha**



Leigheas Roimh Ré

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Is ag brath ar ghlacadh custaiméirí a bhainfidh leas as an scéim cá fhad a mhairfidh an clár.

Méadair Thráchtála a Athsholáthar

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Ón 30 Meán Fómhair 2017, níl Comhairle Contae Ros Comáin ag tabhairt tacaíocht don earnáil tráchtála níos mó. Déanfaidh Uisce Éireann ar oibreacha ar bith faoin gclár sin a mhaoirsiú. Tá tús curtha ag Farrans Construction le suirbhéireacht mar chuid den chéad chéim den athsholáthar méadar.

Clár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil 2019-2021

Tá 8 mbeart i sraith mhaoinithe 2019-2021 den Chlár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil. Léiríonn na bearta sin na dúshláin is mó atá roimh an earnáil uisce tuaithe faoi láthair i dtaca le tacaíocht mhaoinithe. Tá na bearta dírithe go sonrach níos mó thart ar chur chuige ‘níos mó na bacainn amháin’, ón abhantrach go tomhaltóirí (foinse – cóireáil - dáileadh), chun éilliú uisce a chosc agus le cinnte a dhéanamh de go mbíonn an t-uisce óil sábháilte agus go ndéanann sé na paraiméadair cháilíochta de na Rialacháin maidir le hUisce Óil a shásamh ar bhonn seasmhach fadtéarmach.

Chomhairligh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil leithdháileadh maoinithe de €643,563 le haghaidh 2019, agus rinneadh sin a leithdháileadh mar seo a leanas:

- **Beart 1: Coimirce Foinse – Earnáil Grúpscéime Uisce – Buiséad €129,450.** Feabhsúcháin ar Ghrúpscéimeanna Uisce d’fhonn comhlíontacht a bhaint amach le paraiméadair cháilíochta na Rialacháin maidir le hUisce Óil Tá na hoibreacha seo le leanúint ar aghaidh in 2019.
- **Beart 2: Comhlíontacht Sláinte Poiblí – Earnáil Grúpscéime Uisce.** Is é is aidhm don bheart seo cáilíocht uisce a fheabhsú i ngrúpscéimeanna uisce atá ann cheana. Déanfar a saoráidí cóireála a uasghrádú leis sin a bhaint amach, sa dóigh is gur féidir leis na scéimeanna comhlíontacht a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe leis na paraiméadar de na Rialacháin maidir le hUisce Óil ar bhonn seasta fadtéarmach. Rinneadh costais €148,608.98 a fháil ar ais 100% ón Roinn in 2019.
- **Beart 3: Scéimeanna atá ann cheana a Fheabhsú, Caomhnú Uisce san áireamh - €271,000.** Tugann an beart seo tacaíocht do thionscadail le go mbeidh grúpscéimeanna uisce atá ann cheana níos éifeachtúla ina bhfeidhmiú (e.g. caomhnú uisce agus uasghrádú an líonra, stóráil san áireamh). Beifear ag cur le cáilíocht mhaith uisce ar bhonn seasmhach inbhuanaithe fadtéarmach. Íocadh costais de €194,268.07 le grúpscéimeanna uisce in 2019.
- **Beart 5: Grúpscéimeanna uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais atá ann a aistriú chuig an Earnáil Phoiblí Uisce (Uisce Éireann): Maoiniú faofa le haghaidh 2019. €22,000.** Cuireann an beart seo ar a gcumas do ghrúpscéimeanna uisce agus grúpscéimeanna séarachais, nuair is mian leo agus nuair atá Uisce Éireann ag comhaontú leis, aistriú chun na hearnála poiblí uisce (Uisce Éireann).

- **Beart 6: Naisc sa Phobal (Uisce agus Fuíolluisce).** Déanann an beart seo éascaíocht ar leathnú ar bhonn leantach de chlúdach na soláthairtí uisce píopaí agus na gcóras lárnach bailithe fuíolluisce. Chun sin a dhéanamh, déanfar leathnú lasmuigh den líonra poiblí (Uisce Éireann). Íocadh costais de €21,791 le grúpscéim uisce in 2019.

Íocadh €396,334.18 de thacaíocht airgeadais le grúpscéimeanna uisce faoin *gClár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil* in 2019.

Fóirdheontas faoi chomhair Costais Oibriúchán Grúpscéimeanna Uisce a dhéanann Uisce a Sholáthar don Úsáid Tís: Le héifeacht ón 1 Eanáir, 2018: tá ardú tagtha ar na fóirdheontais agus dreasachtaí úra tugtha isteach do scéimeanna níos lú.

- **Fóirdheontas Bliantúil:** Tá fóirdheontas bliantúil an tí ar fáil do ghrúpscéimeanna as an gcostas oibriúcháin a bhaineann le huisce tís a sholáthar. Íocadh €411,631.43 ar an iomlán in 2019 le cúig ghrúpscéim soláthair uisce déag.
- **Fóirdheontas Oibríochta agus Cothabhála:** Tá an fóirdheontas seo iníoctha le costais oibríochta agus chothabhála a bhaineann le conarthaí deartha/tógála/oibrithe “bona fide” do ghrúpscéimeanna a bhfuil a gcuid saoráidí cóireála uisce acu. Rinneadh €412,863.39 a íoc ar an iomlán in 2019 le ceithre ghrúpscéim soláthair uisce deartha/tógála/oibrithe.

Deontais do Thoibreacha Aonair

- Tá an maoiniú do dheontais le haghaidh toibreacha aonair faoi thionchar an éilimh agus tá iarratais á bpróiseáil go fóill. Is é €2,031.58 nó 75% de chostas na hoibre an deontas is mó atá ar fáil. Rinneadh deontais de €16,394.96 ar an iomlán a íoc le deich n-iarratas in 2019 a cuireadh i gcrích.

Deontas Leasúcháin Luaidhe

- Tá scéim deontais ar fáil chun cúnamh a thabhairt do theaghlaigh le seirbhísí nua a chur in áit seirbhísí luaidhe sa bhaile, d’fhonn an teacht faoi lé luaidhe in uisce óil a laghdú. Tá an scéim deontais seo á cur ar bun ag teacht leis an *Straitéis Náisiúnta Luaidhe*.

Tuarascáil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil

Tá príomhfhreagracht ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil as an *bPlean Áitiúil Geilleagrach Pobail 2016-2021*, ó thaobh feidhmiú an phlean a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú de.

Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil ar na dátaí seo a leanas in 2019:

Dáta	Freastal
30 Eanáir	74%
27 Feabhra	63%
17 Aibreán	68%
29 Bealtaine	58%
31 Iúil	68%
11 Meán Fómhair	63%
6 Samhain	68%
11 Nollaig	58%

Íocadh €2,724.50 ar an iomlán sna speansais do chomhaltai earnála in 2019.

Seo a leanas forléargas ar na hearraí a chuir an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil chun cinn in 2019:

- Rinneadh Tuarascáil Dheireadh na Bliana SICAP (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail) 2018 a fhaomhadh. Rinneadh Plean Bliantúil 2019 SICAP a fhaomhadh. Rinneadh Athbhreithniú lárthearma 2019 SICAP a fhaomhadh.
- Tugadh léirithe don Choiste Forbartha Pobail Áitiúil i dtaca le Clár SICAP de.
- Glacadh le Tuarascáil Bhliantúil 2018 an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil ag cruinniú Aibreán 2019 den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil.



- Rinneadh €133,301 a fhaomhadh le haghaidh maoinithe faoin Scéim Feabhsúcháin Phobail 2019. Dámhadh deontais i gcomhair 39 tionscadal.
- Faomhadh €11,189 i gcomhair maoinithe faoi Scéim Bhothán na bhFear 2019. Dámhadh deontais i gcomhair 8 dtionscadal.
- Faomhadh €10,000 le haghaidh 24 Pobal faoi Dheireadh Seachtaine Náisiúnta na bPobal (An Heileo Mór) ar dheireadh seachtaine Saoire Banc na Bealtaine, an 4 go dtí an 6 Bealtaine 2019.
- Monatóireacht ar bhonn leantach ar an bPlean Áitiúil Geilleagrach Pobail.
- Lean fochoistí ar aghaidh lena gcuid oibre i réimsí SICAP, LEADER, chomh maith le measúnú ar iarratais ar scéimeanna deontais.
- Faomhadh €246,050 le haghaidh maoinithe faoin gCiste Éire Fholláin (EF) – Sraith 3 – 2019-2021. Chuimsigh sin maoiniú do Chomhordaitheoir ar EF. 6. Tá 14 ghrúpa ag tabhairt faoi ghníomhartha a chur i gcrích mar chuid de thionscnaimh éagsúla.
- Maoiniú riaracháin LEADER agus maoiniú tionscadal LEADER a mheas agus a fhaomhadh. Rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil €3,092,547.35 a fhaomhadh ar an iomlán do thionscadail LEADER in 2019.
- Bunaíodh fochoiste LEADER chun maoirseacht a dhéanamh ar an Straitéis Forbartha Áitiúil a lean ar aghaidh ag obair i rith 2019.
- Lean fochoiste SICAP ar aghaidh ina chuid oibre in 2019.

Ballraíocht den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil ar an 31 Nollaig 2019.

Colún	Gníomhaireacht / Foras Ainmnithe	Líon na nAinmnithe	Ainm an Ainmní
Statutory Interests 9			
Rialtas Áitiúil	Comhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin	3	An Comhairleoir Laurence Fallon, An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice, An Comhairleoir Donal Kilduff
Oifigigh an Údaráis Áitiúil	Feidhmeannas Chomhairle Contae Ros Comáin	2	An tUasal Eugene Cummins, Príomhfheidhmeannach Louis Ward, Uasal, Ceann OFA
Gníomhaireacht Stáit	Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin	1	Lynne Keery, Uasal
Gníomhaireacht Stáit	An Roinn Coimirce Sóisialaí	1	Antoinette Ryan, Uasal
Gníomhaireacht Stáit	Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte	1	An tUasal Eamon Hannan
Gníomhaireacht Stáit	Teagasc	1	An tUasal Tom Kellegher
